Comhairle Contae Dhún na nGall
GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE
CLIMATE ACTION
Donegal County Council

2024
2029



# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

CARO

# CLÁR ÁBHAR


| | LEATHANACH |
|---|---|
| RÉAMHRÁ | 3 |
| FÍS AGUS MISEAN AN PHLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA hAERÁIDE | 4 |
| FORLÉARGAS AR DHÚN NA nGALL | 5 |
| 1.0 INTREOIR | 8 |
| 2.0 GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE A BHÍONN BUNAITHE AR FHIANAISE | 16 |
| 3.0 ÁR nGNÍOMHARTHA AR SON NA hAERÁIDE | 30 |
| Rialachas agus Ceannaireacht | 36 |
| Iompar | 42 |
| Timpeallacht Thógtha | 48 |
| An Comhshaol/Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | 58 |
| Athléimneacht na bPobal | 64 |
| Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní | 70 |
| 4.0 CRIOSANNA DÍCHARBÓNAITHE | 78 |
| 5.0 CUR CHUN FEIDHME AGUS TUAIRISCIÚ | 100 |
| GLUAIS, GIORRÚCHÁIN & TAGAIRTÍ | 106 |


**Creidmheas Grianghrafadóireachta do Plean Gníomhaíochta Aeráide**
Míle buíochas le Chris Hill, Gareth McCormack, Kevin Murray, Stephen Henderson agus CLG Turasóireachta Dhún na nGall a thug cead do Chomhairle Contae Dhún na nGall a gcuid grianghrafadóireacht a úsáid sa phlean seo.





## TEACHTAIREACHT ÓN CHATHAOIRLEACH
## Cllr MARTIN HARLEY

**Tá lúcháir orm Plean Gníomhaithe Aeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall a thabhairt isteach. Léiríonn an plean seo tiomantas comhchoiteann, ní hamháin do phobal áitiúil Dhún na nGall ach don iarracht dhomhanda dul i ngleic leis an athrú aeráide agus ár dtimpeallacht a chosaint.**

Ní bagairt i bhfad i gcéin é an t-athrú aeráide a thuilleadh; tá a thionchar le brath anseo i nDún na nGall. Ó tharluithe adhaimsire níos minice agus níos déine go hathruithe inár dtírdhreacha nádúrtha, ní féidir na comharthaí a shéanadh. Ach leis na dúshláin seo tagann deiseanna le haghaidh claochlaithe, nuálaíochta agus athrú buan.

Is léiriú é an Plean Gníomhaithe seo ar son na hAeráide ar dhíograis agus ar sheiftiúlacht ár bpobail. Tá sé mar thoradh ar chomhoibriú fairsing i measc pobail áitiúla, saineolaithe, gnólachtaí agus oifigigh na comhairle. Cuimsíonn sé ár bhfís chomhroinnte do thodhchaí inbhuanaithe ina mbeidh rath ar ár dtimpeallacht, bláth ar ár ngeilleagar, agus feabhas leanúnach ar chaighdeán ár mbeatha.


Clúdaíonn ár bplean réimse leathan téamaí, Rialachas agus Ceannaireacht, Iompar, Timpeallacht Thógtha, Comhshaol Nádúrtha agus Bonneagar, Athléimneacht Pobail agus Inbhuanaitheacht & Bainistíocht Acmhainní. Léiríonn sé ár dtiomantas gan aon duine a fhágáil ar lár, ag cinntiú go mbainfidh gach ball dár bpobal tairbhe as ár ngníomhartha aeráide.

Agus muid ag bogadh chun cinn, aithnímid nach mbeidh an turas chuig todhchaí níos inbhuanaithe éasca. Beidh dúshláin le sárú, ach táimid tiomanta dul i ngleic leis an ghéarchéim aeráide. Ní ag freagairt d'éigeandáil dhomhanda amháin atáimid; is ag tógáil todhchaí atáimid dár bpáistí agus dár ngarpháistí.

Gabhaim buíochas leo siúd go léir arb é a gcuid ama, saineolais agus paisin a chruthaigh an plean seo. Le chéile, cuirfimid a fhorálacha i bhfeidhm, déanfaimid monatóireacht ar ár ndul chun cinn, agus rachaimid in oiriúint do riachtanais athraitheacha ár bpobail agus an phláinéid.

Is mór an t-údar misnigh dom a oiread atá ár bpobail rannpháirteach agus ag cuidiú leis an phlean seo a mhúnlú.

Tá ról le himirt ag gach duine againn maidir le todhchaí inbhuanaithe athléimneach a mhúnlú. Le chéile, is féidir linn oidhreacht mhaoirseacht chomhshaoil a chruthú a gcuimhneoidh na glúnta atá le teacht uirthi.





## TEACHTAIREACHT ÓN PHRÍOMH-FHEIDHMEANNACH
## JOHN G. MCLAUGHLIN

**Tá an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an domhan sa lá atá inniu ann. Tá tionchar suntasach aige cheana féin ar ár bpláinéad agus ar ár muintir, agus meastar go rachaidh na tionchair sin in olcas sna blianta amach romhainn.**


Tá ról ríthábhachtach le himirt ag údaráis áitiúla maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Táimid freagrach as réimse leathan seirbhísí agus bonneagair a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar ár lorg carbóin. Chomh maith leis sin, táimid i riocht uathúil chun teagmháil a dhéanamh lenár bpobail agus lenár ngnólachtaí chun cabhrú leo a gcuid astaíochtaí a laghdú.

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ár bhfís do thodhchaí níos inbhuanaithe do Chomhairle Contae Dhún na nGall. Leagtar amach ann an dóigh a bhfuil sé mar aidhm ag an Chomhairle seo astaíochtaí carbóin a laghdú go suntasach faoi 2030 trí shraith spriocanna uaillmhianacha ach indéanta chun ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus athléimneacht a thógáil i leith thionchair an athraithe aeráide.

Tá an plean agus a spriocanna mar thoradh ar chomhairliúchán fairsing lenár bpobail agus lenár bpáirtithe leasmhara. Táimid ag obair go dlúth freisin lenár gcomharsana trasna na teorann i gComhairle Ceantair Dhoire agus an tSratha Báin. D'éist muid lena n-ábhair imní agus lena smaointe go léir, agus tá plean forbartha againn a léiríonn a dtosaíochtaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh le forbairt an phlean seo. Tá mé cinnte go gcuirfidh sé treochlár ar fáil dúinn chun ceantar níos inbhuanaithe a dhéanamh de Dhún na nGall le cónaí ann, cuairt a thabhairt air agus a bheith ag obair ann.





# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE


## IS É ÁR BHFÍS

Dún na nGall a bheith Athléimneach ó thaobh na hAeráide de, Lán Bithéagsúlachta, Inbhuanaithe ó thaobh na Timpeallachta de agus Carbón-Neodrach faoi dheireadh 2050.

## ÁR MISEAN-RÁITEAS

Athrú claochlaitheach agus gníomhú aeráide intomhaiste a chur ar fáil ar fud Chomhairle Contae Dhún na nGall inár n-eagraíocht agus inár seirbhísí féin, tríd an cheannaireacht, an dea-shampla agus an gníomhú a ghríosú ag an leibhéal áitiúil.

# FORLÉARGAS AR DHÚN NA NGALL



ACHAR AN CHONTAE
**4,861 km²**

DAONRA
**167,084**

RLÍONRA BHÓITHRE
**6,334 km**

FAD AN CHÓSTA
**1,132km**

AN SLIABH IS AIRDE
**751m**
Errigal

CÉANNA AGUS CUANTA
**100**

TALMHAÍOCHT
**9,240 farms**
Is é meánmhéid feirme 9,240 feirm ná 28 ha (CSO, 2010). Gaeltacht:935km2" after CSO 2010

NATURA 2000
**26%**
Tá 26% den chontae sainithe chun flora agus fána a chosaint



Comhairle Contae Dhún na nGall
GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE
CLIMATE ACTION
Donegal County Council



# 1

# INTREOIR

# INTREOIR

Leagtar amach i Plean Gníomhaithe Aeráide Údarás Áitiúil (PGAUA) 2024 go 2029 an dóigh a mbeidh Comhairle Contae Dhún na nGall (CCDG) freagrach as athléimneacht aeráide a heabhsú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú, trí úsáid a bhaint as a cuid sócmhainní, seirbhísí sı agus bonneagar féin, a bhfuil sé lán hreagrach ina leith, agus ról nios leithne á léiriú aige fosta maidir leis an dóigh a rachfar i bhfeidhm ar earnálacha eile, a dtacófar leo agus a ndéanfar iad a éascú, lena gcuid spriocanna agus uaillmhianta aeráide féin a bhaint amach. Tá sé seo riachtanach lena chinntiú gur féidir na tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíochá a thagann le gníomhíocht ar son na haeráide a bhaint amach ina n-iomláine.

## 1.1 Riachtanas le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Tá ról tábhachtach ag Údaráis Áitiúla maidir le bearta a sheachadadh idir mhaolúcháin agus oiriúnúchán aeráide. Tá sé seo leagtha amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, ina sonraítear fosta uaillmhian aeráide na hÉireann atá ceangailteach ó thaobh dlí de, chun laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030. Cuirfidh sé seo an tír ar chonair chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi dheireadh 2050. Agus an Plean á ullmhú, chuir an Chomhairle reachtaíocht agus beartais aeráide ábhartha eile, measúnú riosca ar athrú aeráide agus measúnú bonnlíne maolaithe aeráide san áireamh, ar scála Contae, atá curtha isteach mar chuid den Phlean seo.

Ceanglaítear go sonrach leis an Acht um Aeráid (Leasú), 2021 ar gach údarás áitiúil in Éirinn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú agus a dhéanamh, agus spriocanna náisiúnta aeráide agus fuinnimh níos leithne á mbreithniú, agus aghaidh á tabhairt ar bhearta maolaithe agus oiriúnaithe araon:

### MAOLÚ AR AN ATHRÚ AERÁIDE

le hathrú a dhéanamh ar an dóigh a mairimid, a mbogaimid, a n-ídímid agus a monaraímid, d'fhonn táirgeadh gás ceaptha teasa díobhálach a laghdú agus/nó deireadh a chur leis, áirítear ann fosta na bealaí is fearr lenár dtalamh a úsáid; agus



### OIRIÚNÚ DON ATHRÚ AERÁIDE

do dhéileáil le tionchair an athraithe aeráide agus baineann sé le gníomhartha praiticiúla a dhéanamh chun rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus athléimneacht an gheilleagair a neartú (m.sh. tuilte, ardú ar leibhéal na farraige srl).



**Leagtar amach sa Plean Gníomhaíochta Aeráide conair shoiléir do Chomhairle Contae Dhún na nGall chun:**

- beartas aeráide náisiúnta a aistriú go gníomhach chuig cúinsí áitiúla mar aon le tosaíocht agus luasghéarú bearta fianaisebhunaithe;
- cuidiú le cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal pobail; agus
- Crios(anna) Dícharbónaithe (DZnna) a aithint agus a sheachadadh laistigh de limistéar an údaráis áitiúil chun feidhmiú mar leaba/leapacha tástála le haghaidh réimse bearta maolaithe aeráide, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta i limistéar atá sainithe go sonrach, trí thionscadail agus torthaí a shainaithint a chabhróidh leis an chuspóir Aeráide Náisiúnta a chur i gcrích.

Arna chur i gcomhthéacs creat uaillmhianach agus athraitheach maidir leis an mbeartas aeráide náisiúnta, tá CCDG tiomanta go dáiríre do phríomhshruthú an ghníomhaithe ar son na haeráide ar fud a cuid oibríochtaí agus feidhmeanna féin, agus ag an am céanna ról ceannaireachta a shaothrú maidir le gníomhú ar son na haeráide, ag an leibhéal áitiúil.
Léiríonn an PGAUA cur chuige comhleanúnach maidir le gníomhú ar son na haeráide ar fud struchtúr riaracháin agus polaitiúil an údaráis áitiúil. Tá an Plean faoi réir a fhaofa ag Comhaltaí Tofa an údaráis áitiúil, i ndiaidh comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht an phobail. Tacaíonn réimse pleananna eile fosta, ina measc Plean Corparáideach agus Plean Forbartha Contae na Comhairle, leis an PGAUA.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ar an eolas chomh maith faoin Phlean Forbartha Náisiúnta uaillmhianach agus atá ag síorathrú, agus bainistiú agus cothabháil na Sócmhainní seo i gceist amach anseo. Sa seachadadh a dhéanfar ar míreanna den Phlean Forbartha Náisiúnta i gCo Dhún na Gall beidh, inter alia, Tithíocht Shóisialta a thógáil, áiseanna iompair phoiblí agus Taistil Ghníomhaigh, saoráidí cóireála uisce agus dramhuisce, tógáil bóithre agus b'fhéidir iarnród chomh maith, agus nithe eile a mbeidh tionchar acu ar an Aeráid. Beidh ról lárnach ag Reachtaíocht Timpeallachta agus Gníomhú Aeráide maidir leis an dóigh a ndearfar agus a dtógfar na saoráidí seo agus tacóidh an Plean Gnímh Aeráide Áitiúil seo leis an reachtaíocht atá mar bhonn aige.


## 1.2 Ról na Comhairle sa Ghníomhú ar son na hAeráide

Tá cumas faoi leith ag an Chomhairle soláthar a dhéanamh i dtaca le cuid mhór cuspóirí aeráide. Sa dóigh ‘s go mbeidh soiléire maidir lena ról agus a fhreagracht ó thaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide de, tá réimsí agus leibhéil freagrachta sainmhínithe ag an Chomhairle.

Cé go bhfuil ról tábhachtach ag an Chomhairle maidir leis an ghníomhú ar son na haeráide, ní hí atá freagrach as earnálacha eile, ar nós na fiontraíochta agus an ghnó, talmhaíocht, fuinneamh in-athnuaite, iompar srl maidir lena gcuspóirí fein a bhaint amach sa laghdú astaíochtaí mar atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid.

Léirítear i bhFíor 1.1 raon feidhme fhreagracht an údaráis áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Leanfaidh an Chomhairle dá hiarrachtaí fosta tionscadail uaillmhianacha um ghníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm, na foinsí cistiúcháin atá ar fáil a tharraingt anuas, rannpháirtíocht saoránach agus pháirtithe leasmhara a shaothrú, agus iad uile ag tacú le creat beartais forásach. Sheol an Chomhairle Sraith 1 den Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide – Pobail Ísealcharbóin a Thógáil i mí na Nollag 2023. Is ciste é seo de chuid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) le haghaidh údaráis áitiúla ar fud na tíre, chun tacú le pobail ísealcharbóin agus iad a thógáil.




*Fíor1 .1:* Scóip Údaráis Áitiúil ar an Ghníomhú ar son na hAeráide
(Foinse: Treoirlínte na nÚdarás Áitiúil um Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2023)

Tá ceithre phrionsabal i gceist leis an Chreat don Aistriú Cóir, mar atá sé breactha sa Phlean Gnímh don Aeráid 2023:

1. Cur chuige comhtháite, struchtúrtha, bunaithe ar fhianaise chun sainaithint agus pleanáil a dhéanamh dár bhfreagairt do riachtanais an aistrithe chóir.
2. Na scileanna cuí bheith ag daoine a ligfidh dóibh bheith rannpháirteach sa gheilleagar glan-nialasach amach seo, agus sochar a bhaint as.
3. Beidh na costais comhroinnte sa dóigh ‘s go mbeidh an tionchar cothrom agus nach gcuirtear arís leis an neamhchomhionannas atá faoi láthair ann.
4. Comhrá sóisialta lena chinntiú go mbeidh cumas ag saoránaigh agus pobail a bheidh buailte agus go mbeidh siad lárnach sa phróiseas aistrithe.

In aeráid atá ag athrú, is é an aidhm atá ann a bheith níos athléimní i leith na bhféidearthachtaí uile a bheidh ann amach anseo, rud a chuirfidh ar chumas na bpobal áitiúil a bheith rathúil agus oibriú i dtreo fíor-réitigh atá fiúntach, cuimsitheach, cothrom agus inrochtana do chách, agus ar an dóigh sin tús áite a thabhairt d’aistriú cóir.

Tá an Chomhairle ag comhoibriú fosta trí chomhpháirtíocht lenár gcomharsana i dTuaisceart Éireann, go háirithe trí Chreat an Iarthuaiscirt um Ghníomhú ar son na hAeráide a bunaíodh le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin. Éascaíonn an Creat seo comhsheasmhacht cur chuige trí iarrachtaí, eolas agus acmhainní a chomhcheangal ar bhonn trasteorann agus trasearnála chun tionscnaimh agus tionscadail nua a phíolótú sa réigiún agus chun gníomhú ar son na haeráide a chinntiú atá éifeachtúil agus éifeachtach. Sheol CCDG Sraith 1 den Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide i mí na Nollag 2023 ‘Gníomhú Pobail an Oileáin Chomhroinnte’ chun tacú le gníomhú ar son na hAeráide le comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann.




Íomha a sheasann do Chontae Dhún na nGall agus Chontae Thír Eoghain.
Foinse: Creat Gníomhaíochta Aeráide an Iar-Thuaiscirt

## 1.3 Forléargas ar Athrú Aeráide

Creidtear níos mó agus níos mó gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda is tábhachtaí agus is fadtéarmaí lenár linn, tá a thionchar go fóill le brath ar fud an domhain agus sa bhaile. Deimhníonn an Séú Tuarascáil Mheasúnaithe ón Phainéal Idir-Rialtasach aran Athrú Aeráide (IPCC), fianaise ollmhór go bhfuil athrú tagtha ar an aeráid ón ré réamhthionsclaíoch agus gurb iad gníomhaíochtaí an duine, trí astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCTanna), is mó is cúis leis an athrú sin. Deir sé gur gníomhaíochtaí daonna is cúis leis an téamh domhanda, agus go sroichfidh teochtaí dromchla domhanda 1.1°C os cionn 1850-1900, sa tréimhse 2011-2020.

Athdhearbhaíonn aeráid na hÉireann an ráiteas sin. I bhFíor 1.2 cuirtear teochtaí na hÉireann i gcomparáid leis an ardú teochta domhanda ó 1900 i leith. Tá Éire ag teacht le méaduithe teochta an domhain, i ndiaidh 2022, ar bhliain í ina raibh tarluithe adhaimsire nár taifeadadh riamh, i gcúrsaí teochta agus frasaíochta (fearthainn) araon. Dúirt Met Éireann gurb í 2022 'an bhliain is teo ar taifead'. D'fhágfadh sé sin go mbeadh teocht na hÉireann os cionn an mheáin fhadtéarmaigh don 12ú bliain as a chéile. Ina theannta sin, in 2022 chonacthas teochtaí nár braitheadh riamh in Éirinn i rith an tsamhraidh, inar taifeadadh an dara teocht is airde riamh a taifeadadh in Éirinn ag 33°C.




*Fíor 1.2 Oileán na hÉireann 1900-2022 Aimhrialtachtaí Teochta (°C) (difríocht ó 1961-1990)*
(Foinse Met Éireann)

Athdhearbhaítear é seo sna breathnuithe frasaíochta ó 2022, mar ar taifeadadh fearthainn faoi bhun an mheáin fhadtéarmaigh i bhformhór na stáisiún. Bhí éagsúlacht san fhearthainn i rith 2022, agus bhí tarluithe adhaimsire le brath i ngach ceann de na séasúir, rud a d'fhág go raibh Samhradh agus Earrach níos tirime ann, agus Fómhar agus Geimhreadh níos fliche.

Tháinig méadú 20 cm ar mheánleibhéal domhanda na farraige idir 1901 agus 2018. Tá an treocht i meán-ardú domhanda ar leibhéal na farraige ag ardú go seasta ó 1901. Go dtí seo tá ardú den chineál céanna tagtha ar leibhéal na farraige thart ar Éirinn ag 2-3 mm ar an meán in aghaidh na bliana. Mar thoradh ar théamh aeráide, tá ardú tagtha ar leibhéal na farraige, trí chailleadh oighear farraige agus trí leathnú teirmeach (an méadú ar thoirt an uisce mar gheall ar théamh) mar thoradh ar théamh an aigéin.

D'fhulaing Éire drochthionchair aeráide cheana féin agus léirigh teagmhais adhaimsire le deireanas leochaileacht daoine aonair, ghnólachtaí, phobail, earnálacha agus bhonneagair i leith an athraithe aeráide, agus leagann sé sin béim ar an ghá le gníomhú ar bhonn práinne ar son na haeráide i ngach earnáil den tsochaí.

Mar shampla, d'fhág stoirmeacha ar nós Arwen agus Barra in 2021 go háirithe, 59,000 teach agus gnó gan chumhacht (Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2023). Is minic a chuireann drochthionchair an athraithe aeráide le dúshláin shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha níos leithne. D'fhéadfadh sé seo leochaileacht agus íogaireacht a mhéadú i leith aeráide atá ag athrú agus adhaimsir aeráide.

Bunaithe ar athruithe a breathnaíodh ar an aeráid agus ar a tionchair, tá Met Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus eolaithe aeráide eile in ann réamh-mheastacháin láidre a dhéanamh ar phatrúin aeráide amach anseo in Éirinn agus ar fud an domhain. D'fhoilsigh an GCC, Foras na Mara agus Met Éireann Tuarascáil Aeráide na hÉireann i mí Iúil 2021. Is féidir réamh-mheastacháin aeráide amach anseo do Chomhairle Contae Dhún na nGall a achoimriú mar seo a leanas:

- Léiríonn réamh-mheastacháin aeráide go leanfaidh na treochtaí aeráide a breathnaíodh le céad bliain anuas ar aghaidh agus go dtreiseoidh siad sna blianta amach romhainn;
- Tá teochtaí ag méadú agus táthar ag meas go leanfaidh siad orthu ag méadú agus i ngach séasúr;
- Táthar ag meas go mbeidh laghduithe suntasacha ar leibhéil mheánfhrasaíochta (fearthainn) san Earrach agus sa Samhradh, agus léiríonn réamh-mheastacháin go mbeidh méadú ar theagmhais fhoircneacha frasaíochta, go háirithe i rith an Gheimhridh;
- Is beag athrú atá tagtha ar mheánluas agus ar threo na gaoithe de réir réamh-mheastacháin. Meastar go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht na ndálaí foircneacha gaoithe, go háirithe i rith an Gheimhridh;

- Bunaithe ar threochtaí reatha, beidh ardú ar leibhéal na farraige i nDún na nGall, cosúil leis an mhéid atá feicthe go dtí seo. Tá Dún na nGall an-leochaileach d'ardú leibhéal na farraige, mar gheall ar a chósta fairsing agus an líon mór den daonra atá i ndiaidh cur fúthu ar an chósta;
- Méaduithe ar mhinicíocht tuile srutha (abhainn) agus báistiúil (uisce dromchla);
- Méaduithe ar mhinicíocht agus ar dhéine tuile agus creimeadh cósta;
- Méaduithe ar mhinicíocht agus ar dhéine thonnta teasa an tsamhraidh, teochtaí foircneacha agus triomach;
- Laghduithe ar mhinicíocht seaca agus titim sneachta; agus
- Méadú ar fhad an tséasúir fháis (timthriall feineolaíoch).

Is féidir staid aeráide na hÉireann sa lá atá inniu ann agus an chuma a thiocfadh a bheith uirthi amach anseo a thabhairt le chéile in aon chonclúid shimplí amháin. Tá aeráid na hÉireann athraithe i gcomparáid leis na 1900í, níl aon amhras ach go bhfuil sí i ndiaidh téamh ar aon dul le teochtaí domhanda, rud a fhágann go bhfuil raidhse tionchar ann a bhaineann le haeráid níos teo agus le himeachtaí aimsire níos foircní.

## 1.4 Comhthéacs an Bheartais Aeráide

Tugtar spreagadh do ghníomhú ar son na haeráide leis an fhianaise eolaíoch a thacaíonn le torthaí thionchar an duine ar an athrú aeráide agus leis an chonradh idirnáisiúnta is deireanaí atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir leis an athrú aeráide, ina leagtar amach an creat le haghaidh freagairtí beartais uaillmhianacha agus neartaithe, Comhaontú Pháras 2015. Dá bhrí sin, tá an PGAUA á cheapadh laistigh de chomhthéacs níos leithne beartas aeráide idirnáisiúnta, AE, náisiúnta agus earnála. Léirítear é sin i bhFíor 1.3.


### 1.4.1 Beartas Idirnáisiúnta um Athrú Aeráide

Aithníodh go bhfuil gá le comhar agus le huaillmhian ag an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic go rathúil leis an athrú aeráide. Ó bunaíodh Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in 1994, tá tíortha ag iarraidh comhar idirnáisiúnta a thógáil chun an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú agus chun déileáil le tionchair an athraithe aeráide, a eascraíonn as na méaduithe teochta sin.

Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, síníodh Comhaontú Pháras 2015 ag Comhdháil na bPáirtithe 21 (COP21). Is conradh idirnáisiúnta ar athrú aeráide é Comhaontú Pháras 2015 atá ceangailteach ó thaobh an dlí de, a shínigh gach ceann den 196 ballstát, Éire san áireamh, agus a tháinig i bhfeidhm an 4 Samhain 2016.

Trí dhá sprioc atá sainithe go soiléir, féachann Comhaontú Pháras le gníomhú ar son na haeráide ar bhonn forásach agus uaillmhianach le himeacht ama chun athrú contúirteach aeráide a sheachaint trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Méaduithe ar mheánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2°C agus iarrachtaí a dhéanamh leis an méadú teochta a theorannú go 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch; agus
- Cur leis an chumas dul in oiriúint do dhrochthionchair an athraithe aeráide agus athléimneacht aeráide a chothú.




*Fíor 1.3:* Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais don Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (Foinse: Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide)

Comhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil dlúthbhaint aige le Comhaontú Pháras is ea Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2015. Ag croílár an Chláir Oibre tá 17 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna). Tá sé mar aidhm ag na spriocanna seo "deireadh a chur leis an bhochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus saol agus ionchais gach duine a fheabhsú, i ngach áit." Tá 169 sprioc sna 17 SFI atá le baint amach faoi 2030. In 2019, d'iarr ceannairí an domhain go ndéanfaí 'deich mbliana ghníomhaíochta' chun na Spriocanna a bhaint amach laistigh den tréimhse ama sin. Tugtar aghaidh ar na SFInna i Roinn 6 den Phlean seo fosta.

I dtreo laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach mar chuid de ghealltanais Chomhaontú Pháras, d'fhógair an Coimisiún Eorpach, i mí na Nollag 2019, an Comhaontú Glas don Eoraip arb é is aidhm dó an chéad ilchríoch aeráidneodrach a dhéanamh den Eoraip. Tá sé mar aidhm ag an chomhaontú nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus gan aon duine a fhágáil ar lár. Thug an tAontas sraith tograí isteach chun beartais aeráide, chánachais, fuinnimh agus iompair an AE a ailíniú chun cabhrú leis an aidhm sin a bhaint amach. Tríd an Dlí Aeráide Eorpach, d'éirigh na spriocanna sin ceangailteach ó thaobh dlí de, agus cuimsíonn sé fosta laghdú 55% ar a laghad a bhaint amach ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030.

### 1.4.2 Beartas um Athrú Aeráide in Éirinn

Léiríonn beartas athraithe aeráide in Éirinn uaillmhian an AE anois agus an méid is gá chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide. Ag obair i dtreo an Chuspóra Aeráide Náisiúnta, cuireann an tAcht Aeráide (Leasú), 2021, geilleagar agus sochaí inbhuanaithe chun cinn ina ndéantar astaíochtaí GCT a chothromú nó a shárú trí GCT a a bhaint. Trí bhuiséid charbóin fhorásacha ar fud an gheilleagair, uasteorainneacha earnála, sraith straitéisí a cheaptar chun meascán de bhearta oiriúnaithe agus maolaithe a chur chun cinn, chomh maith le socruithe láidre maoirseachta agus tuairiscithe, tá an beartas aeráide ag obair chun iarrachtaí a mhéadú ar fud na sochaí uile agus chun athrú ó bhonn a dhéanamh i leith gníomhú aeráide uaillmhianach agus claochlaitheach go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin go dtí 2050.

Is é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, a seoladh an 21 Nollaig 2022, an dara nuashonrú bliantúil ar Phlean Gníomhaithe Aeráide an Stáit 2019 agus an chéad cheann a ullmhófar faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus i ndiaidh buiséid charbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála ar fud an gheilleagair a thabhairt isteach in 2022. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 treochlár do 2025 i dtreo gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú faoina leath faoi 2030 agus neodracht a bhaint amach, tráth nach moille ná deireadh 2050, mar a gealladh i gClár an Rialtais.

D'fhoilsigh Éire a céad Chreat Náisiúnta um Oiriúnú (CNO) in 2018, ina leagtar amach an comhthéacs lena chinntiú gur féidir le príomhearnálacha agus údaráis áitiúla measúnú a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus ar na leochaileachtaí a bhaineann leis an athrú aeráide, gníomhaíochtaí atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur i bhfeidhm, agus a chinntiú go ndéantar breithnithe oiriúnaithe aeráide a phríomhshruthú i gceapadh beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Leagtar amach i straitéis reatha na hÉireann, Straitéis Fhadtéarmach um Laghduithe ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa conairí táscacha, i ndiaidh 2030, i dtreo neodracht charbóin a bhaint amach d'Éirinn faoi 2050. Cuireann an Straitéis leis na conairí dícharbónaithe atá leagtha síos ag na buiséid charbóin, na huasteorainneacha astaíochtaí earnála agus an Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, chun beartas aeráide comhleanúnach agus éifeachtach a chinntiú. Tá anailís ar roghanna aistrithe ar fud gach príomhearnála den gheilleagar mar bhonn faoi agus soláthraíonn sé nasc ríthábhachtach idir spriocanna aeráide na hÉireann do 2030 agus an sprioc fhadtéarmach atá leagtha síos ag Cuspóir Aeráide Náisiúnta na hÉireann agus ag Dlí Aeráide na hEorpa.

Foilsíodh Pleananna Earnála um Oiriúnú Aeráide ar fud ranna Rialtais, mar fhreagairt ar an Chreat Náisiúnta um Oiriúnú. Sainaithnítear i ngach Plean na príomhrioscaí atá le sárú ar fud na hearnála agus an cur chuige atá á ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus athléimneacht aeráide a thógáil don todhchaí. Forbraíodh iad ag cur próiseas pleanála oiriúnaithe sé chéim i bhfeidhm a bhfuil cur síos air i dTreoirlínte Pleanála Earnála um Oiriúnú d'Athrú Aeráide, a d'fhoilsigh RCAC. Tugtar aghaidh sna Pleananna ar na hearnálacha seo a leanas: Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Líonraí Leictreachais agus Gáis, Líonraí Cumarsáide, Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce agus Sláinte.

Léiríonn Cairt na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, a shínigh Comhairle Contae Dhún na nGall i mí Dheireadh Fómhair 2019, tiomantas chun iarrachtaí a mhéadú agus ról lárnach a ghlacadh go háitiúil agus go náisiúnta maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a chur i gcrích. Cuireann sé de chúram ar gach údarás áitiúil ceannaireacht láidir a thabhairt maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ag an leibhéal réigiúnach agus ag an leibhéal áitiúil, cloí le SFInna na Náisiún Aontaithe, go háirithe Sprioc 13 Gníomhú ar son na hAeráide, chomh maith le hastaíochtaí óna n-oibríochtaí féin a laghdú agus comhoibriú agus comhpháirtíocht a dhéanamh le fiontair áitiúla, grúpaí pobail, saoránaigh agus earnálacha poiblí, príobháideacha agus oideachais maidir le tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide.

Is é Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Chur i gCrích 2030 (DECA 2030) straitéis an rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide a foilsíodh i mí Aibreáin 2021. Is ionann an straitéis agus tiomantas earnála

uileghabhálach do chur chuige comhleanúnach a chinntiú maidir le gníomhú ar son na haeráide ar fud struchtúir riaracháin agus pholaitiúla an 31 údarás áitiúil uilig. Ag leibhéal earnála, cuireann an straitéis rún straitéiseach ginearálta in iúl trí phost ceannaireachta atá beartaithe, chun líonra na n-údarás áitiúil a fhostú i ngníomhú éifeachtach ar son na haeráide. Laistigh den earnáil, is ionann an straitéis fhoriomlán agus comhdhearcadh ardleibhéil maidir leis an chur chuige i leith gníomhaithe ar son na haeráide agus tiomantas láidir don ról ceannaireachta forordaithe. Is treochlár sonraithe í an straitéis d'údaráis áitiúla chun na freagairtí dícharbónaithe agus oiriúnaithe riachtanacha ar an athrú aeráide a thabhairt.

### 1.4.3 Pleanáil na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide

Neartaíonn plean gníomhaithe aeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall na naisc idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus seachadadh gníomhú éifeachtach ar son na haeráide ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an phobail, trí ghníomhú aeráide áitbhunaithe. Is é luach intreach an phlean Gníomhaithe ar son na haeráide go bhfuil ról suntasach aige maidir le tiomantas na hearnála rialtais áitiúil a threisiú chun gníomhú ar son na haeráide ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta, mar a léirítear i straitéis an rialtais áitiúil DECA 2030. Le linn a ullmhúcháin agus a chur chun feidhme, tugann plean gníomhaithe aeráide na Comhairle an deis páirtithe leasmhara ríthábhachtacha a thabhairt le chéile ar fud na bpobal agus na ngnólachtaí chun fís a thógáil do thodhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

Tá CCDG agus údaráis áitiúla eile ar fud na hÉireann suite go maith cheana féin ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide in Éirinn. Tá ról suntasach ag CCDG maidir le bearta oiriúnaithe agus maolaithe a dhéanamh ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an phobail lena n-áirítear an comhoibriú trasteorann le hÚdaráis Aitiúla atá buailte linn i dTuaisceart Éireann.

Tá sé de chúram orainn oibriú trínár bhfeidhmeanna rialála agus straitéiseacha chun na spriocanna agus an beartas aeráide náisiúnta uaillmhianach a chur i bhfeidhm ag leibhéil áitiúla, chun cabhrú leis an chuspóir Aeráide Náisiúnta a fhíorú.

Tá an PGAUA seo mar chuid d'iarrachtaí fadtéarmacha a dteastaíonn freagairt leanúnach agus phleanáilte uathu chun tacú le fíorú an chuspóra aeráidneodrachta ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an phobail. Cuireann an sé meicníocht ar fáil chun gníomhartha oiriúnaithe agus maolaithe araon a thabhairt le chéile chun cabhrú le gníomhú agus torthaí dearfacha ar son na haeráide a chur chun cinn ar fud an údaráis áitiúil agus a limistéir riaracháin. Le creat na ngníomhartha ar son na haeráide a leagtar síos laistigh den phlean, cumraítear socrú na ngníomhartha ar son na haeráide laistigh deUllmhaíodh an Plean seo de réir Threoirlínte Phlean Gníomhaithe Aeráide na nÚdarás Áitiúil, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i Márta 2023. struchtúr sainithe a chinntíonn ailíniú idir na gníomhartha ar an talamh agus an fhís ardleibhéil atá an plean ag iarraidh a fhíorú.

Ullmhaíodh an PGAUA seo de réir Threoirlínte Phlean Gníomhaithe Aeráide na nÚdarás Áitiúil, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i Márta 2023.

## 1.5 Struchtúr an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Tá aird iomlán tugtha sa PGAUA ar bheartas agus ar reachtaíocht idirnáisiúnta agus náisiúnta maidir leis an athrú aeráide chomh maith leis an eolas is deireanaí ar leibhéil reatha an athraithe aeráide chomh maith lena thionchair agus a réamh-mheastacháin don todhchaí. Agus toradh an phróisis sin á léiriú, leagtar amach an PGAUA seo ina cheithre chuid.

Ar an chéad dul síos, cuirtear i láthair an bonn fianaise a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoi ghníomhú ar son na haeráide laistigh de limistéar dlínse Chomhairle Contae Dhún na nGall, ina measc rioscaí athraithe aeráide agus próifíl bhonnlíne astaíochtaí.

Ar an dara dul síos, leagtar amach sa Phlean a chreat do ghníomhú ar son na haeráide ina measc Fís, Misean, Spriocanna Straitéiseacha, Cuspóirí agus Gníomhartha.

Díríonn an tríú cuid ar Chriosanna Dícharbónaithe Chomhairle Contae Dhún na nGall, Carn Domhnach agus An Fál Carrach/Gort an Choirce.

Leagtar amach sa chuid deiridh den PGAUA cur chuige na Comhairle maidir le gníomhartha a chur i bhfeidhm, dul chun cinn a thomhas, méadracht a úsáid chomh maith leis an dóigh a dtabharfaidh an Chomhairle tuairisc ar ghníomhartha thar shaolré an Phlean.





Comhairle Contae Dhún na nGall
GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE
CLIMATE ACTION
Donegal County Council



# 2

# GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE ATÁ BUNAITHE AR FHIANAISE

# GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE ATÁ BUNAITHE AR FHIANAISE

## 2.1 An Tábhacht atá le Pleanáil um Ghníomhú ar son na hAeráide atá Bunaithe ar Fhianaise

Athdheimhníonn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (PGA 23) conairí astaíochtaí d'Éirinn atá leagtha amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 - chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoi 2030 agus neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2050. I measc na spriocanna ábhartha d'Údaráis Áitiúla tá:

Caithfidh Údaráis Áitiúla a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoi 2030, i gcomparáid le bonnlíne 2009 (nó roimhe sin).

Caithfidh údaráis áitiúla a n-astaíochtaí téimh agus iompair a laghdú faoi 51% faoi 2030, i gcomparáid le bonnlíne 2018.

Go náisiúnta, caithfear astaíochtaí GCT a laghdú faoi 51% faoi 2030 i gcomparáid le bonnlíne 2018 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 - tá oibleagáid ar Údaráis Áitiúla faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 pleananna a chur ar fáil atá ag cur leis an sprioc sin.

Tá pleanáil ghníomhaithe ar son na haeráide atá bunaithe arfhianaise ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha agus chasta an athraithe aeráide. Tá sí riachtanach do chinnteoireacht eolasach, leithdháileadh éifeachtúil acmhainní, bearta éifeachtacha maolaithe agus oiriúnaithe, rannpháirtíocht phoiblí, comhoibriú idirnáisiúnta, agus meastóireachtleanúnach. Trína bheithagbrath ar fhianaise eolaíoch agus ar shonraí, is féidir le lucht déanta beartas straitéisí láidre éifeachtacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha an athraithe aeráide.

Is é atá i gceist leis sin straitéisí agus beartais a fhorbairt bunaithe ar fhianaise eolaíoch, sonraí agus anailís chun astaíochtaí GCT a mhaolú go héifeachtach, oiriúnú do thionchair aeráide, agus forbairt inbhuanaithe a chothú.

**Tuiscint chruinn ar an fhadhb:** Is ceist ilghnéitheach é an t-athrú aeráide a bhfuil iarmhairtí forleathana aici. Cinntíonn pleanáil fhianaisebhunaithe go mbíonn rochtain ag cinnteoirí ar an taighde agus ar na sonraí eolaíocha is cothroime le dáta, rud a ligeann dóibh na cúiseanna, na tionchair agus na réitigh fhéideartha a bhaineann leis an athrú aeráide a thuiscint. Cabhraíonn sé le mífhaisnéis, sceipteachas agus cinnteoireacht nach bhfuil bonn eolais fúithi a sheachaint.

**Leithdháileadh éifeachtúil acmhainní:** Is minic a bhíonn infheistíochtaí suntasacha i mbonneagar, i dteicneolaíochtaí agus i mbeartais i gceist le pleanáil um ghníomhú ar son na haeráide. Le cur chuige fianaisebhunaithe, is féidir acmhainní teoranta a chur in ord tosaíochta agus a leithdháileadh go héifeachtúil. Trí shonraí agus fianaise a bhreithniú, is féidir le lucht déanta beartas na gníomhartha is éifeachtaí agus is costéifeachtúla a shainaithint, as a dtiocfaidh an úsáid is fearr agus is féidir as acmhainní agus tionchar na dtionscnamh aeráide a uasmhéadú.

**Bearta maolaithe éifeachtacha a shainaithint:** Le pleanáil fhianaisebhunaithe, is féidir na bearta maolaithe is éifeachtaí agus is indéanta a shainaithint chun astaíochtaí GCT a laghdú. Is é atá i gceist leis sin, meastóireacht a dhéanamh ar na tairbhí agus ar na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag straitéisí, teicneolaíochtaí agus idirghabhálacha beartais éagsúla, rud a ligeann do chinnteoirí na roghanna a thogradh a thugann na laghduithe astaíochtaí is mó agus comhthéacsanna agus srianta áitiúla á mbreithniú ag an am céanna.

**Bonn eolais a chur faoi straitéisí oiriúnaithe:** Tá oiriúnú don athrú aeráide riachtanach chun tionchair ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid a íoslaghdú agus chun pobail, éiceachórais agus earnálacha eacnamaíocha leochaileacha a chosaint. Cuidíonn pleanáil fhianaisebhunaithe leis na rioscaí agus na leochaileachtaí sonracha a bhaineann leis an athrú aeráide a shainaithint, rud a threoraíonn forbairt bearta oiriúnaithe iomchuí. Cinntíonn sé go bhfuil gníomhaíochtaí oiriúnaithe curtha in oiriúint do dhálaí áitiúla, bunaithe ar mheasúnuithe eolaíocha láidre.

**Muinín agus rannpháirtíocht an phobail a chothú:** Cuireann pleanáil um ghníomhú ar son na haeráide a bhíonn bunaithe ar fhianaise feabhas ar thrédhearcacht, cuntasacht agus muinín an phobail. Trína bheith ag brath ar fhianaise eolaíoch fhónta, is féidir le lucht déanta beartas a léiriú go bhfuil a gcinntí bunaithe ar anailís dhian seachas ar roghanna pearsanta nó polaitiúla. Cothaíonn sé sin tacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail, rud a éascaíonn cur i bhfeidhm beartais agus tionscnaimh aeráide.

**Comhar Áitiúil, Réigiúnach, Náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascú:** Is saincheist dhomhanda é an t-athrú aeráide a éilíonn comhghníomhaíocht. Soláthraíonn pleanáil fhianaisebhunaithe teanga choiteann agus bunús don chomhar idirnáisiúnta. Cuireann sé ar chumas tíortha sonraí, taighde agus dea-chleachtais a roinnt, comhoibriú a éascú agus cineálacha cuir chuige chomhordaithe a fhorbairt chun dul i ngleic leis an athrú aeráide ar gach scála.


Monatóireacht agus meastóireacht: Tacaíonn pleanáil fhianaisebhunaithe le monatóireacht agus le meastóireacht leanúnach ar ghníomhartha aeráide. Trí spriocanna intomhaiste a leagan síos, sonraí a bhailiú, agus measúnú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn, is féidir le cinnteoirí éifeachtacht a straitéisí agus a mbeartais a mheas. Ceadaíonn an lúb aiseolais seo coigeartuithe agus feabhsuithe, rud a chinntíonn go mbeidh gníomhaíochtaí ailínithe leis an tuiscint atá ag teacht chun cinn ar an athrú aeráide.

## 2.2 Measúnú Riosca Chomhairle Contae Dhún na nGall ar Athrú Aeráide

I nDún na nGall, tá dúshláin ag baint leis an athrú aeráide ar go leor bealaí, ó mhinicíocht mhéadaithe na dtuilte, agus dóchúlacht bhreise go mbeidh teas mór ann. Tugtar sa rannán seo measúnú ar rioscaí agus ar thionchair athrú aeráide do Chontae Dhún na nGall.

Ar fud an domhain, tá athrú tagtha ar phatrúin aimsire le blianta beaga anuas. Tá méadú tagtha ar líon na n-eachtraí adhaimsire atá ag tarlú ar fud an domhain. In 2023, thaifead Éire an mhí Iúil ba fhliche ar taifead agus bhí tonn teasa i gcontaetha dheisceart na hEorpa. Tá patrúin aimsire ag athrú, agus is cosúil go bhfuil luas an ráta athraithe ag géarú. Ní haon eisceacht iad Éire ná Dún na nGall ó thaobh na dtreochtaí domhanda de.

Tá achoimre ar na príomhathruithe aeráide agus aimsire in Éirinn agus i nDún na nGall le feiceáil thíos léirithe i bhFíor 2.1.




**Fíor 2.1 –** Buaicphointí maidir leis an Athrú Aeráide atá Sainaitheanta d'Éirinn agus do Dhún na nGall
*Foinse:* KPMG, Measúnú Riosca Chomhairle Contae Dhún na nGall ar Athrú Aeráide, 2023.

Measúnú Riosca Athraithe Aeráide (CCRA) an mhodheolaíocht a úsáideadh sa PGAUA seo chun measúnú a dhéanamh ar imeachtaí adhaimsire agus aeráide roimhe seo i nDún na nGall agus forbairt a dhéanamh ar bhonnlíne tionchair aeráide ónar féidir réamhfhaisnéis a fháil faoi thionchair amach anseo.Rinneadh staidéar ar an tréimhse imeachtaí aimsire 1973-2022.

Rinneadh forbairt ar phróifíl guaiseanna aeráide agus úsáideadh sin chun breithniú a dhéanamh faoi rioscaí amach anseo do Dhún na nGall, ag iarraidh a minicíocht, a ndéine a dhéanamh amach agus sainchodanna de Dhún na nGall a aithint a bheadh buailte. Measúnú cáilíochtúil é seo ónar sainaithníodh gníomhaíochtaí maolúcháin a laghdaíonn/mhaolaíonn agus a bhainistíonn na rioscaí seo.

Rinne Oifig Réigiúnach Gníomhaithe Aeráide (CARO) don Chósta Atlantach Thuaidh (ASBN) teagmháil le Consultants KPMG Sustainable Futures chun tabhairt faoi Mheasúnú Riosca Athraithe Aeráide (CCRA) de réir "Aguisín Teicniúil B – Measúnú Riosca Athraithe Aeráide na dTreoirlínte Pleanála Athraithe Aeráide na nÚdarás Áitiúil."

### 2.2.1 Próifíl na Guaise Aeráide a Fhorbairt

Tugann próifíl na guaise aeráide forléargas ar ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid agus leis an aimsir a raibh tionchar acu ar Chontae Dhún na nGall. Rinneadh nuashonrú ar an phróifíl a forbraíodh trí Straitéis Oiriúnaithe Aeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall (2019) de réir na taithí a fuarthas ar na mallaibh ar adhaimsir agus ar athraitheacht aeráide.

### 2.2.2 Minicíocht na nGuaiseacha Aeráide

Rinneadh measúnú ar mhinicíocht na nguaiseacha aeráide a aithníodh tríd an phróifíl bunaithe ar anailís ar imeachtaí roimhe seo agus aiseolas ó fhoireann Chomhairle Contae Dhún na nGall.

| Cineál Guaise | Minicíocht Reatha | Cur síos |
|---|---|---|
| Tonn teasa | Coitianta | Tarlaíonn sé uair amháin i dtréimhse 2 go 10 bliain |
| Triomach | Ó am go chéile | Tarlaíonn sé uair amháin i dtréimhse 10 go 100 bliain |
| Seal fuar | Ó am go chéile | Tarlaíonn sé uair amháin i dtréimhse 10 go 100 bliain |
| Titim sneachta trom | Coitianta | Tarlaíonn sé uair amháin i dtréimhse 2 go 10 bliain |
| Stoirm ghaoithe throm | Go minic | Tarlaíonn sé uair amháin i dtréimhse 1 go 2 bhliain |
| Tuilte Cósta | Coitianta | Tarlaíonn sé uair amháin i dtréimhse 2 go 10 bliain |
| Creimeadh Cósta | Coitianta | Tarlaíonn sé uair amháin i dtréimhse 2 go 10 bliain |
| Tuilte Báistiúla | Coitianta | Tarlaíonn sé uair amháin i dtréimhse 2 go 10 bliain |
| Tuile Abhann | Coitianta | Tarlaíonn sé uair amháin i dtréimhse 2 go 10 bliain |

Foinse: KPMG, Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall, 2023.

### 2.2.3 Modheolaíocht Mheasúnaithe Riosca ar Athrú Aeráide

Tá na céimeanna chun tabhairt faoin mheasúnú cáilíochtúil seo, ónar féidir na rioscaí reatha a mheasúnú agus rioscaí amach anseo go dtí 2050, a thuar thíos:

| | |
|---|---|
| **CÉIM 1:** RIOSCAÍ AGUS TIONCHAIR AERÁIDE REATHA | • Próifíl na nguaiseacha aeráide a fhorbairt |
| | • Minicíocht ghuaiseacha aeráide a thréithriú |
| | • Nochtadh, leochaileacht agus tionchair do Dhún na nGall |
| | • Measúnú tionchair (seachadadh seirbhíse) |
| | • Maitrís riosca aeráide reatha |
| **CÉIM 2:** RIOSCAÍ AGUS TIONCHAIR AERÁIDE AMACH ANSEO | • Measúnú ar athruithe amach anseo ar mhinicíocht agus ar dhéine ghuaiseacha aeráide |
| | • Athruithe ar nochtadh agus ar leochaileacht amach anseo a mheas |
| | • Guaiseacha atá ag teacht chun cinn agus riosca aeráide féideartha amach anseo a mheas |
| | • Maitrís riosca aeráide amach anseo |
| | • Measúnú neamhchinnteachta |

Baineadh úsáid as an eolas bonnlíne chun scrúdú a dhéanamh ar na tionchair ar sholáthar seirbhísí ag an Chomhairle agus forbraíodh maitrís riosca aeráide reatha ansin bunaithe ar mhinicíocht na guaise agus ar an leibhéal tionchair a bhaineann leis atá le feiceáil cheana féin i nDún na nGall.

### 2.2.4 Nochtadh, Leochaileacht agus Tionchair do Chontae Dhún na nGall

Tá Contae Dhún na nGall nochta d'imeachtaí tonn teasa (a shainítear mar 5 lá as a chéile le teochtaí >25ºC) thar an tréimhse 1973-2022 le réimse leathan tionchair ar fud an chontae. Baineann an tionchar is suntasaí agus is costasaí le dromchlaí bóthair a dheisiú agus a chothabháil agus freagairt do thinte neamhrialaithe. Chomh maith leis sin, bhí triomach i gContae Dhún na nGall le linn na tréimhse mar a léirigh na heachtraí triomaigh in 2007 agus i mí Iúil 2018.

Bíonn sealanna fuara i gContae Dhún na nGall ó am go chéile agus imeachtaí troma sneachta ar bhonn comónta agus tuairiscíodh imeachtaí suntasacha ar fud an chontae in 2009, 2010 agus 2018. Bíonn tionchair fhairsinge ag na himeachtaí sin ar fud an chontae, ina measc cur isteach ar bhealaí iompair, damáiste d'fhoirgnimh, agus costais shuntasacha dheisiúcháin agus chothabhála.

Bhí contae Dhún na nGall nochta go minic do stoirmeacha gaoithe le linn na tréimhse 1973-2022, samplaí suntasacha is ea Stoirmeacha Ali, Barra, Desmond agus Eunice. Tá tionchair le feiceáil ar fud an chontae agus baineann siad go príomha le cur isteach ar líonraí iompair, leictreachais agus cumarsáide. Bíonn rioscaí sláinte agus sábháilteachta mar thoradh ar stoirmeacha gaoithe tromchúiseacha fosta, m.sh. a bhaineann le titim crann.

Tá Contae Dhún na nGall nochta do stoirmeacha cósta agus mar thoradh air sin tarlaíonn bá i bpobail cois cósta. Tarlaíonn tuilte go minic agus go timthriallach i roinnt ceantar. Tá 1,235km de chósta i gContae Dhún na nGall (1,031km ar tír mór, 204km sna hoileáin). Is cósta bog é 240km den mhéid sin, agus meastar go bhfuil 130km de sin i mbaol.

Maidir le Contae Dhún na nGall sa tréimhse 1973-2022, tharla tuilte báistiúla agus abhann ar bhonn coitianta. Bhí tionchar ag tuilte fánacha ar Chontae Dhún na nGall arís agus arís eile le fiche bliain anuas (m.sh. 2002, 2008,2009, 2015-16, 2019 agus 2022) Bíonn tionchar leathan ag na himeachtaí sin ar fud an chontae, ina measc cur isteach ar bhealaí iompair, damáiste d'fhoirgnimh, slite beatha agus tionchair chomhshaoil. Is iad na tionchair is suntasaí a bhíonn ag tuilte báistiúla an damáiste díreach d'fhoirgnimh agus do bhonneagar agus spreagadh truailleán.

### 2.2.5 Tionchair ar Sheachadadh Seirbhíse Chomhairle Contae Dhún na nGall

Bíonn tionchair éagsúla ag tonnta teasa agus ag triomach ar sholáthar seirbhísí CCDG. Baineann na príomhthionchair le riachtanais mhéadaithe chothabhála agus dheisiúcháin dromchlaí bóthair agus brú méadaithe ar fhreagairt éigeandála mar gheall ar mhinicíocht mhéadaithe dóiteáin neamhrialaithe. Chuir leibhéil laghdaithe an tsoláthair uisce mar gheall ar dhálaí triomaigh brú breise ar fhoireann an Údaráis Áitiúil atá ag obair faoin Mór-Chomhaontú Comhoibrithe le hUisce Éireann. Ina theannta sin, bíonn míshuaimhneas ar an fhoireann agus ar an phobal mar thoradh ar theochtaí arda agus níos mó gá le fuarú meicniúil agus éighníomhach. Chuir tonnta teasa agus triomach brú breise ar bhonneagar pobail ar nós páirceanna poiblí.

Bíonn tionchar suntasach ag sealanna fuara agus ag sneachta trom Dhún na nGall le hiarmhairtí díreacha agus indíreacha ar sholáthar seirbhísí. Baineann tionchair go príomha le cothabháil agus le deisiú sócmhainní agus bonneagair, dúnadh oifigí agus seirbhísí údarás áitiúil, agus éileamh méadaithe ar fhreagairt éigeandála.

D’fhéadfadh dúnadh agus/nó cur isteach ar Oifigí agus ar Sheirbhísí

Údarás áitiúil a bheith mar thoradh ar stoirmeacha gaoithe tromchúiseacha. Baineann príomhthionchair stoirmeacha gaoithe tromchúiseacha le cur isteach ar sheirbhísí agus ar bhonneagar mar gheall ar chaillteanas soláthar cumhachta agus cumarsáide, damáiste do shócmhainní agus do bhonneagar an údaráis áitiúil, brú méadaithe ar fhreagairt éigeandála agus ath-imlonnú foirne chun tacú le glanadh suas i ndiaidh teagmhas tromchúiseach stoirm ghaoithe.


Bíonn tionchar ag tuilte cósta ar sholáthar seirbhísí CCDG. Baineann tionchair tuile cósta le costais ghlantacháin agus dheisiúcháin, le damáiste do shócmhainní agus do bhonneagar agus le damáiste do cheantair atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de. Bíonn tionchar teoranta ag creimeadh cósta ar sholáthar seirbhísí CCDG le tionchair a bhaineann go príomha le damáiste do bhonneagar iompair, tionchair dhíobhálacha ar ghnáthóga cósta agus riachtanas méadaithe maidir lena monatóireacht agus lena leasú.

Tá réimse leathan tionchair ag tuilte báistiúla agus abhann ar CCDG. Baineann tionchair go príomha le costais ghlantacháin agus dheisiúcháin, saincheisteanna cáilíocht uisce mar gheall ar shreabhadh truailleán thar tír isteach i gcúrsaí uisce, damáiste do cheantair atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de, brú méadaithe ar sheirbhísí freagartha éigeandála agus tacú le pobail le linn agus i ndiaidh imeachtaí tuile.

### 2.2.6 Maitrís Riosca Aeráide Reatha

Bunaithe ar eolas tuairiscithe agus i gcomhairle le CCDG, forbraíodh maitrís riosca aeráide reatha do Chontae Dhún na nGall bunaithe ar mhinicíocht na guaise agus ar an leibhéal tionchair a bhaineann léi. Léirítear i bhFíor 2.2 an riosca reatha do ghuaiseacha aitheanta taobh istigh de Chontae Dhún na nGall.






**Fíor 2.2:** Maitrís Riosca Aeráide Reatha do Chontae Dhún na nGall (Foinse, KPMG Measúnú Riosca Chomhairle Contae Dhún na nGall ar Athrú Aeráide, 2023

### 2.3 Cad é atá á thuar ó thaobh athruithe i nDún na nGall amach anseo?

De réir dhaonáireamh 2016 (www.cso.ie) tá 159,200 duine ina gcónaí i gContae Dhún na nGall. Meastar go dtiocfaidh méadú beagán os cionn 10% air sin go 176,500 faoin bhliain 2028 (an Creat Náisiúnta Pleanála). Léiríonn an Daonáireamh is déanaí de 2022 go bhfuil an tuar sin á fhíorú agus an daonra i ndiaidh fás 5% go 167,084 ó 2016 (www.cso.ie).

Meastar go mbeidh 8,000 duine sa bhreis i ndaonra Leitir Ceanainn idir 2016 agus 2040 (Straitéis Réigiúnach, Spásúil agus Eacnamaíochta, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair). Léiríonn Daonáireamh 2022 méadú daonra de 3,275 ó 2016 (17%).

Chun tacú le fás leanúnach agus tuartha an daonra, meastar go mbeidh fás ina dhiaidh sin ar chúrsaí forbartha sa Chontae agus i Réigiún an Iarthuaiscirt ina iomláine. Caithfear na hathruithe tuartha sin ar an daonra agus ar an fhorbairt a chur san áireamh agus rioscaí agus tionchair amach anseo á dtuar.

D’fhéadfadh rioscaí aeráide méadú, laghdú nó teacht chun cinn amach anseo mar gheall ar athrú ar mhinicíocht agus ar dhéine guaiseacha aeráide agus/nó athruithe ar nochtadh agus ar leochaileacht.

Is léir amach anseo go mbeidh gá le tuilleadh anailíse a thógfaidh ar an mheasúnú ar rioscaí agus ar thionchair aeráide reatha agus a leathnóidh an anailís ansin chun athruithe réamh-mheasta a chur san áireamh ar mhinicíocht agus ar dhéine ghuaiseacha aeráide.


### 2.3.1 Maitrís Riosca Aeráide amach anseo

I ndiaidh réimse na nguaiseacha agus na dtionchar aeráide a bhí ag Comhairle Contae Dhún na nGall cheana féin a aithint agus a mheas, rinneadh measúnú ar na hathruithe réamh-mheasta ar mhinicíocht agus ar dhéine na nguaiseacha aeráide (géar agus ainsealach) chun tuiscint a fháil ar an dóigh a dtiocfadh tionchair agus rioscaí aeráide atá ann cheana a bheith níos measa. Tugtar achoimre san fhaisnéis thíos ar na réamh-mheastacháin aeráide do gach guais bunaithe ar Nolan agus Flanagan (2020).

| Guais | Athrú Réamh-mheasta | Minicíocht sa Todhchaí |
|---|---|---|
| TONNTA TEASA | • Léiríonn réamh-mheastacháin méadú foriomlán ar an mheánteocht idir 1.1 agus 1.5°C do Chontae Dhún na nGall i gcomparáid le tréimhse 1981-2000.<br>• Faoi chás astaíochtaí arda, léiríonn réamh-mheastacháin go dtarlóidh tonnta teasa níos minice faoi lár an chéid. | GO MINIC |
| TRIOMACH | • Meastar go laghdóidh báisteach an tsamhraidh amach anseo i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne ó 1981 go 2000, i gcás RCP4.5 agus RCP8.5 araon a chuireann le dálaí triomach féideartha. | COITIANTA |
| SEAL FUAR | • Mar gheall ar na teochtaí atá ag dul i méid, réamh-mheastar laghdú ar líon na laethanta seaca agus na laethanta oighir don tréimhse 2041-2060 i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne ó 1981 go 2000, don chás RCP4.5 agus RCP8.5 araon. | NEAMHCHOITIANTA |
| SNEACHTA TROM | • Meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an sneachta bliantúil sa réigiún faoi lár an chéid do chásanna RCP4.5 agus RCP8.5. | Ó AM GO CHÉILE |
| STOIRMEACHA GAOITHE TROMA | • Tá réamh-mheastacháin stoirmeacha faoi réir leibhéal ard éiginnteachta. Faoi lár an chéid, léiríonn réamh-mheastacháin go bhfanfaidh meánluas na gaoithe cosúil leis na gaotha atá ann faoi láthair. Tá fianaise theoranta ann go dtiocfadh le méadú teacht ar mhinicíocht stoirmeacha níos déine. Mar sin féin, tá gá le níos mó taighde chun an méadú sin a dheimhniú. | GO MINIC |
| TUILTE CÓSTA | • Léiríonn réamh-mheastacháin ar leibhéil farraige atá ag ardú faoi chás astaíochtaí arda méadú suas le 0.20m faoi 2050 a mhéadóidh minicíocht an bhá chósta. | GO MINIC |
| CREIMEADH CÓSTA | • Tá nasc láidir idir leibhéal ardaitheach farraige agus creimeadh cósta agus méadú ar rátaí agus ar mhéid an chreimthe. | GO MINIC |
| TUILTE BÁISTIÚLA<br>TUILTE ABHANN | • Léiríonn réamh-mheastacháin méadú ar mhinicíocht laethanta fearthainn throm (laethanta le frasaíocht >30mm) do Chontae Dhún na nGall agus táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú suas le 80% i roinnt ceantar. Is dócha mar thoradh air sin go mbeidh tuilte abhann agus báistiúla ag dul leis ar bhonn níos minice. | GO MINIC |

Rinneadh measúnú ar na tionchair fhéideartha ar an chontae agus ar sheachadadh seirbhíse na Comhairle bunaithe ar na hathruithe réamh-mheasta ar mhinicíocht na nguaiseacha aeráide. Cuireadh é sin le chéile chun Maitrís Riosca Aeráide sa Todhchaí a chruthú.

Léiríonn an mhaitrís riosca thíos na hathruithe sa todhchaí ar riosca do na guaiseacha aitheanta taobh istigh de Chontae Dhún na nGall. I gcás gach guaise tá marcóir soladach, a shonraíonn an riosca sa todhchaí, agus marcóir toll a léiríonn an riosca reatha. Léiríonn an líne phoncaithe idir na marcóirí seo an t-athrú idir an riosca reatha agus an riosca sa todhchaí.




**Fíor 2.3** Maitrís Riosca Aeráide amach anseo do Chontae Dhún na nGall (Foinse, KPMG Measúnú Riosca Chomhairle Contae Dhún na nGall ar Athrú Aeráide, 2023).


- Meastar go dtiocfaidh amach anseo méadú ar an bhaol a bhaineann le guaiseacha atá ann cheana amhail abhainn, báistiúil, tonn teasa, tuilte cósta agus creimeadh mar gheall ar mhéaduithe réamh-mheasta ar mhinicíocht na n-imeachtaí guaise agus fosta mar gheall ar mhéadú ar na limistéir, sócmhainní agus daonraí atá neamhchosanta ar na guaiseacha seo.

- Cé go bhfuil triomach i gContae Dhún na nGall cheana féin, meastar go dtarlóidh sé níos minice mar gheall ar athrú aeráide agus go mbeidh tionchar níos mó aige ar Chontae Dhún na nGall amach anseo. Tá an riosca níos measa ní hamháin mar gheall ar athruithe réamh-mheasta ar mhinicíocht an triomaigh ach fosta mar gheall ar mhéaduithe réamh-mheasta daonra agus ar an sciar den daonra a mheastar a bheith leochaileach (iad siúd atá 65 bliain d'aois agus os a chionn). Dá bhrí sin, is féidir triomach a mheas mar riosca atá ag teacht chun cinn don réigiún.

- Cé go meastar nach mbeidh aon athrú ar mhinicíocht ná ar thionchar stoirmeacha gaoithe troma amach anseo, beidh na himeachtaí seo go fóill ina riosca do Chontae Dhún na nGall.

- Tá an tionchar a bhíonn ag sneachta trom agus ag sealanna fuara ar Chontae Dhún na nGall seasmhach i gcónaí, ach mar gheall ar an laghdú a thiocfadh a bheith ar mhinicíocht na nguaiseacha, meastar go laghdóidh an baol foriomlán go dtiocfaidh laghdú ar na guaiseacha sin amach anseo, rud a fhágann go mbeidh níos lú riosca ann.

### 2.3.2 Tionchair Athrú Aeráide ar Dhún na nGall

| | |
|---|---|
|  | Mar thoradh ar an taithí a fuarthas ar na mallaibh ar thuilte abhann agus báistiúla (m.sh., 2017, 2018, 2019 agus 2022), rinneadh damáiste do thithe agus d'fhoirgnimh (m.sh. Páirc an Leamháin, Bun Cranncha), agus bonneagar, cur isteach ar líonraí iompair (m.sh. líonraí bóithre agus cosán Shlí na Sláinte), agus tionchair ar ghnó (m.sh. Rae Nua i mbaile Dhún na nGall) agus ar an gheilleagar áitiúil. Mar thoradh ar mhéaduithe réamh-mheasta ar mhinicíocht imeachtaí frasaíochta foircneacha, beidh baol tuilte uisce dromchla agus abhann níos mó ann do Chontae Dhún na nGall.• |
|  | Tá baol mór ann cheana féin do Chontae Dhún na nGall mar gheall ar chreimeadh cósta agus ar thuilte cois cósta agus mar thoradh air sin tarlaíonn bá go sealadach i bhfoirgnimh, cailltear bonneagar iompair, déantar damáiste do chóireáil uisce agus bonneagar fuíolluisce. Méadóidh leibhéil mhéadaitheacha farraige an ráta creimeadh cósta agus minicíocht an bhá chósta, rud a fhágfaidh go mbeidh creimeadh cósta agus baol tuilte níos mó ann do Chontae Dhún na nGall. |
|  | Bíonn stoirmeacha gaoithe tromchúiseacha le feiceáil go minic i gContae Dhún na nGall faoi láthair agus bíonn tionchair fhairsinge acu, ina measc cur isteach ar sholáthar fuinnimh, bonnaegar cumarsáide agus líonraí iompair. Ní léiríonn réamh-mheastacháin aon athrú suntasach ar an mhinicíocht sin. |
|  | Bhí tonn teasa agus triomach i gContae Dhún na nGall in 2018, agus taifeadadh tonnta teasa fosta in 2021 agus 2022. Mar thoradh ar na himeachtaí sin, rinneadh damáiste do dhromchlaí bóthair (m.sh. tarra fiuchta i gCill Chloig), cuireadh éileamh méadaithe ar acmhainní uisce (cosc ar phíobáin uisce) agus ar limistéir áineasa agus bhí tionchair dhíobhálacha ar cháilíocht fionnuisce agus ar líon. na n-iasc. Ciallóidh méaduithe réamh-mheasta ar mhinicíocht na dtonnta teasa agus na ndálaí triomaigh go mbeidh imeachtaí a tharlaíonn faoi láthair ar bhonn neamhchoitianta ag tarlú níos minice. |
|  | Léirigh na sealanna fuara agus na teagmhais sneachta trom a tharla ar na mallaibh in 2018 (m.sh. Stoirm Emma) an réimse leathan tionchair do Chontae Dhún na nGall. Áiríodh orthu sin, i measc nithe eile, méadú ar mhinicíocht na dtuislí agus na leaganacha, cur isteach ar líonraí bóithre, gearrthaí cumhachta agus tionchair ar acmhainní uisce agus ar ghnó agus ar gheilleagar áitiúil. Léiríonn méaduithe réamh-mheasta ar mheánteocht agus laghduithe ar mhinicíocht sneachta laghdú ar mhinicíocht sealanna fuara, sneachta trom, agus a dtionchar gaolmhar. |

(Foinse, KPMG Measúnú Riosca Chomhairle Contae Dhún na nGall ar Athrú Aeráide, 2023).

## 2.4 Astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT)

Tá gáis cheaptha teasa ina gcúis le téamh domhanda. Déanann Poitéinseal Téamh Domhanda (GWP) na nGás Ceaptha Teasa comparáid idir na tionchair téamh domhanda trí thomhas a dhéanamh ar an mhéid fuinnimh a ionsúfaidh astaíochtaí 1 tona gáis le himeacht ama.

| | |
|---|---|
| **DÉ-OCSAÍD CHARBÓIN** | Is é $CO_2$ an príomh-GCT trí ghníomhaíochtaí antraipeolaíocha, faoi deara téamh domhanda. Tá sé i láthair i ngach earnáil agus is tábhachtaí go mór í ná na GCTnna eile ó thaobh amh-mhais na n-astaíochtaí de. Mar an ghás tagartha, is é 1 a Poitéinseal Téamh Domhanda (GWP) beag beann ar an tréimhse a úsáidtear. Fanann $CO_2$ san atmaisféar ar feadh na gcéadta bliain. |
| **MEATÁN** | Is é $CH_4$ an dara gás is mó tionchar a astaítear de bharr gníomhaíochtaí i gContae Dhún na nGall. Astaítear é go príomha trí ghníomhaíochtaí talmhaíochta agus ó dhramhaíl. Tá GWP de 29.8 ag meatán. Ionsúnn sé i bhfad níos mó fuinnimh ná $CO_2$ ach fanann sé san atmaisféar ar feadh thart ar 10 mbliana. |
| **OCSAÍD NÍTRIÚIL** | Tá GWP de 273 ag $N_2O$. Is í an talmhaíocht an phríomhearnáil a astaíonn $N_2O$. Fanann sé san atmaisféar ar feadh níos mó ná 100 bliain. |
| **F-GHÁIS** | Ceapann gáis fhluairínithe i bhfad níos mó teasa ná mar a dhéanann $CO_2$ in aghaidh an tona. Tá GWP de 25,200 ag Heicseafluairíd Sulfair ($SF_6$), tá GWP ag hidreafluaracarbóin (HFCanna) idir 4 agus 14,600, tá comhdhúile sárfhluairínithe (PFCanna) sa raon idir 6,630 agus 11,100 agus tá GWP de 17,400 ag trífhluairíd nítrigine ($NF_3$). Bíonn $SF_6$ i láthair i bPróisis Thionsclaíocha. San fhardal náisiúnta, grúpáiltear F-gháis mar an earnáil is cúis le tuairim is 1% d'astaíochtaí náisiúnta. |

## 2.5 Fardal Astaíochtaí Bonnlíne

Tagann an tuiscint ar an obair is gá dúinn a dhéanamh chun na spriocanna sin a bhaint amach óna thuiscint cá bhfuil muid anois. Is gá ár n-astaíochtaí bonnlíne GCT a bhunú chun léargas iomlán a fháil ar an bhearna atá ann go mbainfidh muid ár spriocanna amach agus ar an áit is gá dúinn ár n-aird a dhíriú agus é sin á dhéanamh againn.

Choimisiúnaigh an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide do Bhord Mara an Atlantaigh Thuaidh (CARO/ASBN) Bable Consulting Teo. chun tabhairt faoi Fhardal Astuithe Bonnlíne (BEI) ar bhonn contae do Dhún na nGall, Maigh Eo, Sligeach agus Gaillimh. Ullmhaíodh an BEI do gach Contae de réir na modheolaíochta a cuireadh ar fáil in "Iarscríbhinn Theicniúil C: Measúnú ar Mhaolú Aeráide ar Threoirlínte na nÚdarás Áitiúil um Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (DECC, 2023).

Tagraíonn BEI do mheasúnú cuimsitheach ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) arna dtáirgeadh ag eintiteas ar leith, amhail comhlacht, eagraíocht, nó réigiún geografach, le linn tréimhse áirithe. Feidhmíonn sé mar thagarmharc nó mar thúsphointe ónar féidir laghduithe ar astaíochtaí nó iarrachtaí maolaithe amach anseo a thomhas agus a mheas.

Úsáidtear BEInna mar thúsphointe chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí a leagan síos, pleananna um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt, agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn le himeacht ama. Trí astaíochtaí amach anseo a chur i gcomparáid leis an bhonnlíne, is féidir le heagraíochtaí agus lucht déanta beartas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht a n-iarrachtaí chun astaíochtaí a laghdú agus iad a choigeartú de réir mar is gá.

Is dearbhsprioc laghdaithe 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána faoi 2030 í Sprioc 2030 maidir le Laghdú Astaíochtaí 2030 mar atá leagtha amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus sin a leagan ar bhealach chun astaíochtaí neodracha a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar a gealladh i gClár an Rialtais (Rialtas na hÉireann, 2021).

Ciallaíonn laghdú iomlán go gcaithfidh iomlán na n-astaíochtaí GCT ar fud an Chontae faoi 2030 a bheith 51% níos lú ná iomlán na n-astaíochtaí GCT sa bhliain bhonnlíne, is é sin 2019 sa chás seo.

Maidir le tuarascáil BEI agus an anailís sonraí, déantar gach GCT a thiontú agus a thuairisciú mar astaíochtaí coibhéiseacha $CO_2$, nó mar choibhéis $CO_2$. Is dé-ocsaíd charbóin iarbhír ($CO_2$) iad cuid de na hastaíochtaí, is meatán ($CH_4$) cuid acu, ocsaíd nítriúil ($N_2O$) cuid acu agus is F-gháis cuid eile. Tiontaítear na hastaíochtaí go léir ina gcoibhéis $CO_2$ ionas gur féidir iad a chur i gcomparáid go héasca.


### 2.5.1 Fardal Astuithe Bonnlíne Chontae Dhún na nGall

Tugtar breac-chuntas in Iarscríbhinn theicniúil C de threoirlínte an Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide ar an chur chuige Leibhéal 2 atá le glacadh ag na hÚdaráis Áitiúla i bhforbairt BEI leibhéal an Chontae. Is é Leibhéal 2 an cur chuige ón bhun aníos maidir le hanailís sonraí, a chomhcheanglaíonn tacair shonraí ar scála náisiúnta agus áitiúil chun breathnú ar astaíochtaí GCT ar fud an chontae trasna earnálacha éagsúla lena n-áirítear:

- Áitribh Chónaithe
- Seirbhísí Tráchtála
- Déantúsaíocht
- Próisis Thionsclaíocha
- Talmhaíocht
- Iompar
- Talamhúsáid, Athrú ar Thalamhúsáid agus Foraoiseacht (LULUCF)
- Dramhaíl
- Gáis fhluairínithe


Ba é an príomhchur chuige maidir le BEI a ríomh do Chontae Dhún na nGall úsáid a bhaint as tacar sonraí MapÉire  d'astaíochtaí GCT Spásúla ag údaráis áitiúla do 2019. Cuimsíonn an tacar sonraí seo na hastaíochtaí do gach Údarás Áitiúil in Éirinn arna miondealú ar scála 1 x 1 km. Is iad $CH_4$, $CO_2$, $N_2O$ agus $SF_6$ na GCTnna atá san áireamh i dtacar sonraí MapÉire an údaráis áitiúil.


Baineadh úsáid as Sonraí Tomhaltas Leictreachais ón phríomh-Oifig Staidrimh fosta chun astaíochtaí a chainníochtú do na hEarnálacha Cónaithe, Déantúsaíochta agus Tráchtála.



Tá miondealú ar fud na n-earnálacha éagsúla le feiceáil thíos agus i bhFíor 2.4.

| Catagóir Astaíochtaí | Astaíochtaí Chontae Dhún na nGall ($ktCO_2e$) | Astaíochtaí Náisiúnta ($ktCO_2e$) |
|---|---|---|
| Talmhaíocht | 767 (39%) | 22,134 (34%) |
| Seirbhísí tráchtála | 123 (6%) | 4,618 (7%) |
| Próisis Thionsclaíocha | 22 (1%) | 2,267 (3%) |
| Úsáid Talaimh, Athrú ar Úsáid Talaimh agus Foraoiseacht | 287 (15%) | 6,657 (10%) |
| Déantúsaíocht | 59 (3%) | 6,737 (10%) |
| Cónaithe | 419 (21%) | 9,552 (15%) |
| Iompar | 255 (13%) | 12,196 (19%) |
| Dramhaíl | 37(2%) | 991 (2%) |
| IOMLÁN | 1,970 (100%) | 65,152 (100%) |




**Fíor 2.4**
Torthaí Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne 2019 – Dún na nGall.

## 2.5.2 Fardal Astuithe Bonnlíne Chomhairle Contae Dhún na nGall

Tá CCDG freagrach as úsáid fuinnimh agus as astuithe GCT a bhaineann lena cuid foirgnimh agus áiseanna, a soilsiú poiblí, agus fosta ó fhlít feithiclí na Comhairle.

Ní mór do gach comhlacht poiblí in Éirinn laghdú 51% ar astaíochtaí GCT a bhaineann le fuinneamh agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2030. Déantar é sin a rianú trí chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&R) an ÚFIÉ.


Ar an leibhéal náisiúnta, tá an earnáil phoiblí 34% níos tíosaí ar fhuinneamh ná mar a bhí in 2009 agus sháraigh sí a sprioc éifeachtúlacht fuinnimh 33% do 2020 .

### 2.5.2.1 Ídiú Fuinnimh

Tá laghdú 67% tagtha ar ídiú fuinnimh (kWh) CCDG ó 2015 in Ionaid Seirbhís Phoiblí agus i dTeach an Chontae.

Tá tionscadail éagsúla atá dírithe ar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí a laghdú i bhfeidhm cheana féin nó beartaithe ó 2020, ina measc: uasghrádú soilsithe DAS, suiteáil painéil ghréine, insliú cuas, téamh agus uasghrádú gloinithe teirmeach.

Faoi láthair, is ionann soilsiú poiblí agus 68% den úsáid leictreachais ar fad i CCDG.




**Fíor 2.5**
Úsáid Leictreachais i gComhairle Contae Dhún na nGall.



## 2.5.2.2 Astaíochtaí GCT


Déantar astaíochtaí foriomlána GCT CCDG a chatagóiriú in Iompar, Úsáid Leictreachais agus Téamh mar a thaispeántar thíos.

Is iad 10.668 kt$CO_2$e iomlán na n-astaíochtaí ó CCDG. Is ionann sin agus níos lú ná 1% de na hastaíochtaí iomlána don Chontae ina iomláine.

Tagann astaíochtaí leictreachais go hiomlán ó iompórtálacha, is í ola théite an fhoinse bhreosla is mó le haghaidh Teasa agus is é díosal bóthair an fhoinse bhreosla is mó do chabhlach Iompair CCDG.

Tá dul chun cinn suntasach déanta cheana féin ag CCDG maidir leis na

hastaíochtaí óna cuid oibríochtaí féin a laghdú ó 2015, agus tá nuashonrú bliantúil curtha ar fáil trí chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe ÚFIÉ.




**Fíor 2.6:** Astaíochtaí GCT Chomhairle Contae Dhún na nGall

| Fuinneamh | Catagóir Fuinnimh | Cineál Fuinnimh | kg$CO_2$e |
|---|---|---|---|
| Leictreachas | | | 4,135,701 |
| | Electricity | | 4,135,701 |
| | | Glan-Iompórtálacha Leictreachais (sonraí UTM/ uimhir thagartha mhéadarphointe) | 4,135,701 |
| | | Glan-Iompórtálacha Leictreachais (sonraí neamh-UTM) | 0 |
| | | Giniúint ar an láthair ag foinsí in-athnuaite neamhbhreosla nó Gás Líonta Talaimh | 0 |
| | | Luchtú Feithiclí Leictreacha lasmuigh den láthair | 0 |
| Téamh | | | 1,696,748 |
| | Olaí Teasa | | 1,641,969 |
| | | Ceirisín | 1,025,562 |
| | | Olaí Teasa | 616,407 |
| | Gás | | 54,779 |
| | | GPL / Gás Peitriliam Leachtach (a cheannaítear de réir toirte) | 52,669 |
| | | GPL (a cheannaítear de réir meáchain) | 2,111 |
| | Breoslaí adhmaid agus bithmhais sholadach | | 0 |
| | | Sliseanna Adhmaid (taise 35%) | 0 |
| | Téamh Ceantair | | 0 |
| Iompar | | | 4,835,772 |
| | Breoslaí Iompair (Breoslaí Ola Mhianrach) | | 2,195,182 |
| | | Peitreal (seachas bitheatánól cumaiscthe) | 10,540 |
| | | Díosal Bóthair (DERV) (seachas bithdhíosal cumaiscthe) | 1,875,343 |
| | | Díosal marcáilte (neamh-theirmeach) | 309,296 |
| | Bithbhreoslaí Iompair | | 0 |
| | | Bithdhíosal (lena n-áirítear gach bithdhíosal cumaiscthe) | 0 |
| | | Bitheatánól (lena n-áirítear gach bitheatánól cumaiscthe) | 0 |
| | Breoslaí Iompair Eile | | 2,640,589 |
| | | Marked diesel provided by Plant Hire Contractors | 2,640,589 |
| Iomlán na nAstaíochtaí CO2 | | | 10,668,220 |





Comhairle Contae Dhún na nGall
GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE
CLIMATE ACTION
Donegal County Council



# 3

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR SON NA HAERÁIDE

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR SON NA HAERÁIDE

## 3.1 Forbairt ar Ghníomhaíochtaí ar son na hAeráide

Tá forbairt déanta ar na gníomhaíochtaí aeráide sa phlean seo leis an aird chóir ar an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 agus an Creat Oiriúnaithe Náisiúnta. Tugadh an aird chóir chomh maith ar theorainneacha agus ar bhuiséid astaíochtaí earnála a chuirfidh cruth agus eolas ar fáil do bheartas an rialtais go ceann cúig bliana romhainn.

Tá na gníomhaíochtaí sa phlean seo i gcomhréir le cuspóir straitéiseacha na straitéise earnála arna fhoilsiú ag an rialtas áitiúil in Aibreán 2021 "DECA 2030"). Leagtar amach in DECA an mórghealltanas faoi cheannaireacht lena chinntiú go mbeidh cur chuige comhtháite ann i ngach struchtúr riaracháin agus polaitiúil ar fud na 31 údarás áitiúil go léir. Seo a leanas cuspóirí straitéiseacha DECA 2023:

- Rialachas, ceannaireacht agus comhpháirtíochtaí don ghníomhú aeráide a chothú
- Ár gcuspóirí astaíochtaí carbóin agus tíosachta fuinnimh do 2030 agus 2050 a bhaint amach
- Soláthar a dhéanamh i dtaca le hoiriúnúchán aeráide agus athléimneacht aeráide
- An gníomhú aeráide a ghríosú i bpobail áitiúla
- An gníomhú aeráide a ghríosú san fhiontraíocht agus tacú le geilleagar ciorclach, cuimsitheach, nialasach ó thaobh carbóin de a chruthú.
- 'Aistriú cóir' a bhaint amach, go háirithe do phobail a d'fhéadfadh bheith faoi mhíbhuntáiste i ngeall ar thionscadail dícharbónaithe

Aithníonn Plean Feidhme Náisiúnta an Rialtais do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) 2022-2024 go mbeidh ról barrthábhachtach ag an rialtas áitiúil maidir le beartais náisiúnta a athrú ina ngníomhaíochtaí cinnte praiticiúla ar féidir leo spriocanna SFI a réalú in obair na nÚdarás Áitiúil le gur fearr a thacófar leis na SFIanna ar bhonn áitiúil.

Leagann Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030 (á dhréachtú faoi láthair) amach an straitéis don phleanáil agus don fhorbairt inbhuanaithe chuí don Chontae sa tréimhse 2024-2030. Féachann an plean le cur in aghaidh an athraithe aeráide agus ar a thionchar sa Chontae trí bheartais a chur chun cinn a chuirfidh leis an aistriú go dtí todhchaí ísealcharbóin athléimneach, agus a dhíríonn aird ar astaíochtaí GCT agus éileamh fuinnimh a laghdú trí bhearta cuí éifeachtacha maolaithe agus oiriúnaithe aeráide.

## 3.2 Creat na nGníomhaíochtaí Aeráide

Bunaithe ar an fhianaise atá bailithe againn, tá forbairt déantar ar chreat beartais don Phlean seo de réir threoir an Rialtais. Cinntíonn an t-ordlathas seo go mbeidh comhréir idir na gníomhaíochtaí a chuirfear ar siúl ar an talamh agus an fhís ardleibhéil atá mar chuspóir againn.




**Fíor 3.1:** Creat Gníomhaíochtaí ar son na hAeráide

Cé go bhfuil uaillmhian sa PGAUA mar mhacalla ar ról ceannais CCDG maidir leis an ghníomhú aeráide, níl gníomhartha cuimsithe ann sa chás go mbaineann siad le réimse nach bhfuil taobh istigh dár ról, dár sainordú ná dár rialachas féin.

## 3.3 Ár bhFís agus Misean an Phlean

Tá breacadh déanta i gCaibidil 1 den Phlean seo ar an seasamh idirnáisiúnta, Eorpach, náisiúnta agus áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide. In éineacht leis an treo beartais seo, tugtar faoi deara san fhianaise eolaíochta ón Séú Tuairisc Measúnaithe ón IPCC nach féidir a shéanadh go bhfuil an t-athrú aeráide i ndiaidh cur as do na córais dhaonna agus nadúrtha. Tá práinn le gníomhú aeráide má táimid le deis a thapú atá ag imeacht go luath chun todhchaí inmhaireachtála inbhuanaithe shlán a chruthú don uile dhuine.

Chuige seo, is í fís na Comhairle don Phlean seo ná comhoibriú agus uaillmhiann idir an Chomhairle agus saoránaigh Dhún na nGall lena gcion féin a dhéanamh gníomhú go práinneach ar son na haeráide lena chinntiú go mbeidh todhchaí inbhuanaithe ar fáil don uile dhuine sa Chontae.

Anuas air sin, is maith atá cruthaithe go bhfuil comhspleáchas idir an aeráide, an bhithéagsúlacht agus an tsochaí dhaonna, agus a fhianaise sin sa chaillteanas bithéagsúlachta, tomhaltas neamh-inbhuanaithe na n-acmhainní nadúrtha, díghrádú talaimh agus éiceachóras, aistrithe sa déimeagrafaíocht dhaonna agus neamh-chomhionannais eacnamúla.

Aithníonn an Fhís inár bPlean go bhfuil suíomh faoi leith ag Comhairle Contae Dhún na nGall maidir leis an pholasaí náisiúnta a sheachadadh ag an leibhéal áitiúil, agus an tuigbheáil ann nach ionann do gach earnáil na gníomhaíochtaí aeráide agus na tionchair ón athrú aeráide.

Tugann ár bhFís sainmhíniú ar an áit ar mhaith linn an Contae a thabhairt, tá fócás inár Misean-Ráiteas ar an ghníomhú, dírithe ar bhunchuspóir Chomhairle Contae Dhún na nGall an gníomhú éifeachtach aeráide a sheachadadh agus a phríomhshruthú ar fud ár seirbhísí agus ár bhfeidhmeanna féin.

Is é ár bhFís:

**Dún na nGall a bheith Athléimneach ó thaobh na hAeráide de, Lán Bithéagsúlachta, Inbhuanaithe ó thaobh na Timpeallachta de agus Carbón-Neodrach faoi dheireadh 2050.**

Ár Misean-Ráiteas:

**Athrú claochlaitheach agus gníomhú aeráide intomhaiste a chur ar fáil ar fud Chomhairle Contae Dhún na nGall inár n-eagraíocht agus inár seirbhísí féin, tríd an cheannaireacht, an dea-shampla agus an gníomhú a ghríosú ag an leibhéal áitiúil.**

## 3.4 Ár Spriocanna agus ár gCuspóirí Straitéiseacha

I nDún na nGall, tháinig sé cinn de mhórthéamaí ón bhonn fianaise a bailíodh, ón measúnú riosca athraithe aeráide, agus an próiseas comhairliúchán roimh dhréachtú.



Bunaithe ar na téamaí seo is iad seo a leanas na spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha atá sa Phlean seo.

## RIALACHAS & CEANNAIREACHT

Léireoidh an Chomhairle ceannaireacht agus uaillmhian trí ghníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i bpleanáil agus i seachadadh sheirbhísí uile na Comhairle agus trí thacú leis an phobal agus dul i gcomhar leo chun gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh taobh istigh den Chontae.

- An fhreagairt aeráide chuí a thabhairt ar shócmhainní uile na Comhairle atá faoi úinéireacht na Comhairle chun ailíniú le conair chuig astaíochtaí neodracha.
- A chinntiú go bhfuil struchtúr agus acmhainní cuí ag an Chomhairle agus ag a foireann chun na gníomhartha sa phlean seo a sheachadadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Comhoibriú leis an phobal, le lucht gnó agus le páirtithe leasmhara eile taobh istigh den Chontae agus le húdaráis chomharsanachta chun ailíniú a dhéanamh le gníomhartha rathúla ar son na haeráide.
- Na gníomhaíochtaí don aeráid, fuinneamh, uisce agus bithéagsúlacht a ailíniú taobh istigh de chláir oibre na Comhairle chun tionchar agus éifeachtúlacht a uasmhéadú.

## IOMPAR

Taisteal gníomhach agus aistriú cóir iompair a mhéadú agus astaíochtaí feithiclí a laghdú.

- Astaíochtaí feithiclí fhlít na Comhairle a laghdú.
- Beartais agus tionscadail taisteal gníomhach a chur chun cinn agus a sheachadadh taobh istigh den Chontae chun níos mó siúil agus rothaíochta a éascú.
- Tacú le nascacht iarnróid a sheachadadh agus le roghanna iompar poiblí eile a fheabhsú chun aistriú cóir iompair a spreagadh ó iompar gluaisteán príobháideach.
- Forbairt líonra pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a éascú.

## TIMPEALLACHT THÓGTHA

Athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinneamh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na bhfoirgneamh agus an bhonneagair go léir.

- Úsáid fuinnimh agus leictreachais a laghdú ag gach foirgneamh, saoráid agus bonneagar bardasach (lena n-áirítear soilsiú).
- Foirgnimh a iarfheistiú de réir mar is gá chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí a laghdú.
- A chinntiú go ndéantar gach foirgneamh nua sa Chontae a dhearadh agus a thógáil de réir na gcaighdeán éifeachtúlacht fuinnimh is fearr.
- Tacú le soláthar bonneagar giniúna agus tarchurtha leictreachas in-athnuaite taobh istigh den Chontae.
- A chinntiú go bhfuil gach foirgneamh, saoráid agus bonneagar faoi úinéireacht na Comhairle athléimneach i leith éifeachtaí an athraithe aeráide.
- Athléimneacht ár nOidhreachta Tógtha agus Seandálaíochta i leith athrú aeráide a mhéadú.
- Tacú le hOifig na nOibreacha Poiblí teacht aniar a thógáil i leith éifeachtaí tuilte anois agus amach anseo

## AN TIMPEALLACHT NÁDÚRTHA & BONNEAGAR GLAS

Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur chun cinn, leis an bhithéagsúlacht agus na habhantraigh, nuair is féidir, mar nithe a éascóidh an t-oiriúnúchán agus an maolúchán aeráide ar fud an Chontae.

- Bithéagsúlacht agus Oidhreacht Dhún na nGall a chosaint, a chaomhnú, a fheabhsú agus a athleasú, nuair is féidir.
- Cloí leis an Chreat-Treoir Uisce agus leis an Phlean Bainistithe Abhantraí.
- Athléimneacht ár gcósta a mhéadú i leith na haeráide atá ag athrú
- Tacú le Réitigh Dhúlrabhunaithe (RDB) chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, agus chun tairbhí breise a sholáthar amhail caomhnú na bithéagsúlachta, slándáil uisce, agus;folláine an duine.

## ATHLEIMNEACHT - POBAIL

Cumas agus ullmhacht a fhorbairt taobh istigh den phobal chun an t-éileamh ar ghníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a spreagadh.

- Dul i dteagmháil le gach cuid den phobal chun cumas agus ullmhacht a fhorbairt chun gníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a chur i bhfeidhm agus aistriú cóir a bhaint amach.
- Tuiscint ar an aeráid a mhéadú ar fud an phobail trí oideachas agus feasacht a ardú maidir le gníomhú ar son na haeráide.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú leis na healaíona agus leis an oidhreacht taobh stigh den Chontae mar uirlis chun tacú le hoideachas agus feasacht ar ghníomhú ar son na haeráide.
- A chinntiú go bhfuil ceanglais láidre charbóin mar bhonn agus mar thaca ag meicníochtaí cistiúcháin uile na Comhairle.

## INBHUANAITHEACHT & BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

Tacú le tionscnaimh agus le bonneagar inbhuanaithe agus ciorclach taobh istigh den Chontae.

- A chinntiú go bhfuil úsáid inbhuanaithe acmhainní leabaithe in oibríochtaí uile na Comhairle agus gur príomhchinntitheach í i soláthar uile na Comhairle amach anseo.
- Tacú le gnólachtaí borradh a chur faoi ghníomhú ar son na haeráide agus faoi chleachtais inbhuanaithe.
- Tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach taobh istigh den Chontae.
- Tacú le feirmeoirí san aistriú i dtreo cleachtais talmhaíochta ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.



## 3.5 Rialachas Timpeallachta

Tá ról barrthábhachtach ag an rialachas timpeallacht maidir lenár n-éiceachórais agus acmhainní nadúrtha a shlánú. Cinntíonn CCDG go ndéantar a beartais, a rialacha agus a gcinntí don timpeallacht bunaithe ar an inbhuanaitheacht, agus riachtanas a comhphobal a chur i gcothromaíocht le cosaint na timpeallachta.

Is meicníochtaí tábhachtacha iad an Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus an Measúnú Cuí (MC) lena chinntiú go ndéantar breithnithe cosanta timpeallachta agus bainistithe caomhnaithe dúlra a imeascadh le forbairt agus le feidhmiú phlean gníomhaithe aeráide an údaráis áitiúil.

Cinnteoidh CCDG go mbeifear i gcomhréir le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 agus le pleananna a sháraíonn sin, cuspóirí agus beartais pleananna áitiúla a bhaineann le bainistiú timpeallachta, cosaint ar Cheantair Chaomhnaithe reachtúla agus cinnteoidh go mbeifear i gcomhréir le sainbheartais bainistithe timpeallachta a bhainean leis an phlean seo.

Déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall breithniú faoi aon ghníomhaíochtaí, bheartais nó mholtaí ábhartha nuashonraithe, a d'fhéadfadh teacht chun cinn i nuashonruithe ar an Phlean Gnímh Náisiúnta don Aeráid le linn don Phlean bheith ar obair.

### *Treoir AE um Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST)*

Tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil faoi réir ag an Treoir MST (Treoir 2001/42/EC) maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár áirithe ar an timpeallacht. Is é MST an próiseas lena gceanglaítear go gcuirtear breithnithe timpeallachta san áireamh agus pleananna agus cláir á réiteach ag údaráis áitiúla, sula nglactar leo. Is é MST an luacháil fhoirmiúil chórasach ar na tionchair shuntasacha timpeallachta is dócha a bheidh ag plean nó clár ach a gcuirfear i bhfeidhm iad.

Is iad Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Measúnú Timpeallachta ar Phleananna agus Cláir Áirithe) (S.I. Uimh 435 de chuid 2004), mar a leasaíodh le S.I. Uimh. 200 de chuid 2011, a thugann feidhm do thras-suí na Treorach SEA i ndlí na hÉireann.

Chun críche an Treoir SEA a chomhlíonadh, ní mór do gach údarás áitiúil mar 'údarás inniúil' measúnú cuí a chur i gcrích faoi na tionchair shuntasacha ar an timpeallacht is dócha a bheidh ann de bhun an plean gníomhaithe aeráide a chur i bhfeidhm, de réir fhorálacha na rialachán thuasluaite. Tá an Tuarascáil Timpeallachta MST á chur ar fáil in éineacht leis an Phlean seo.

### *Treoir um Ghnáthóg AE – Measúnú Cuí*

Tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil faoi réir chomh maith ag Measúnú Cuí faoi Alt 6(3) de Threoir um Ghnáthóg an AE (Treoir 92/43/EEC) lena shocrú cé acu a bheidh tionchair dhóchúla ar aon láithreán Natura 2000. Ní féidir le húdaráis áitiúla, mar na 'húdaráis inniúla, glacadh leis an phlean ach amháin sa chás nach mbeidh tionchar suntasach aige ar shláine láithreán Natura 2000 bíodh sin as féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile.

Cuireann an treoir seo cosaint reachtúil ar fáil do ghnáthóga agus do speicis a bhfuil tábhacht Eorpach leo trí líonra Natura 2000 a bhunú. Cuimsíonn líonra Natura 2000 láithreáin atá ainmnithe mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) faoin Treoir um Ghnáthóg agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) arna n-ainmniú faoin Treoir AE um Éin (Treoir 79/409/EEC, arna leasú ag Treoir 2009/147/EC). Tá an Ráiteas Tionchair Natura (NIS) á chur ar fáil in éineacht leis an Phlean seo.

Mar bhonn taca le pleananna agus tionscadail a thiocfaidh de bhun an Phlean Gnímh don Aeráid seo, cuirfear Measúnú Straitéiseach Timpeallachta, Measúnú Tionchair Timpeallachta, Measúnú Cuí, agus Measúnú Tionchair Éiceolaíochta i gcrích de réir mar is ábhartha.

## 3.6 Ár Ról féin mar Chomhairle Contae Dhún na nGall

Cé go bhfuil an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide uaillmhianach mar mhacalla ar ról ceannais CCDG maidir le gníomhú ar son na haeráide, ní chuimsítear ann gníomhaíochtaí nach mbaineann a bhfeidhmiú ná a mbaint amach lenár ról, ár sainordú nó ár rialachas dílis féin.

Úsáidfidh Comhairle Contae Dhún na nGall an PGAUA seo agus pleanáil ar siúl aici conas laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT agus cur le héifeachtúlacht fuinnimh ina sócmhainní agus a bonneagar féin, agus ról níos leithne a ghabháil chuici chomh maith maidir le tionchar, éascú agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ar son na haeráide i bpobail agus páirtithe leasmhara eile agus abhcóideacht a dhéanamh chomh maith ar son na haeráide i nDún na nGall. Chuige seo, tá gach gníomh dá bhfuil sa Phlean curtha i gceann den cheithre chatagóir atá mar 'ról de chuid na Comhairle':

- **Lán-Fhreagracht:** Gníomhaíochtaí saindírithe do réimsí a bhfuil lánfhreagracht ar Chomhairle Contae Dhún na nGall astu ina gcuid oibríochtaí féin.
- **Tionchar:** Gníomhaíochtaí inar féidir le Comhairle Contae Dhún na nGall tionchar a imirt ar ghnólachtaí, ar phobail, ar dhaoine aonair agus gníomhú ar son na haeráide á dhéanamh trí na feidhmeanna agus na seirbhísí a chuireann siad ar fáil.
- **Comhordú:** Gníomhaíochtaí inar féidir le Comhairle Contae Dhún na nGall comhordú agus éascú a dhéanamh ar ghníomhú áitiúil pobail, agus páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile i gcomhpháirt chun tionscadail gníomhaithe aeráide a chur i gcrích.
- **Abhcóideacht:** Gníomhaíochtaí atá i gcomhréir le ról mar abhcóid faoin ghníomhú aeráide tríd a fheasacht a ardú, cumarsáid a dhéanamh, daoine a chur ar an eolas agus páirt a ghlacadh i gcomhrá oscailte faoin cheist.






# RIALACHAS AGUS CEANNAIREACHT

# SPRIOCANNA & CUSPÓIRÍ

Bunchloch leis an mhír seo den fheidhmiú is ea a chinntiú go mbeidh rialachas soiléir agus tiomantas eagraíochtúil ag CCDG maidir leis an phlean agus a sheachadadh. Tá tús curtha cheana leis an phróiseas seo ó bunaíodh foireann ghníomhaithe aeráide ina bhfuil Comhordaitheoir Gníomhaithe ar son na hAeráide, Oifigeach Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Oifigeach Pobail Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Mar chuid den phróiseas déanta plean seo, chuathas i gcomhairle le gach Stiúrthóireacht inmheánach agus tá úinéireacht acu ar a gcuid gníomhartha; tá an Fhoireann Ardbhainistíochta (FAB) rannphháirteach go gníomhach sa phróiseas déanta pleananna agus coinnítear Comhaltaí Tofa (CT) agus an Coiste um Pholasaí Straitéiseach (CPS) um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil ar an eolas ag gach céim.

Mar shíneadh leis an ghealltanas seo tá gníomhaíochtaí breise cuimsithe sa PGA leis an rialachas, an cheannaireacht agus an fhreagracht ó thaobh an athraithe aeráide de a chomhtháthú ag gach leibhéal ar fud na Comhairle. Tá gníomhaíochtaí cuimsithe freisin a thacóidh le comhoibriú le páirtithe leasmhara eile ó gach uile earnáil agus an pobal níos leithne, agus ról níos leithne ag CCDG chun éascú, comhordú agus abhcóideacht a dhéanamh i dtaca le gníomhú ar son na haeráide.




**SPRIOC**

**Léireoidh an Chomhairle ceannaireacht agus uaillmhian trí ghníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i bpleanáil agus i seachadadh sheirbhísí uile na Comhairle agus trí thacú leis an phobal agus dul i gcomhar leo chun gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh taobh istigh den Chontae.**

**CUSPÓIRÍ**

**RC1** An fhreagairt aeráide chuí a thabhairt ar shócmhainní uile na Comhairle atá faoi úinéireacht na Comhairle chun ailíniú le conair chuig astaíochtaí neodracha.

**RC2** A chinntiú go bhfuil struchtúr agus acmhainní cuí ag an Chomhairle agus ag a foireann chun na gníomhartha sa phlean seo a sheachadadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

**RC3** Comhoibriú leis an phobal, le lucht gnó agus le páirtithe leasmhara eile taobh istigh den Chontae agus le húdaráis chomharsanachta chun ailíniú a dhéanamh le gníomhartha rathúla ar son na haeráide.

**RC4** Na gníomhaíochtaí don aeráid, fuinneamh, uisce agus bithéagsúlacht a ailíniú taobh istigh de chláir oibre na Comhairle chun tionchar agus éifeachtúlacht a uasmhéadú.

# RIALACHAS AGUS CEANNAIREACHT

| Sprioc Straitéiseach 1: Léireoidh an Chomhairle ceannaireacht agus uaillmhian trí ghníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i bpleanáil agus i seachadadh sheirbhísí uile na Comhairle agus trí thacú leis an bpobal agus dul i gcomhpháirtíocht leis chun gníomhú ar son na haeráide a chinntiú taobh istigh den Chontae. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |

**RC1 - An fhreagairt aeráide chuí a thabhairt ar shócmhainní uile na Comhairle atá faoi úinéireacht na Comhairle chun ailíniú le conair i dtreo astaíochtaí neodracha.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **RC 1.1** | Astaíochtaí carbóin Chomhairle Contae Dhún na nGall féin a laghdú 51% faoi 2030, i gcomparáid le bonnlíne 2018. | Maolú | Céatadán (%) astaíochta laghdaithe. | Bliain 5 | Gach Roinn | An Roinn Aeráide agus Cumarsáide CARO | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |
| **RC 1.2** | Feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh Chomhairle Contae Dhún na nGall féin faoi 2030 i gcomparáid le bonnlíne de 2009. | Maolú | Céatadán (%) feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh. | Bliain 5 | Gach Roinn | An Roinn Aeráide agus Cumarsáide CARO | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |
| **RC 1.3** | Córas faireacháin a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh de réir mar is gá chun dul i ngleic le tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide i bpróiseas cinnteoireachta trédhearcach. | An dá rud | Córas faireacháin a chur chun feidhme. Monatóireacht agus tuairisciú (M&T) bliantúil ÚFIÉ a sheachadadh. | Bliain 1-5 | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide; Foireann Bainistithe Fuinnimh | Gach roinn, Met Éireann, OOP, GCC, Coláiste na hOllscoile Chorcaí (cáilíocht aeir) | Comhordú agus Éascú above Freagach go hiomlán, Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |
| **RC 1.4** | Modheolaíocht a fhorbairt chun tuairisciú a dhéanamh ar Ghníomhú ar son na hAeráide ag cruinnithe Coiste um Beartais Straitéiseacha, Ceantar Bardasach agus ag lánchruinntihe. | An dá rud | Modheolaíocht Ullmhaithe agus Curtha i bhFeidhm. | Bliain 1 | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | | Freagrach go hiomlán | |
| **RC 1.5** | Soláthar Poiblí Glas a chur i bhfeidhm ar thionscadail na Comhairle. | An dá rud | SPG curtha i bhfeidhm l; niúchadh SPG déanta ar Thionscadail | Bliain 1-5 | Airgeadas | Gach Roinn Oifig um Sholáthar Rialtais | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Tionscadail ar fáil |
| **RC 1.6** | Seicliosta um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt do gach Gníomh Aeráide de chuid CCDG agus Monatóireacht a dhéanamh ar an Dul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm. | An dá rud | Seicliosta Ullmhaithe; Monatóireacht agus Tuairisciú ar siúl | Bliain 1<br>Bliain 1-4 | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | CCDG Gach Roinn CARO RCAC | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |

| Sprioc Straitéiseach 1: Léireoidh an Chomhairle ceannaireacht agus uaillmhian trí ghníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i bpleanáil agus i seachadadh sheirbhísí uile na Comhairle agus trí thacú leis an bpobal agus dul i gcomhpháirtíocht leis chun gníomhú ar son na haeráide a chinntiú taobh istigh den Chontae. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **RC 1.7** | Páirt a ghlacadh i dTionscadal an AE "Own Your Own SECAP" chun tacaíocht / cuidiú a fháil lenár bPlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe agus ar son na hAeráide (SECAP) a fhorbairt agus le béim a leagan ar bhearta a bhfuil éifeachtaí dearfacha acu ar mhaolú aeráide, oiriúnú agus bochtaineacht fuinnimh. | An dá rud | Tuairisciú Tionscadail Nósanna Imeachta Measúnaithe Sóisialta, Comhshaoil agus Aeráide (SECAP) ullmhaithe | Bliain 2 Bliain 5 | Gníom-haireacht Réigiúnach Fuinnimh an IT | Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann | Comhordú agus Éascú | Maoiniú ón AE |
| **RC2 - A chinntiú go bhfuil struchtúr agus acmhainní cuí ag an Chomhairle agus ag a foireann chun na gníomhartha sa phlean seo a sheachadadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu.** | | | | | | | | |
| **RC 2.1** | A chinntiú gur mír neamhspleách ar an chlár oibre é Gníomhú ar son na hAeráide ag gach cruinniú. | An dá rud | Gníomhú ar son na hAeráide ar chlár oibre gach cruinnithe | Bliain 1 | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Roinn | Freagrach go hiomlán | N/B |
| **RC2.2** | Clár rannpháirtíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm san ionad oibre do gach ball foirne agus ball tofa. | An dá rud | Clár rannpháirtíochta aeráide curtha i bhfeidhm. Líon na rannpháirtithe foirne. | Bliain 1 | Corparáideach | Gach roinn | Freagrach go hiomlán | N/B |
| **RC2.3** | Na struchtúir eagraíochtúla atá de dhíth taobh istigh den Chomhairle a chur i bhfeidhm chun seachadadh an phlean seo a chinntiú agus an beartas agus an cultúr cuí um ghníomhú ar son na haeráide a chothabháil tríd síos. | An dá rud | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide in áit An Coiste Monatóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide in áit | Bliain 1 | Uisce & Comhshaol, Corparáideach | Gach roinn | Freagrach go hiomlán | N/B |
| **RC2.4** | Idirchaidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí náisiúnta chun oiliúint chreidiúnaithe ar bithéagsúlacht agus ar chaomhnú foirgneamh traidisiúnta a chur ar an fhoireann. | Comhchean-gailte | Líon na gcúrsaí oiliúna a reáchtáiltear.;Líon na mball foirne a oiltear. | Bliain 3 | Roinn Chultúir Oifig Chaomhnaithe Pleanála | Roinn Chultúir, Oifig Chaomhnaithe Pleanála, RTRAO An Chomhairle | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |
| **RC2.5** | 'Seaimpín Aeráide' a cheapadh do gach roinn taobh istigh den Chomhairle chun feidhmiú mar chomhéadan idir gach rannóg agus an fhoireann aeráide. | Comhchean-gailte | Líon na Seaimpíní Aeráide a cheaptar. | Bliain 1 | Uisce & Comhshaol, Corparáideach | Gach roinn | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |

| Sprioc Straitéiseach 1: Léireoidh an Chomhairle ceannaireacht agus uaillmhian trí ghníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i bpleanáil agus i seachadadh sheirbhísí uile na Comhairle agus trí thacú leis an bpobal agus dul i gcomhpháirtíocht leis chun gníomhú ar son na haeráide a chinntiú taobh istigh den Chontae. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **RC3- Comhoibriú leis an bpobal, le lucht gnó agus le páirtithe leasmhara eile laistigh den Chontae agus le húdaráis chomharsanachta chun ailíniú a dhéanamh ar ghníomhartha rathúla** | | | | | | | | |
| **RC3.1** | Leanúint den chomhoibriú agus den chomhpháirtíocht trasteorann le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin chun uaillmhian chomhchoiteann a bhaint amach maidir le gníomhú ar son na haeráide trí obair a dhéanamh chun Creat an Iarthuaiscirt um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i gcrích. | | Líon na dtionscadal trasteorann | Bliantúil | SMT | | Freagrach go hiomlán | |
| **RC 3.2** | Bunú Oifig Fuinnimh Réigiúnach an Iarthuaiscirt a chur i gcrích mar fheithicil chun tiomantas CCDG a chomhlíonadh a bheith ag obair i gcuideachta Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin, mar atá sonraithe i Straitéis Fuinnimh Réigiúnach an Iarthuaiscirt. | Maolú | Gníomhaireacht Fuinnimh Réigiúnach an IT Bunaithe | Bliain 1 | Uisce & Comhshaol | Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |
| **RC3.3** | Oibriú lenár gcomhpháirtithe ar an Straitéis Forbartha Áitiúil 2023-2027 chun réimse oiliúna agus tionscadal um Athrú Aeráide a mhaoiniú agus a sheachadadh leis an phobal. | | 40 tionscadal forbartha ar fud an chontae ag díriú ar an Gheilleagar Glas, fothú acmhainní agus athrú aeráide agus oiriúnú. | Bliain 3 go 7 | Pleanáil Forbartha Pobail | CFPÁ (Coiste Forbartha Pobail Áitiúil), CFÁDG, Údarás, PFIE, Comhar na nOileán | Tionchar | Forbraíonn comhpháirtithe tionscadal ag an leibhéal áitiúil |
| **RC 3.4** | Comhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) chun iasachtaí idirlinne a chur ar fáil do Phobail Fuinneamh Inbhuanaithe ionas gur féidir leo leas a bhaint as Deontais ÚFIÉ chun Máistirphleananna Fuinnimh a ullmhú. | Maolú | An líon PFInna (pobail fuinneamh inmharthana) a bhaineann leas as maoiniú idirlinne chun Máistirphleananna Fuinnimh a ullmhú. | Bliain 1 - 3 | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | UFIÉ, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) | Comhordú agus Éascú | PFInna i mbun iarratas Tacaíocht Meantóireachta PFI |
| **RC 3.5** | Feasacht a ardú i leith deiseanna cistiú seachtrach chun gníomhartha aeráide a chur i bhfeidhm agus cuidiú le spriocanna foriomlána an phlean seo a bhaint amach. | An dá rud | An líon tionscadal mhaoinithe a áirithítear. | Bliain 1-5 | Forbairt Gheilleagrach | Eagraíochtaí Maoinithe | Comhordú agus Éascú | Infhaighteacht cistiúcháin Oiriúnacht tionscadal |

| Sprioc Straitéiseach 1: Léireoidh an Chomhairle ceannaireacht agus uaillmhian trí ghníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i bpleanáil agus i seachadadh sheirbhísí uile na Comhairle agus trí thacú leis an bpobal agus dul i gcomhpháirtíocht leis chun gníomhú ar son na haeráide a chinntiú taobh istigh den Chontae. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |

**RC4 - Na gníomhaíochtaí don aeráid, fuinneamh, uisce agus bithéagsúlacht a ailíniú taobh istigh de chláir oibre na Comhairle leis an tionchar agus an éifeachtúlacht a uasmhéadú.**

| Tag. | Gníomh | Oiriúnú/ Maolú | Beart Rianaithe / KPI | Fráma ama | Príomh-Roinn CCDG | Comhpháirtithe | Ról na Comhairle | Spleáchais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **RC4.1** | Beartas Chreat Náisiúnta an Grúpscéim Uisce (GSU) maidir le Gníomhú ar son na hAeráide a chur chun cinn. | Oiriúnú | Líon na GSUnna a bpléitear leo. | 5 bliana | Uisce & Comhshaol | | Tionchar | Acmhainní |
| **RC4.2** | A chinntiú go gcuirtear gníomhú ar son na haeráide a bhaineann le hoidhreacht agus le bithéagsúlacht san áireamh in oiliúint ionduchtúcháin foirne do bhaill foirne istigh agus amuigh agus d'ionadaithe tofa. | An dá rud | Ábhair oiliúna tairgthe agus a tugtha do bhaill foirne nua. | Bliantúil | Roinn Chultúir Foireann Gníomhaithe Aeráide | CARO | Freagrach go hiomlán | Acmhainní |
| **RC4.3** | Úsáid a bhaint as an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) mar uirlis don Ghníomhú Aeráide i nDún na nGall trí thacaíocht straitéiseach a chur ar fáil do thionscadail oiriúnaithe agus maolaithe aeráide. | An dá rud | Spriocanna Ardleibhéil forbartha atá dírithe ar Athrú Aeráide. | 2024 go 2029 | Forbairt Pobail | CFPÁ, CFÁDG, Údarás, PFIE, Comhar na nOileán | Tionchar | Ainm curtha leis ag CFPÁ agus ag Coiste Pleanála Reachtúil Sheirbhísí |
| **RC4.4** | Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar Phlean Freagartha Éigeandála Tuile agus Plean Mór-Éigeandála Chomhairle Contae Dhún na nGall mar mhacalla ar an mhéadú ar rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide, lena n-áirítear tuilte. | Oiriúnú | Phlean Freagartha Éigeandála Tuile athbhreithnithe faoi dhó le cúig bliana<br>Plean Mór-Éigeandála athbhreithnithe uair sa bhliain. | Bliain 1-5 | Seirbhísí Éigeandála | Foireann Mheasúnaithe Dian-Aimsire Chomhairle Contae Dhún na nGall<br>Gach Seirbhís Chomhairle | Lán-Fhreagrach | Athbhreithniú ar an Chreat Náisiúnta do Bhainistiú Éigeandála |
| **RC4.5** | Plean Oidhreachta an Chontae a chur i bhfeidhm chun gach gné den oidhreacht thógtha, nádúrtha, seandálaíochta agus chultúrtha a thaifeadadh, a chaomhnú agus feasacht a ardú ina leith. | An dá rud | Plean ullmhaithe Bearta á gcur i bhfeidhm. | Bliain 1<br>Bliain 5 | Roinn Chultúir | An Chomhairle Oidhreachta; SPNF, Fóram Oidheachta Dhún na nGall agus RTRAO (Oidhreacht na hÉireann 2030) | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |





# IOMPAR

# SPRIOCANNA & CUSPÓIRÍ

Tá ról tábhachtach ag cúrsai iompair inár gcur chuige i leith athrú aeráide, cionn is go gcuireann sé le méid suntasach astaíochtaí GCT. Bíonn tionchar mór ag an dóigh a roghnaímid taisteal le haghaidh oibre, oideachais agus fóillíochta ar astaíochtaí GCT. Cuireann sé sin go leor deiseanna ar fáil d'athrú dearfach.

Tá sé mar sprioc ag CCDG taisteal gníomhach a mhéadú, aistriú cóir iompair agus astaíochtaí feithiclí a laghdú. San áireamh anseo tá, inter ala, feabhsú a dhéanamh ar fheidmiú agus ar éifeachtan ghréasáin iompair reatha (bóthar) trí idirghabhálacha saindírithe a éascóidh gréasán níos éifeachtaí don iompar poiblí agus don taisteal gníomhach, úsáid níos fusa a bhaint as feithiclí atá ar mhalairt breosla agus úsáid ilmhodhach a spreagadh. Tacaíonn gníomhartha sa Phlean seo tuilleadh leis an chur chuige seo. Tacóimid le nascacht iarnróid a sheachadadh agus le feabhas a chur ar roghanna iompar poiblí eile chun aistriú cóir iompair ó iompar príobháideach gluaisteán a spreagadh. Tacóimid le soláthar na hidirnascachta iarnróid agus le feabhsúchán ar réitigh eile iompair phoiblí, lena n-áirítear feabhsú a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar éifeacht an ghréasáin iompair phoiblí reatha ar na bóithre, le hidirghabhálacha saindírithe.

Ciallaíonn Taisteal Gníomhach d'fhuinneamh féin a úsáid le fáil a fhad leis an áit a bhfuil tú ag dul. Cuimsíonn sé siúl, scútáil, rith agus rothaíocht. Cuimsíonn sé gach cineál turais, le béim ar thurais faoi 5km. Breithníonn Taisteal Gníomhach riachtanais na ndaoine a úsáideann pramanna, scútair, cathaoireacha rothaí, agus rothair oiriúnaithe, chomh maith le bealaí nua le dul thart ar nós scútair agus rothair leictreacha. Tá CCDG ag obair chun cur le líon na ndaoine a roghnaíonn Taisteal Gníomhach le haghaidh turais ghearra laethúla, nó mar chuid de thurais níos faide ar iompar poiblí agus cuirfidh sé le soláthar bonneagar siúil agus rothaíochta, rud a chuirfidh chun cinn agus a chumasóidh aistriú cóir iompair chuig taisteal gníomhach agus modhanna iompair níos inbhuanaithe.




**SPRIOC**

**Taisteal gníomhach agus aistriú cóir iompair a mhéadú agus astaíochtaí feithiclí a laghdú.**

**CUSPÓIRÍ**

- **IO1** Astaíochtaí feithiclí fhlít na Comhairle a laghdú.
- **IO2** Beartais agus tionscadail taisteal gníomhach a chur chun cinn agus a sheachadadh taobh istigh den Chontae chun níos mó siúil agus rothaíochta a éascú.
- **IO3** Tacú le nascacht iarnróid a sheachadadh agus le roghanna iompar poiblí eile a fheabhsú chun aistriú cóir iompair a spreagadh ó iompar gluaisteán príobháideach.
- **IO4** Forbairt líonra pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a éascú.

# IOMPAR

| Sprioc Straitéiseach 2: Taisteal gníomhach agus aistriú cóir iompair a mhéadú agus astaíochtaí feithiclí a laghdú | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |

**IO1 - Astaíochtaí feithiclí fhlít na Comhairle a laghdú.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Io1.1** | Leibhéil astaíochtaí fhlít iompair faoi úinéireacht agus fhruilithe na Comhairle a laghdú chun an laghdú riachtanach de 50% bhonnlíne 2018 a chomhlíonadh. | Maolú | % laghdú ar astaíochtaí iompair. Plean Dícharbónaithe flít feithiclí ullmhaithe;Plean Dícharbónaithe flít feithiclí á chur i bhfeidhm. | Bliain 7 (2030) Bliain 1 (2024) Bliain 5(2028) | Bóithre & Iompar | SMT, CCD;An Rannóg Airgeadais, Stiúrthóireachtaí Comhshaoil agus Tithíochta, An Roinn Iompair | Freagrach go hiomlán | |
| **Io1.2** | 'Oiliúint Éiceathiománaithe' a chur i bhfeidhm d' Oibreoirí Monarchan taobh istigh den Chomhairle. | Maolú | Laghdú ar ídiú breosla flít feithicil i gcomparáid le 2019. | Bliain 1 - 5 | Bóithre agus Iompar | Ranna éagsúla taobh istigh den Chomhairle agus CARO | Freagrach go hiomlán | |

**IO2 - Beartais agus tionscadail taisteal gníomhach a chur chun cinn agus a sheachadadh taobh istigh den Chontae chun níos mó siúil agus rothaíochta a éascú.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Io2.1** | Tacú le bunú líonra cuimsitheach comhtháite de mhoil chianoibre ar fud an Chontae chun cur leis an chianobair agus chun taisteal comaitéireachta a laghdú i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Cianoibre. | Maolú | Líon na mol cianoibre a bunaíodh nó atá beartaithe. | Bliain 5 | Forbairt Pobail agus Forbairt Gheilleagrach | | Tionchar | Maoiniú |
| **Io2.2** | Beartas Obair Chumaisc a chur i bhfeidhm d'fhoireann na Comhairle de réir threoir an Rialtais. | Maolú | Beartas Obair Chumaisc curtha i bhfeidhm;Líon na mball foirne a bhaineann leas as an pholasaí. Laghdú ar na mílte a thaistil rannpháirtithe chun na hoibre i gcomparáid le 2019. | Bliain 1 Gach Bliain | Corparáideach | | Freagrach go hiomlán | |

| Sprioc Straitéiseach 2: Taisteal gníomhach agus aistriú cóir iompair a mhéadú agus astaíochtaí feithiclí a laghdú | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **Io2.3** | Iliomad tionscadail Taisteal Gníomhach a sheachadadh agus a chothabháil sa Chontae. | Maolú | Líon na dtionscadal Taisteal Gníomhach a cuireadh i gcrích gach bliain. | Bliain 1 - 5<br>Bliain 1 - 5<br>Bliain 1 - 5 | Bóithre & Iompar | An Roinn Iompair | Freagrach go hiomlán | Buiséad agus Acmhainní |
| **Io2.4** | Líonra de chonairí Taisteal Gníomhach leithscartha, tarraingteacha agus sábháilte a dhearadh mar chuid de Bhóthar Poiblí TEN-T | Maolú | Dearadh Taisteal Gníomhach Críochnaithe, réidh le haghaidh Próiseas Reachtúil, Próiseas Pleanála Reachtúil a Chríochnú | Bliain 1 -5 | Bóithre & Iompar | TEN-T Dhún na nGall (www. donegal- ten-t.ie) | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Rialtais don Tionscadal |
| **Io2.5** | An líonra glasbhealaí sa Chontae a leathnú, ag bunú nasc le bailte agus sráidbhailte de réir an ghréasáin straitéiseach náisiúnta rothaíochta. | Maolú | Líon iomlán Km de rotharbhealaí tógtha. | Bliain 5 | Bóithre & Iompar | | Freagrach go hiomlán | Maoiniú |
| **Io2.6** | Díriú ar mhodhanna sábháilte iompair a mhéadú i mBaile Leitir Ceanainn chun roghanna praiticiúla eile a thabhairt ar úsáid charranna le haghaidh turais ghearra lena n-áirítear dearadh agus forbairt tograí bonneagair bóithre amach anseo m.sh. Tionscadal Líonra Dheisceart Leitir Ceanainn, Tionscadal Iompair agus Tráchta N56. | Maolú | Líon iomlán Km de rotharbhealaí Líon Iomlán km de shiúlbhealaí Líon Bhusbhealaí Baile Mór an Údaráis Náisiúnta Iompair; Tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus; monatóireacht a dhéanamh ar chomhaireamh Bliantúil Meántrácht Laethúil / Coisithe agus Rothaíochta; Modhanna sábháilte iompair agus Taisteal Gníomhach a bheith mar chuid de Thionscadal Líonra Dheisceart Leitir Ceanainn. | Bliain 1 - 5 | Bóithre & Iompar | An Roinn Iompair;Gach Roinn CCD ÚNI (Foireann Taisteal Gníomhach agus Naisc Bus) | Tionchar | Maoiniú |
| **Io2.7** | Tacú le hathrú ar iompar taistil agus é a spreagadh i measc a bpobal trí rannpháirtíocht an phobail agus trí ghníomhaíochtaí idirchaidrimh pobail. | | Oifigeach Idirchaidrimh Taisteal Gníomhach; ceaptha. | Bliain 1 | Bóithre & Iompar | An Roinn Iompair;Gach Roinn CCD ÚNI (Foireann Taisteal Gníomhach agus Naisc Bus) | Abhcóideacht | Maoiniú agus Acmhainní |

| Sprioc Straitéiseach 2: Taisteal gníomhach agus aistriú cóir iompair a mhéadú agus astaíochtaí feithiclí a laghdú | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |

**IO3 - Tacú le nascacht iarnróid a sheachadadh agus le roghanna iompar poiblí eile a fheabhsú chun aistriú cóir iompair a spreagadh ó iompar gluaisteán príobháideach.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Io3.1** | a) Tacú le nasc iarnróid a sholáthar idir: Leitir Ceanainn agus Doire; agus;Leitir Ceanainn agus Sligeach. | Oiriúnú | Líon na dteagmhálacha maidir le naisc iarnróid. | Bliain 5 | Bóithre & Iompar | | Abhcóideacht | Straitéis iarnróid 'Uile-Éireann' a sheachadadh |
| **Io3.2** | Tacú le soláthar seirbhísí iompar poiblí feabhsaithe taobh istigh den Chontae, ina measc mol iompair atá lonnaithe go lárnach i Leitir Ceanainn le freastal ar an réigiún agus an gréasán náisiúnta iarnróid a leathnú go Leitir Ceanainn. | Maolú | Líon na seirbhísí iompar poiblí nua agus leathnaithe.;Líon na bpaisinéirí ar iompar poiblí. | Bliain 5 | Bóithre & Iompar | Oibreoirí Bus Príobháideacha Iarnród Éireann An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Abhcóideacht | Staidéar Féidearthachta Iarnród Éireann ar Shíneadh |
| **Io3.3** | Tacú leis an bheartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe chun soláthar páirceála agus taistil/ comhroinnte ag idirmhalartaithe iompair agus moil phobail a mhéadú agus chun tacú le forbairt Seirbhísí Bus Baile chun nascacht a uasmhéadú don líon is airde cónaitheoirí. | Maolú | Líon na scéimeanna Páirceáil agus Taistil a Seachadadh. | Bliain 1 - 5 | Bóithre & Iompar | ÚNI (Foireann Taisteal Gníomhach agus Naisc Bus) An Roinn Iompair, PPN | Abhcóideacht | Maoiniú |
| **Io3.4** | Tacú le seachadadh an iompair phoiblí agus bhonneagair leasaithe iompair phoiblí i gceantair tuaithe trí:<br>• tacú le soláthar chonairí iompair phoiblí tuaithe Dhún na nGall sa Phlean Naisiúnta Soghluaisteachta Tuaithe (Feidhmiú Chéim 2)<br>• abhcóideacht a dhéanamh ar son conairí breise do Dhún na nGall sna céimeanna amach anseo. | Maolú | Laghdú ar líon na dturas i ngluaisteáin phríobháideacha. | Leanúnach | Bóithre & Iompar | An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) | Abhcóideacht | Maoiniú |
| **Io3.5** | Tacú le dearadh líonra Moil Mhódacha taobh istigh de TEN-T;Tionscadal Feabhsúcháin Bóithre Poiblí le haghaidh aistriú saoráideach agus áisiúil idir Taisteal Gníomhach, Iompar Poiblí agus Feithiclí Príobháideacha, agus chun Aistriú Cóir Iompair a spreagadh. | Maolú | Dearadh Mol Modal a chur i gcrích, réidh le haghaidh foilsiú an Phróisis Reachtúil, Próiseas Pleanála Reachtúil a Chríochnú | Bliain 1 - 5 | Bóithre & Iompar | TEN-T Dhún na nGall (www. donegal-ten-t.ie) | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Rialtais don Tionscadal Saineolas a bheith ar fáil próiseas pleanála reachtúil seachtrach |

| Sprioc Straitéiseach 2: Taisteal gníomhach agus aistriú cóir iompair a mhéadú agus astaíochtaí feithiclí a laghdú | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |

**IO4- Forbairt líonra pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a éascú.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Io 4.1** | Straitéis bonneagair luchtaithe FL a fhorbairt do Chontae Dhún na nGall De réir threoir ZEVI. | Maolú | Straitéis ullmhaithe. Bearta atá á gcur chun cinn. | Bliain 2 Bliain 5 | Bóithre & Iompar | Pleanáil | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |
| **Io4.2** | Tacú le dearadh a dhéanamh ar phointí luchtaithe EV a leagfar go straitéiseach ar feadh an Tionscadail Feabhsaithe Bóthair Phoiblí TEN-T a spreagfaidh tuilleadh úsáide as feithiclí EV príobháideacha, agus a chuirfidh le riachtanais Rialachán an AE i dtaca le Bonneagar don Mhalairt Bhreosla. | Maolú | Dearadh Líonra FL a chur i gcrích, réidh le haghaidh foilsiú an Phróisis Reachtúil, Próiseas Pleanála Reachtúil a Chríochnú | Bliain 1 - 5 | Bóithre & Iompar | TEN-T Dhún na nGall (www. donegal-ten-t.ie) | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Rialtais don Tionscadal Saineolas a bheith ar fáil próiseas pleanála reachtúil seachtrach |



# TIMPEALLACHT THÓGTHA

## SPRIOCANNA & CUSPÓIRÍ

Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag Éirinn maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéil 2018) agus astaíochtaí neodracha tráth nach déanaí ná 2050. Agus na spriocanna náisiúnta seo á mbaint amach, áirítear ar chonairí straitéiseacha faoi théama na Timpeallachta Tógtha laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ ó ghiniúint leictreachais, feabhsuithe ar éifeachtúlachtaí fuinnimh foirgnimh chónaithe agus an bealach a théimid ár dtithe. Beidh ról ag gach earnáil den tsochaí san obair sin.

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle ceannaireacht a léiriú agus í ag obair lena spriocanna féin do 2030 a bhaint amach, agus tionchar a imirt ar laghduithe ar astaíochtaí sa phobal i gcoitinne i gcomhréir leis an chuspóir aeráide náisiúnta. Is é sprioc na Comhairle athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinneamh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud foirgneamh agus bonneagair, lena n-áirítear soilsiú poiblí.

Tá córas bainistíochta fuinnimh (CóBF) i bhfeidhm ag Comhairle Contae Dhún na nGall le bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an fhuinneamh a úsáideann an Chomhairle. Ó 2020 i leith, tá Foireann Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle ag tabhairt faoi Thionscadail Laghdaithe Fuinnimh taobh istigh d'Fhoirgnimh Phoiblí lena n-áirítear soilsiú DAS agus uasghráduithe téimh, suiteáil painéil Ghréine FV agus insliú cuasach feabhsaithe. Tá foireann Bóithre agus Iompair CCDG ag seachadadh an Chláir Soilsiú Poiblí agus Iarfheistithe DAS agus Laghdaithe Fuinnimh fosta. Tá an córas bainistíochta fuinnimh i gComhairle Contae Dhún na nGall curtha i bhfeidhm agus deimhnithe de réir caighdeán idirnáisiúnta (ISO 50001) agus déanann comhlacht tríú páirtí deimhnithe é a sheiceáil ar bhonn rialta chun an feabhas ar fheidhmíocht fuinnimh a chinneadh.

Tá an Chomhairle ag obair chun éifeachtúlacht fuinnimh a stoic foirgneamh a fheabhsú, lena n-áirítear trí Chláir Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Uasghrádaithe Fabraice do thithe sóisialta atá ann cheana chun Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh (BER) de choibhéis B2 a bhaint amach faoi 2030. Cuirfear feabhas ar athléimneacht na timpeallachta tógtha i gcoinne éifeachtaí an athraithe aeráide chun cinn trínár gcomhoibriú leanúnach le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le bainistíocht riosca tuile agus trí thacú le tionscnaimh réigiúnacha agus náisiúnta chun athléimneacht ár mbonneagair agus ár n-oidhreachta tógtha a fheabhsú.

Tá go leor buntáistí breise ann chun feidhmíocht fuinnimh ár dtimpeallachta tógtha a fheabhsú agus GCT a laghdú. Áirítear orthu sin fás na gcineálacha fuinneamh in-athnuaite a mhéadaíonn ár neamhspleáchas fuinnimh agus ár gcoinneáil saibhris mar náisiún, agus beidh tithe ar chaighdeán níos fearr, níos sláintiúla agus níos compordaí mar thoradh ar théamh agus ar insliú cónaithe agus beidh páirt acu in Aistriú Cóir do gach duine.

## TIMPEALLACHT THÓGTHA

### SPRIOC

**Athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinneamh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na bhfoirgneamh agus an bhonneagair go léir.**

### CUSPÓIRÍ

**TT1** Úsáid fuinnimh agus leictreachais a laghdú ag gach foirgneamh, saoráid agus bonneagar bardasach (lena n-áirítear soilsiú).

**TT2** Foirgnimh a iarfheistiú de réir mar is gá chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí a laghdú.

**TT3** A chinntiú go ndéantar gach foirgneamh nua sa Chontae a dhearadh agus a thógáil de réir na gcaighdeán éifeachtúlacht fuinnimh is fearr.

**TT4** Tacú le soláthar bonneagar giniúna agus tarchurtha leictreachas in-athnuaite taobh istigh den Chontae.

**TT5** A chinntiú go bhfuil gach foirgneamh, saoráid agus bonneagar faoi úinéireacht na Comhairle athléimneach i leith éifeachtaí an athraithe aeráide.

**TT6** Athléimneacht ár nOidhreachta Tógtha agus Seandálaíochta i leith athrú aeráide a mhéadú.

**TT7** Tacú le hOifig na nOibreacha Poiblí teacht aniar a thógáil i leith éifeachtaí tuilte anois agus amach anseo.

# TIMPEALLACHT THÓGTHA

| Sprioc Straitéiseach 3: Athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na bhfoirgneamh agus agus an bhonneagair go léir | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |

**TT1 - Úsáid fuinnimh agus leictreachais a laghdú ag gach foirgneamh, saoráid agus bonneagar bardasach (lena n-áirítear soilsiú).**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TT1.1** | Gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistíocht fuinnimh a sheachadadh i ngach rannán comhairle de réir Chlár Deiseanna na Foirne Bainistíochta Fuinnimh. | Maolú | Bearta curtha chun feidhme ar an gClár Deiseanna | Bliain 1 -5 | Foireann Bainistíochta Fuinnimh | Gach Seirbhís CCDG | Freagrach go hiomlán | |
| **TT1.2** | An tlarfheistiú leanúnach soilsiú poiblí DAS agus an Clár Laghdaithe Fuinnimh a sheachadadh. | Maolú | 100% Soilse i bhfardal soilsithe poiblí CCDG iarfheistithe chuig DAS;40% soilse ina mbfuil ÍSLIÚ i bhfeidhm (leibhéal soilsithe laghdaithe idir 00.00hrs agus 06.00hrs). | Bliain 5 | Bóithre agus Iompar;- Seirbhísí Teicniúla Lárnacha | Comhairle Contae Mhaigh Eo, OBB; Rannóg Airgeadais CCDG, Comhaltaí Tofa | Freagrach go hiomlán | Bronnadh Mhaoiniú Conartha;na hOifige Bainistíochta Bóithre (OBB) do Thionscadal Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsiú Poiblí |
| **TT1.3** | Tacú le tionscadal leanúnach CCDG chun ár mbonneagar malartaithe, stórála agus ríomhaireachta TFC Corparáideach a chomhdhlúthú. | Maolú | Laghdú tomhaiste ar thomhaltas cumhachta TFC ag CCDG. | Bliain 1 | Córais Faisnéise | | Freagrach go hiomlán | |
| **TT1.4** | Astaíochtaí $CO_2$ a laghdú i ngach ceann de cheithre Ionad Fóillíochta CCDG trí Thionscadail Éifeachtúlacht Fuinnimh chun saoráidí níos inbhuanaithe agus níos neamhdhíobhálaí don aeráid a sholáthar. | Maolú | Sonraí Bonnlíne a bhunú Líon na nIniúchtaí a Cuireadh i gCrích;Clár Monatóireachta Bunaithe;Tuairisciú ar idirghabhálacha a rinneadh;- comparáid le sonraí bonnlíne. | Bliain 5 | Uisce & Comhshaol | Boird Bhainistíochta, Pobail Áitiúla & Clubanna | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Roinne, Oibreoirí agus Saineolas Comhairleach |

**Sprioc Straitéiseach 3: Athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na bhfoirgneamh agus agus an bhonneagair go léir**

| Tag. | Gníomh | Oiriúnú/ Maolú | Beart Rianaithe / KPI | Fráma ama | Príomh-Roinn CCDG | Comhpháirtithe | Ról na Comhairle | Spleáchais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TT1.5** | Tionscadal INNOCAP arna mhaoiniú ag Interreg a chur i bhfeidhm chun acmhainn a fhorbairt taobh istigh den earnáil phoiblí maidir le teicneolaíochtaí suaiteacha agus treoirthionscadal cur chun feidhme a fhorbairt a bhaineann leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. | An dá rud | Tuairisciú tionscadail gach 6 mhí. | Bliain 1 - 5 | Córais Faisnéise | CCDG, Uisce & Comhshaol, https://donegalcoco.ie/eufundedpro-jects/innocap/ | Comhordú agus Éascú | Maoiniú Seachtrach |
| **TT1.6** | Réiteach Bainistithe Cumhachta a chur i bhfeidhm chun feistí a mhúchadh go huathoibríoch i ndiaidh uaireanta oibre ionas nach bhfágfar iad gan aon idirghabháil. | Maolú | Léireoidh logaí bogearraí Bainistithe Cumhachta líon na múchtaí uathoibríocha. | Leanúnach | Córais Faisnéise | | Freagrach go hiomlán | |
| **TT1.7** | Oibriú le comhpháirtithe chun Dúshlán na gCathracha Cliste a shásamh i nDún na nGall, ina measc an Comhaontú Glas Áitiúil a bhaint amach. | An dá rud | Líon na ngnólachtaí agus na bpáirtithe leasmhara atá rannpháirteach agus tiomanta do LGD. | Bliain 3 | Forbairt Gheilleagrach | | Tionchar | Maoiniú Seachtrach |
| **TT1.8** | Measúnú Féidearthachta maidir le dícharbónú 15 fhoirgneamh poiblí i nDún na nGall a chur i gcrích trí Thogra Dícharbónaithe an Iarthuaiscirt | Maolú | Líon na Measúnuithe Féidearthachta a rinneadh Bearta Dícharbónaithe (m.sh. iarfheistiú painéil ghréine PV) aitheanta agus cóstáil déanta orthu. | Bliain 1 | Gníom-haireacht Réigiúnach Fuinnimh an IT | Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin; | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Seachtrach - Oileán Comhroinnte |
| **TT1.9** | Deiseanna maoinithe a lorg chun moltaí Thionscadal Dícharbónaithe an Iarthuaiscirt a chur i gcrích, ina measc oibreacha caipitil. | Maolú | Líon na sruthanna cistiúcháin a sainaithníodh agus a ndearnadh iarratas orthu; Maoiniú faighte; Moltaí á gcur chun cinn. | Bliain 1<br>Bliain 2<br>Bliain 5 | Gníom-haireacht Réigiúnach Fuinnimh an NW | Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin; | Tionchar | Comhpháirtithe Tionscadail um Maoiniú Seachtrach |

| **Sprioc Straitéiseach 3: Athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na bhfoirgneamh agus agus an bhonneagair go léir** | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |

**TT2 - Foirgnimh a iarfheistiú de réir mar is gá chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí a laghdú.**

| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TT2.1** | Cláir Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Uasghrádaithe Fabraice a chur i bhfeidhm do thithe sóisialta atá ann cheana chun uasghrádú a bhaint amach go rátáil BER B2 ar a laghad, astaíochtaí GCT agus ídiú fuinnimh a laghdú; agus aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht breosla. | Maolú | Líon na dtithe sóisialta uasghrádaithe go caighdeán BER B2 ar a laghad. | Bliain 5 | Tithíocht | An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta | Freagrach go hiomlán | Maoiniú meaitseála seachtrach agus CCDG |
| **TT2.2** | Uasghrádú a dhéanamh ar na haonaid tithíochta sóisialta atá ann cheana agus a ndéanann bloic choincréite lochtacha damáiste dóibh go dtí BER B2 ar a laghad chun astaíochtaí GCT, ídiú fuinnimh a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht breosla. | Maolú | Líon na dtithe sóisialta a ndearnadh damáiste dóibh trí bhloic choincréite lochtacha a uasghrádaíodh go dtí íosmhéid BER B2;mar chuid den phróiseas feabhsúcháin foriomlán. | Bliain 5 | Tithíocht | An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta | Freagrach go hiomlán | Maoiniú |
| **TT2.3** | Oibriú i dtreo tithe inacmhainne a chuireann an Chomhairle ar fáil faoi Thithíocht lena gceannach nó lena ligean ar cíos. | Maolú | Líon na dtithe in Tithíocht do Chách le rátáil BER B2 ar a laghad. | Bliain 5 | Tithíocht | An Roinn Tithíochta Rialtas Áitiúil | Freagrach go hiomlán | Maoiniú |
| **TT2.4** | An Scéim Náisiúnta Iarfheistithe a chur chun cinn do shealbhóirí tí príobháideacha chun aird a tharraingt ar an phacáiste. | Maolú | Líon na dtithe. | Bliain 5 | NW Regional Energy Agency Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh an IT | ÚFIÉ | Abhcóideacht | |
| **TT2.5** | Leanúint leis an obair ar thionscadal Gníomhaireachtaí Fuinnimh Áitiúla i Réigiúin Fhoirimeallacha (LEAP) EU LIFE féachaint an bhféadfaí tithíocht a iarfheistiú i nDún na nGall. | Maolú | Tionscadal LEAP EU LIFE curtha i gcrích;Moltaí indéantachta aitheanta. | Bliain 5 | NW Regional Energy Agency Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh an IT | | Comhordú agus Éascú | Maoiniú Seachtrach |
| **TT2.6** | Athúsáid oiriúnaitheach foirgnimh atá ann cheana a chur chun cinn i dtéarmaí spásanna pobail a fhorbairt faoi chláir mhaoinithe faoi seach amhail Bailte agus Sráidbhailte, agus Pobail. | Oiriúnú | An líon foirgnimh fholmha nó thréigthe a tugadh ar ais in úsáid trí na sruthanna maoinithe éagsúla. | 2026 go 2029 | Pleanáil Forbartha Pobail | Forbairt Pobail, Pleanáil agus Athghiniúint, | Abhcóideacht | Sruthanna maoiniú leanúnach ar fáil |
| **TT2.7** | Athchóiriú ar Fhoirgneamh Riaracháin atá ann cheana (iar-Bheairic an Airm), chun é a thabhairt ar ais in úsáid mar oifigí CCDG agus rátáil BER B2 a bhaint amach. | Maolú | Athchóiriú iomlán rátáil BER B2 bainte amach ;Oifig in úsáid le tomhaltas fuinnimh níos ísle. | Bliain 1 | Bainistíocht Áiseanna | | Freagrach go hiomlán | |

| Sprioc Straitéiseach 3: Athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na bhfoirgneamh agus agus an bhonneagair go léir | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **TT2.8** | Leanúint den rannpháirtíocht i dTionscadal Saoráide Cathrach an AE (EUCF) chun coincheap infheistíochta a fhorbairt le haghaidh dhícharbónú na gcóras fuinnimh ar fud Réigiún an Iarthuaiscirt. | Maolú | Tionscadal EUCF Críochnaithe; Coincheap Infheistíochta aitheanta. | Bliain 5 | Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh an IT | Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin;ÚFIÉ;Infheistiú TÉ | Comhordú agus Éascú | Maoiniú Seachtrach |
| **TT2.9** | Taighde a dhéanamh agus cás-staidéir a fhorbairt ó stoc foirgneamh stairiúil na Comhairle a thugann faoi mheasúnuithe feidhmíocht fuinnimh réamhoibreacha agus iar-oibreacha agus a cheapann iarfheistiú/uasghrádú fuinnimh cuí agus tuisceanach ar fhoirgnimh thraidisiúnta chun bonn eolais a chur faoi oibreacha ar réadmhaoin eile atá faoi úinéireacht na Comhairle agus chun úinéirí príobháideacha a threorú. | Maolú | Líon na gCás-Staidéar a cuireadh i gcrích. | Bliain 2 | Pleanáil - An Oifig Chaomhantais | Tithíocht CCDG; An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Seachtrach, Acmhainní |

**TT3 - A chinntiú go bhfuil gach foirgneamh nua sa Chontae deartha agus tógtha de réir na gcaighdeán is fearr atá tíosach ar fhuinneamh.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TT3.1** | Oibriú i dtreo aonaid nua tithíocht shóisialta a thógáil a chuirtear ar fáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall ag baint amach Rátáil A2 BER ar a laghad chun astaíochtaí GCT agus ídiú fuinnimh a laghdú, agus aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. | Maolú | Spriocanna Thithíocht do Chách;- réamhmheasta i gcomparáid le bainte amach. | Bliain 5 | Tithíocht | An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCnna) | Freagrach go hiomlán | Ceadanna Pleanála Fóntais Infhaighteacht Maoinithe |
| **TT3.2** | Oibriú i dtreo foirgnimh úra (teaghaisí, tráchtáil agus poiblí) a dhearadh agus a thógáil go caighdeán Foirgneamh Beagnach Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (NZEB) faoi 2025 agus caighdeán Foirgneamh Astaíochtaí Neodracha (ZEB) faoi 2030. | Maolú | Líon na gCeadanna Pleanála a deonaíodh leis an Choinníoll Pleanála seo. | Bliain 5 | Pleanáil | | Tionchar | Comhlíonadh Coinníollacha Pleanála |
| **TT3.3** | A cheangal, nuair is féidir, go ndéanfar forbairtí nua a shuíomh agus a dhearadh chun tús áite a thabhairt do rochtain shábháilte, dhíreach agus tharraingteach do choisithe agus do rothaithe. | Maolú | Líon na gCeadanna Pleanála a deonaíodh leis an Choinníoll Pleanála seo. | Bliain 5 | Pleanáil | | Tionchar | Comhlíonadh Coinníollacha Pleanála |

| **Sprioc Straitéiseach 3: Athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na bhfoirgneamh agus agus an bhonneagair go léir** | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **TT4 - Tacú le soláthar bonneagar giniúna agus tarchurtha leictreachais in-athnuaite taobh istigh den Chontae.** | | | | | | | | |
| **TT4.1** | An tionscadal COPOWER atá maoinithe ag Interreg a chur i bhfeidhm maidir le gléasra cumhachta fíorúil pobalbhunaithe a fhorbairt a chuidíonn le héileamh agus táirgeadh leictreachais a chothromú. Cruthóidh sé deis chun an córas fuinnimh áitiúil a dhigitiú, a dhícharbónú agus a dhílárú. | Maolú | Tuairisciú tionscadail gach 6 mhí. | Bliain 3 | Córais Faisnéise | ERNACT CENTRIA;Ollscoil na hEolaíochta Feidhmí, an Fhionlainn;Nolsoy Energy Ltd, Ollscoil Oileáin Fharó Ollscoil na hÍoslainne Oulu | Comhordú agus Éascú | Maoiniú Interreg |
| **TT 4.2** | An tionscadal ShareRES (Fuinneamh In-athnuaite a Roinnt trí Phobail Fuinnimh) arna mhaoiniú ag Interreg a chur i gcrích chun na buntáistí a bhaineann le Cumhacht an Chomhphobail a mheas. | Maolú | Tionscadal críochnaithe Moltaí á gcur chun cinn. | Bliain 1 Bliain 5 | Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh an IT | https:// www. interregeurope. ae/shareres | Comhordú agus Éascú | Maoiniú Interreg |
| **TT 4.3** | Straitéis fhoriomlán fuinneamh in-athnuaite a ullmhú don Chontae. | Maolú | Straitéis Fuinneamh In-athnuaite ullmhaithe | Bliain 5 | CCDG | Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin | Comhordú agus Éascú | Maoiniú, Foilsiú Straitéisí Athleasaithe Fuinnimh In-Athnuaite Údarás Áitiúil de réir Ghníomh EL 24/6 den dréacht Phlean Gníomhaithe Aeráide 2024. |
| **TT4.4** | Tacú le tionscadail áitiúla fuinnimh in-athnuaite phobalbhunaithe agus le tionscadail nua mhicreaghiniúna agus giniúint ar mhionscála fuinneamh in-athnuaite. | Maolú | Líon na dtionscadal pobalbhunaithe a rabhthas ag plé leo | Bliain 5 | Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh an IT | Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin; | Comhordú agus Éascú | |
| **TT4.5** | Tacú leis an leathnú agus na feabhsuithe leanúnacha ar bhonneagar na heangaí leictreachais taobh istigh den Chontae chun cur le giniúint agus le soláthar in-athnuaite. | Maolú | Tuarascáil maidir le leathnú agus feabhsuithe ar bhonneagar na heangaí leictreachais | Bliain 5 | Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh an IT;BSL | Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin; | Abhcóideacht | |

| Sprioc Straitéiseach 3: Athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na bhfoirgneamh agus agus an bhonneagair go léir | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **TT4.6** | Oibriú le príomh-chomhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara chun tacú le forbairt na hearnála fuinnimh in-athnuaite amach ón chósta i nDún na nGall. | Maolú | Líon na gcomhpháirtithe / bpáirtithe leasmhara ar pléadh leo; Líon na gcruinnithe a tionóladh Straitéis/ Plean Gníomhaíochta ullmhaithe;Straitéis / Plean Gníomhaíochta á chur i bhfeidhm. | Bliain 5<br><br>Bliain 5<br>Bliain 5<br><br><br>Bliain 10 | Forbairt Gheilleagrach | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU); Braisle Mara na gCealla Beaga | Tionchar | Acmhainní foirne |

**TT5 - A chinntiú go bhfuil gach foirgneamh, saoráid agus bonneagar faoi úinéireacht na Comhairle athléimneach i leith éifeachtaí an athraithe aeráide.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TT5.1** | A bheith réamhghníomhach maidir le hathléimneacht tuile a sholáthar do bhonneagar bardasach trí mheasúnuithe riosca tuile a dhéanamh agus Maoiniú OOP a lorg trína gclár Mionoibreacha nuair is gá. | Oiriúnú | Líon na n-iarratas a rinneadh chuig Clár Mionoibreacha Oifig na nOibreacha Poiblí; le haghaidh measúnuithe ar riosca tuile do bhonneagar bardasach (bóithre poiblí, foirgnimh, droichid); Líon na n-iarratas a rinneadh chuig Clár Mionoibreacha OOP le haghaidh oibreacha caipitil chun bonneagar bardasach a chosaint ar thuilte;Líon na dtionscadal maolaithe tuilte a cuireadh chun cinn. | Bliain 5 | Bóithre agus Iompar ;Áiseanna Tithíochta | Aonad Scéimeanna Cosanta Tuilte CCDG;Oifig an Rialtais Phoiblí;Saothair | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Seachtrach Cead Pleanála um (lena n-áirítear toilithe comhshaoil) |
| **TT5.2** | Tionscadail 'Oiriúnú don Athrú Aeráide & Athléimneacht' a sheachadadh ar ghréasán na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht ghréasán na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla a fheabhsú agus chun gníomhaíochtaí a chuireann leis an athrú aeráide a íoslaghdú. | An dá rud | Líon na dtionscadal Oiriúnaithe Aeráide a cuireadh i gcrích gach bliain. | Bliain 1 - 5 | Bóithre agus Iompar | Oifig Réigiúnach na Roinne Iompair agus Gníomhaithe ar son na hAeráide. | Freagrach go hiomlán | Méid an leithdháilte |
| **TT5.3** | A chinntiú go measann dearadh an bhonneagair bhardasaigh amach anseo athléimneacht tuile nuair is gá agus nach méadaíonn siad riosca tuile in áiteanna eile. | Oiriúnú | Líon na dtionscadal bonneagar bardasach a dearadh agus a forbraíodh de réir an Chórais Phleanála agus;Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte;- Treoirlínte d'Údaráis Phleanála. | Bliain 5 | Bóithre agus iompar ;Áiseanna Tithíochta | Aonad Scéimeanna Cosanta Tuilte CCDG;Oifig na nOibreacha Poiblí | Freagrach go hiomlán | |

**Sprioc Straitéiseach 3: Athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na bhfoirgneamh agus agus an bhonneagair go léir**

| Tag. | Gníomh | Oiriúnú/ Maolú | Beart Rianaithe / KPI | Fráma ama | Príomh-Roinn CCDG | Comhpháirtithe | Ról na Comhairle | Spleáchais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TT5.4** | Leanúint ar aghaidh ag seachadadh na gClár Feabhsúcháin Athchóirithe (RI) agus Cothabhála Athchóirithe (RM) ar an ngréasán bóithre poiblí. | Oiriúnú | Úsáid iomlán a bhaint as buiséid RI & RM a leithdháil an Roinn Iompair. | Bliantúil | Bóithre & Iompar | RI, agus ranna éagsúla CCDG | Freagrach go hiomlán | Méid an leithdháilte |
| **TT5.5** | Leanúint ar aghaidh ag seachadadh na gClár Cothabhála Geimhridh do bhóithre poiblí agus Sáile a chur le salann spraefhliuchta. | Oiriúnú | Úsáid iomlán a bhaint as buiséid CG a leithdháileadh ón RI agus acmhainní dílse CCDG. | Bliantúil | Bóithre & Iompar | RI, agus CCDG ranna éagsúla | Freagrach go hiomlán | Méid an leithdháilte |

**TT6 - Athléimneacht ár nOidhreachta Tógtha agus Seandálaíochta i leith athrú aeráide a mhéadú.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TT6.1** | Tacú le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha chun athléimneacht aeráide na hoidhreachta ailtireachta agus seandálaíochta a fhorbairt faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach m.sh. Ciste na Séadchomharthaí Pobail, Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Infheistíocht san Oidhreacht Thógtha; Ciste na Struchtúr Stairiúil. | Oiriúnú | Líon na bhfoirgneamh/ láithreán a mhaoinítear trí gach ceann de na scéimeanna. | Bliain 1 -5 | Roinn Chultúir agus Oifig Caomhnaithe | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Chomhairle Oidhreachta, Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta | Comhordú agus éascú; Tionchar | Foireann agus Acmhainní |
| **TT6.2** | Tacú le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha chun tionscadail a fhorbairt chun athléimneacht aeráide foirgneamh traidisiúnta a uasghrádú agus chun úsáid/athúsáid oiriúnaitheach struchtúir stairiúla a chur chun cinn. | Oiriúnú | Líon na gcás-staidéar, na n-imeachtaí nó na bhfoilseachán. | Bliain 4 | Roinn Chultúir agus Oifig Caomhnaithe | Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta, An Chomhairle Oidhreachta | Comhordú agus éascú; Tionchar | Foireann agus Acmhainní |
| **TT6.3** | Tabhairt faoi mheasúnú riosca aeráide ar shócmhainní oidhreachta (cultúrtha, tógtha, seandálaíochta agus nádúrtha) faoi úinéireacht údaráis áitiúla;bunaithe ar an mhodheolaíocht atá le teacht d'údaráis áitiúla ón Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil & Oidhreachta. | An dá rud | Measúnú Riosca Aeráide curtha i gcrích. | Bliain 5 | Roinn Chultúir | An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus;Oidhreachta agus stiúrthóireachtaí uile CCDG | Freagrach go hiomlán | Treoir ag teacht ón, Acmhainní breise agus treoir náisiúnta a fhorbairt |

| Sprioc Straitéiseach 3: Athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú; astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na bhfoirgneamh agus agus an bhonneagair go léir | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |

**TT7 - Tacú le hOifig na nOibreacha Poiblí athléimneacht a sholáthar d'éifeachtaí tuile anois agus amach anseo.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TT7.1** | Tacú leis an OOP Treoir Tuilte an AE a chur i bhfeidhm trí Phleananna Bainistithe Riosca i gCás Tuilte Abhantrach an Iarthuaiscirt agus na hÉirne. | Oiriúnú | Líon na Scéimeanna Cosanta Tuile atá á seachadadh;Líon na Scéimeanna nua a seoladh ó na Pleananna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte Ionchur sa Réamh-Mheasúnú Riosca Tuile is deireanaí ag an OOP. | Bliain 1-5<br>Bliain 5<br>Bliain 2 | Aonad na Scéimeanna Cosanta Tuile | Oifig na nOibreacha Poiblí | Tionchar | Maoiniú OOP |
| **TT7.2** | Comhoibriú leis an OOP agus a bheith i gceannas ar chur i bhfeidhm Scéimeanna inmharthana Cosanta Tuile a seoladh cheana féin le haghaidh forbartha. | Oiriúnú | Líon na Scéimeanna inmharthana leanúnacha a tugadh ar aghaidh go dtí céim na tógála. | Bliain 1-5 | Aonad na Scéimeanna Cosanta Tuile | Oifig na nOibreacha Poiblí | Tionchar | Maoiniú OOP |
| **TT7.3** | Samhail seachadta nua do Scéimeanna Cosanta Tuile a chur i bhfeidhm agus a thriail thar ceann Oifig na nOibreacha Poiblí. | Oiriúnú | Tuarascáil ar KPInna atá sonrach do thionscadail mar a forbraíodh i gcomhar leis an OOP. | Bliain 5 | Aonad na Scéimeanna Cosanta Tuile | Oifig na nOibreacha Poiblí | Tionchar | Maoiniú OOP |
| **TT7.4** | Tacú le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhonneagar uisce stoirme chun draenáil inbhuanaithe a fheabhsú agus chun an baol tuilte sa timpeallacht uirbeach a laghdú. | Oiriúnú | Líon na n-athbhreithnithe ar bhonneagar uisce stoirme a rinneadh;Líon na dtionscadal feabhsúcháin atá ar siúl. | Bliain 5 | Bóithre agus Iompar | Uisce Éireann, OOP | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |



# AN TIMPEALLACHT NÁDÚRTHA AGUS BONNEAGAR GLAS

## SPRIOCANNA & CUSPÓIRÍ

Is é sprioc Chomhairle Contae Dhún na nGall ár gcomhshaol, agus a dhobharcheantair bhithéagsúlachta agus uisce, nuair is féidir, a chur chun cinn agus a chosaint mar phríomhchumasóirí oiriúnaithe agus maolaithe aeráide ar fud an Chontae. Bithéagsúlacht agus Oidhreacht Dhún na nGall a chosaint, a chaomhnú, a fheabhsú agus a athleasú, nuair is féidir. Beidh sé ríthábhachtach chun ár gcuspóirí a bhaint amach Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon; agus tacú le tionscnaimh réigiúnacha agus náisiúnta a bhaineann le hOidhreacht, Bithéagsúlacht, Bogaigh agus Tailte Portaigh.

Déanfaidh an Plean Gnímh Bithéagsúlachta breithniú faoi bhearta féideartha ar nós pailneoirí, ceapadh carbóin, réitigh bunaithe sa dúlra, seirbhísí éiceachórais a shainaithint agus tacú leo, bainistiú ar speicis ionraitheacha, laghdú lotnaidicídí agus luibhicídí, bonneagar glas agus gorm, breithnithe bithéagsúlachta a thabhairt isteach i dtionscadail nua na Comhairle.

Oibríonn réitigh dhúlrabhunaithe leis an dúlra seachas ina choinne chun réitigh inbhuanaithe, chostéifeachtúla a sholáthar ar dhúshláin shochaíocha amhail an t-athrú aeráide. Is féidir leis na réitigh sin a bheith an-éifeachtach maidir le dul in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide agus mar bhearta maolaithe aeráide. Is féidir leo ról tábhachtach a bheith acu maidir le ceapadh carbóin, gnáthóga agus éiceachórais a sholáthar agus a fheabhsú, uisce a shú isteach agus sreabhadh uisce a mhoilliú a sholáthraíonn athléimneacht i gcoinne tuilte, cáilíocht an uisce agus sláinte ithreach a fheabhsú, truailleáin a bhaint den aer, agus rialáil teochta.

Chomh maith le tairbhí comhshaoil; cuireann réitigh dhúlrabhunaithe buntáistí luachmhara sláinte agus folláine ar fáil. Nuair a bhíonn daoine thart ar chrainn agus faoin dúlra is féidir strus a laghdú, caighdeán na beatha a fheabhsú, agus is féidir dlús a chur le hamanna téarnaimh ó thinneas. Is féidir le crainn uirbeacha agus bonneagar glas méideanna móra truaillithe aeir agus deannaigh a bhaint agus cáilíocht an aeir uirbigh a fheabhsú. Is féidir le crainn agus an dúlra soláthar a dhéanamh fosta do Shúgradh & Foghlaim, Fuarú Scátha & Compord, Scíth, agus Braistint Áite.  I measc na mbuntáistí eacnamaíocha tá luachanna méadaithe talaimh agus maoine, turasóireacht mhéadaithe, táirgiúlacht agus cruthaitheacht mhéadaithe, agus ualach airgeadais níos lú ar sheirbhísí sláinte agus éigeandála.

## AN TIMPEALLACHT NÁDÚRTHA AGUS BONNEAGAR GLAS

**SPRIOC**

**Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur chun cinn, leis an bhithéagsúlacht agus na habhantraigh, nuair is féidir, mar nithe a éascóidh an t-oiriúnúchán agus an maolúchán aeráide ar fud an Chontae.**

**CUSPÓIRÍ**

**TN1** Bithéagsúlacht agus Oidhreacht Dhún na nGall a chosaint, a chaomhnú, a fheabhsú agus a athleasú, nuair is féidir.

**TN2** Cloí leis an Chreat-Treoir Uisce agus leis an Phlean Bainistithe Abhantraí.

**TN3** Athléimneacht ár gcósta a mhéadú i leith na haeráide atá ag athrú

**TN4** Tacú le Réitigh Dhúlrabhunaithe (RDB) chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, agus chun tairbhí breise a sholáthar amhail caomhnú na bithéagsúlachta, slándáil uisce, agus;folláine an duine.

# TIMPEALLACHT NÁDÚRTHA & BONNEAGAR GLAS

**Sprioc Straitéiseach 4: Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur chun cinn, leis an bhithéagsúlacht agus na habhantraigh, nuair is féidir, mar nithe a éascóidh an t-oiriúnúchán agus an maolúchán aeráide ar fud an Chontae.**

| Tag. | Gníomh | Oiriúnú/ Maolú | Beart Rianaithe / KPI | Fráma ama | Príomh-Roinn CCDG | Comhpháirtithe | Ról na Comhairle | Spleáchais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **NE1 - Bithéagsúlacht agus Oidhreacht Dhún na nGall a chosaint, a chaomhnú, a fheabhsú agus a athleasú, nuair is féidir.** | | | | | | | | |
| **TN1.1** | Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta don Chontae a ullmhú agus tosú ar a chur i bhfeidhm chun an bhithéagsúlacht áitiúil a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear bearta atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. | An dá rud | Plean ullmhaithe Bearta á gcur i bhfeidhm. | Bliain 1 Bliain 5 | Roinn Chultúir | An Chomhairle Oidhreachta; an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |
| **TN1.2** | Tacú le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha chun iniúchadh a dhéanamh ar thalamh an údaráis áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht bithéagsúlachta maidir le cúinsí aeráide. | An dá rud | Iniúchadh curtha i gcrích. | Bliain 5 | Roinn Chultúir | SPNF,An Chomhairle Oidhreachta, Cairde Éanlaith Éireann, Páirtithe leasmhara áitiúla agus an pobal | Comhordú agus Éascú | Maoiniú agus Acmhainní |
| **TN1.3** | Tacú le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha chun suirbhé ar bhogaigh chontae a dhéanamh agus tús a chur le moltaí a chur i bhfeidhm maidir le caomhnú agus athchóiriú bogach. | An dá rud | Suirbhé déanta ;Bearta á gcur i bhfeidhm. | Bliain 1-5 | Roinn Chultúir | SPNF, Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil | Comhordú agus Éascú | Acmhainní |
| **TN1.4** | Tacú le hionchorprú a dhéanamh ar mhír bhithéagsúlachta mar chuid den dearadh Tírdhreacha agus Draenála den Bhóthar Phoiblí TEN-T. Tionscadal Feabhsaithe (Dún na nGall) a úsáideann dorchlaí bithéagsúlachta, tírdhreachú agus plandú crann, agus bogaigh lán bithéagsúlachta. | Maolú | Dearadh Tírdhreacha agus Draenála curtha i gcrích, réidh le haghaidh foilsiú an Phróisis Reachtúil. Próiseas Pleanála Reachtúil a Chríochnú | Bliain 1 - 5 | Bóithre agus Iompar | TEN-T Dhún na nGall (www. donegal- ten-t. ie) | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Rialtais don Tionscadal Saineolas a bheith ar fáil Próiseas Pleanála Reachtúil Seachtrach |

| Sprioc Straitéiseach 4: Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur chun cinn, leis an bhithéagsúlacht agus na habhantraigh, nuair is féidir, mar nithe a éascóidh an t-oiriúnúchán agus an maolúchán aeráide ar fud an Chontae. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **TN1.5** | Tacú le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha chun saineolas éiceolaíoch sa Chomhairle a neartú. | Maolú | Ceapachán; Oifigeach Bithéagsúlachta | Bliain 1 | Roinn Chultúir | An Chomhairle Oidhreachta, CCMA, RTRAO | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Seachtrach Acmhainní |
| **TN1.6** | Tacú le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha chun talamh portaigh a athshlánú mar dhoirteal carbóin agus gnáthóg a sholáthar don bhithéagsúlacht. | An dá rud | An líon tionscnamh / tionscadal ar pléadh leo;An líon ionchuir tihonscadail | Bliain 5 | Roinn Chultúir; An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | Bord na Móna, Coillte, OOP, SPNF,Cairde Éanlaith Éireann, Iontaobhas Aibhneacha Inis Eoghain, ACRES agus LAWPRO | Abhcóideacht | Maoiniú Seachtrach |
| **TN1.7** | An méid gearradh féir a dhéantar i spásanna poiblí a laghdú, bithéagsúlacht a chaomhnú agus fás plandaí dúchasacha a spreagadh. | An dá rud | Méid an laghdaithe i limistéir ghearrtha féir (ha) | Bliain 1 - 5 | Bóithre agus Iompar | Coistí Bailte Slachtmhara | Freagrach go hiomlán | Maoiniú chun limistéir fhiáine a chothabháil, Cúnamh cúltaca |
| **TN1.8** | Athbhreithniú agus feidhmiú a dhéanamh ar ghealltanas na Comhairle i dtaca le Plean Pailneoirí Uile-Éireann trí fhorbairt a dhéanamh ar Chlár Oibre Pailneoirí. | An dá rud | Clár Oibre ullmhaithe; Bearta á gcur i bhfeidhm | Bliain 1 - 5 | Roinn Chultúir | Comhairle Oidhreachta, SPNF | Freagrach go hiomlán | Cistiú agus Acmhainní |

**TN2 - Cloí leis an Chreat-Treoir Uisce agus leis an Phlean Bainistithe Abhantraí.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TN2.1** | Foraoiseacht - Oibriú le Coillte chun cosaint uisce agus comhtháthú bearta bithéagsúlachta a chur chun cinn i ndobharcheantair foraoiseachta áit a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar dhobharlach (m.sh. dríodar, lotnaidicídí , dath, ábhar orgánach agus teagmhais ardbháistí. | An dá rud | Rannpháirtíocht le Coillte | Bliain 1 - 5 | Uisce & Comhshaol | Coillte | Abhcóideacht | Acmhainní |
| **TN2.2** | Dabhcha Séarachais - Oibriú leis an phobal chun cosaint uisce agus comhtháthú na bithéagsúlachta a chur chun cinn trí ábhar bolscaireachta a eisiúint do sholáthraithe uisce príobháideacha rialáilte, iarratasóirí ar dheontais tobair agus úinéirí tí a ndéanfar Chigireacht ar a nDabhach Séarachais. | An dá rud | Ábhar bolscaireachta ullmhaithe agus eisithe. Rannpháirtíocht le hiarratasóirí deontais agus le húinéirí tí | Bliain 1 - 5 | Uisce & Comhshaol | | Abhcóideacht | Acmhainní |

**Sprioc Straitéiseach 4: Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur chun cinn, leis an bhithéagsúlacht agus na habhantraigh, nuair is féidir, mar nithe a éascóidh an t-oiriúnúchán agus an maolúchán aeráide ar fud an Chontae.**

| Tag. | Gníomh | Oiriúnú/ Maolú | Beart Rianaithe / KPI | Fráma ama | Príomh-Roinn CCDG | Comhpháirtithe | Ról na Comhairle | Spleáchais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TN2.3** | Athbhreithniú a dhéanamh ar Cheadúnais Sceite chuig Uisce Alt 4 chun a fháil amach an bhfuil siad. | Oiriúnú | Líon na gCeadúnas a athbhreithníodh.;Líon na gCeadúnas | Bliain 3 | Uisce & Comhshaol | | Freagrach go hiomlán | Acmhainní |
| **TN2.4** | Tacú le comhtháthú réitigh dhearaidh cosanta uisce fheabhsaithe taobh istigh de Chóras Bóithre Poiblí TEN-T. | Maolú | Bearta cosanta ar glacadh leo sa Scéim, Próiseas Pleanála Reachtúil a Chríochnú | Bliain 1 - 5 | CCDG;Bóithre agus Iompar | TEN-T Dhún na nGall (www. donegal- ten-t. ie) | Freagrach go hiomlán | Maoiniú Rialtais don Tionscadal, Próiseas Pleanála Reachtúil Seachtrach |

**TN3 - Athléimneacht ár gcósta a mhéadú i leith na haeráide atá ag athrú.;**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TN3.1** | Tacú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus réigiúnacha Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe a fhorbairt, amach ó chósta Dhún na nGall agus réigiún an Iarthuaiscirt, de réir forálacha sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí agus i dTionscadal Éireann 2040. | Oiriúnú | Plean Ceantair Mhuiríne ullmhaithe. | Bliain 5 | Uisce & Comhshaol | An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta | Abhcóideacht agus;Tionchar | |
| **TN3.2** | Tabhairt faoi Staidéir Chreimthe Cósta & Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte (CFERM) i gceantair chósta leochaileacha agus obair leantach a dhéanamh ar mholtaí. | Oiriúnú | Tuarascálacha CFERM Seachadta ;Moltaí á gcur i bhfeidhm. | Bliain 2<br>Bliain 5 | Uisce & Comhshaol | OOP, Pobail, Baill Thofa | Comhordú agus Éascú | Faomhadh agus Maoiniú Oifig na nOibreacha Poiblí |

**TN4 - Tacú le Réitigh Dhúlrabhunaithe (RDB) chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, agus chun tairbhí breise a sholáthar amhail caomhnú na bithéagsúlachta, slándáil uisce, agus;folláine an duine.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **TN 4.1** | Prótacal a fhorbairt chun RDB a chur i bhfeidhm ar thionscadail na Comhairle | An dá rud | Oiliúint a chur ar fhoireann na Comhairle maidir le roghanna malartacha RDB; Samplaí de dhea-chleachtas in RDB chun rith uisce dromchla a bhainistiú i spásanna uirbeacha | Bliain 2<br>Bliain 5 | An Fhoireann Chomhshaoil, Gníomhaithe ar son na hAeráide, Uisce & Comhshaol | Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil, OOP, SPNF | Comhordú agus Éascú | Maoiniú agus Acmhainní |
| **TN4.2** | Deiseanna a aithint, taobh istigh d'fhorbairt Scéimeanna Cosanta Tuile, do Réitigh Dhúlrabhunaithe mar bheart féideartha cosanta tuile amháin, nó i gcomhar le cineálacha eile cosanta i gcoinne tuilte. | An dá rud | An líon Scéimeanna le Mapáil Deiseanna RDB Ullmhaithe. | Bliain 5 | Aonad na Scéimeanna Cosanta Tuile | Oifig na nOibreacha Poiblí | Comhordú agus Éascú | Oiriúnacht |

| Sprioc Straitéiseach 4: Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur chun cinn, leis an bhithéagsúlacht agus na habhantraigh, nuair is féidir, mar nithe a éascóidh an t-oiriúnúchán agus an maolúchán aeráide ar fud an Chontae. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **TN4.3** | Bunaithe ar mhapáil deiseanna Réitigh Dhúlrabhunaithe, measúnú a dhéanamh ar indéantacht agus breithniú a dhéanamh ar na buntáistí iomadúla a bhaineann le cur chun feidhme taobh istigh de threochlár foriomlán RDB. | An dá rud | An líon Scéimeanna le Treochlár an RDB a ullmhaíodh.;An líon Scéimeanna le RDB atá á gcur chun cinn. | Bliain 5 | Aonad na Scéimeanna Cosanta Tuile | Oifig na nOibreacha Poiblí, Coillte,;Grúpaí Páirtithe Leasmhara, Pobail, PPN, SECanna agus Criosanna Dícharbónaithe | Comhordú agus Éascú | Maoiniú agus Acmhainní |
| **TN4.4** | Bunaithe ar threochláir an RDB, deiseanna maoinithe a lorg chun;RDB a chur i bhfeidhm i ndobharcheantair chuí ar fud Dhún na nGall. | An dá rud | Tionscadal Píolótach RDB amháin nó níos mó á gcur chun cinn. | Bliain 5 | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | Oifig na nOibreacha Poiblí, Coillte,;Grúpaí Páirtithe Leasmhara, Pobail | Comhordú agus Éascú | Oiriúnacht |
| **TN4.5** | Réitigh dhearaidh dhúlrabhunaithe a chomhtháthú i bhfoirm Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDs) taobh istigh de Thionscadal Feabhsúcháin Bhealaí Tosaíochta TEN-T Dhún na nGall. | Maolú | Dearadh Draenála SuDs curtha i gcrích, réidh le haghaidh foilsiú an Phróisis Reachtúil, Próiseas Pleanála Reachtúil a Chríochnú | Bliain 1 - 5 | CCDG;Bóithre agus Iompar | TEN-T Dhún na nGall (www. donegal-ten-t.ie) | Comhordú agus Éascú | Maoiniú Rialtais don Tionscadail Saineolas a bheith ar fáil, Próiseas Pleanála Reachtúil Seachtrach |



# ATHLÉIMNEACHT NA BPOBAL

# SPRIOCANNA & CUSPÓIRÍ

Deirtear sa Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 (CAP23) "chun ár n-uaillmhian aeráide a bhaint amach, caithfidh an Rialtas agus saoránaigh na hÉireann, teacht le chéile i 'gconradh sóisialta' neartaithe chun gníomhú ar son na haeráide agus fíor-réitigh ar an athrú aeráide a chomhchruthú, atá fóinteach, cuimsitheach, cothrom agus inrochtana do gach duine, agus ar an dóigh sin tús áite a thabhairt d'aistriú cóir".

Is féidir an téarma 'Pobal' a shainmhíniú mar dhuine ar bith a chónaíonn, a oibríonn sa chontae nó a thugann cuairt air, mar shampla an pobal gnó, grúpaí deonacha, scoileanna, an pobal spóirt agus cónaitheoirí.

Is é sprioc Chomhairle Contae Dhún na nGall acmhainn agus ullmhacht a fhorbairt taobh istigh den phobal chun éileamh ar ghníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a spreagadh. Is iad na cuspóirí atá againn teagmháil a dhéanamh le gach cuid den phobal, feasacht a ardú maidir le gníomhú ar son na haeráide, tacú leis na healaíona agus leis an oidhreacht mar uirlis chun tacú le hoideachas agus le feasacht ar athrú aeráide agus chun riachtanais láidre díonta carbóin a chinntiú taobh istigh dár meicníochtaí maoinithe pobail.

---




**SPRIOC**

**Cumas agus ullmhacht a fhorbairt taobh istigh den phobal chun an t-éileamh ar ghníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a spreagadh.**

**CUSPÓIRÍ**

**AP1** Dul i dteagmháil le gach cuid den phobal chun cumas agus ullmhacht a fhorbairt chun gníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a chur i bhfeidhm agus aistriú cóir a bhaint amach.

**AP2** Tuiscint ar an aeráid a mhéadú ar fud an phobail trí oideachas agus feasacht a ardú maidir le gníomhú ar son na haeráide.

**AP3** Leanúint ar aghaidh ag tacú leis na healaíona agus leis an oidhreacht taobh stigh den Chontae mar uirlis chun tacú le hoideachas agus feasacht ar ghníomhú ar son na haeráide.

**AP4** A chinntiú go bhfuil ceanglais láidre charbóin mar bhonn agus mar thaca ag meicníochtaí cistiúcháin uile na Comhairle.

# ATHLÉIMNEACHT NA BPOBAL

| Tag. | Gníomh | Oiriúnú/ Maolú | Beart Rianaithe / KPI | Fráma ama | Príomh-Roinn CCDG | Comhpháirtithe | Ról na Comhairle | Spleáchais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sprioc Straitéiseach 5: Cumas agus ullmhacht a fhorbairt taobh istigh den phobal chun an t-éileamh ar ghníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a spreagadh.** | | | | | | | | |
| **AP1- Dul i dteagmháil le gach cuid den phobal chun cumas agus ullmhacht a fhorbairt chun gníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a chur i bhfeidhm agus aistriú cóir a bhaint amach.** | | | | | | | | |
| **AP1.1** | A chinntiú go bhfuil deis ag cónaitheoirí Dhún na nGall páirt fhiúntach a ghlacadh i bhforbairt agus i múnlú polasaithe agus tograí um ghníomhú ar son na haeráide a chuireann Comhairle Contae Dhún na nGall i gcrích. | An dá rud | Líon na n-imeachtaí agus na dteagmhálacha. | Bliain 1 - 5 | Forbairt Pobail, Uisce & Comhshaol | Eagraíochtaí Pobail Áitiúla, | Comhordú agus Éascú | Acmhainní & Maoiniú |
| **AP1.2** | Pointe teagmhála a chur ar fáil chun cuidiú le Clár Chlubanna Glasa CLG tionscadail a chur i bhfeidhm a chuireann le cuspóirí tionscnamh náisiúnta aeráide. | An dá rud | Grúpa ceannais curtha in áit. | Bliain 1 | Uisce & Comhshaol | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ORAA, PPN | Tionchar | Acmhainn foirne |
| **AP 1.3** | Eolas tiomnaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall. | An dá rud | Spás do ghníomhú ar son na haeráide curtha ar fáil. | Bliain 1 | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | Córais Faisnéise, | Freagrach go hiomlán | |
| **AP1.4** | Oibriú le comhpháirtithe áitiúla chun Gairdíní Pobail a fhorbairt i nDún na nGall chun tacú le gáis cheaptha teasa a laghdú, slándáil bhia a fheabhsú, bithéagsúlacht a fheabhsú agus oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide. | Oiriúnú | Gairdíní Pobail nua a fhorbairt ar fud an chontae. | Bliain 1 - 5 | An Rannóg Forbartha Pobail | FSS, Éire Shláintiúil, SlainteCare, CFPÁ, príomhpháirtithe leasmhara seachtracha, Eagraíochtaí Pobail Áitiúla | Freagrach go hiomlán | Tacaíocht ó ghrúpaí;pobail áitiúla agus maoiniú trí thionscadail Éire Shláintiúil agus SlainteCare |
| **AP 1.5** | Tacú le seachadadh thionscadail PEACEPLUS Chomhairle Contae Dhún na nGall de réir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe. | An dá rud | Déantar meastóireacht ar gach Tionscadal chun a thaispeáint conas a chuirfidh siad leis an Fhorbairt inbhuanaithe. | Bliain 1 - 3 | Clár, PEACEPLUS | Forbairt Pobail, Comhpháirtithe Seachtracha, Eagraíochtaí Pobail Áitiúla | Freagrach go hiomlán | Tacaíocht ó ghrúpaí;pobail áitiúla agus maoiniú trí chlár PEACEPLUS |

| Sprioc Straitéiseach 5: Cumas agus ullmhacht a fhorbairt taobh istigh den phobal chun an t-éileamh ar ghníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a spreagadh. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **AP 1.6** | Oibriú le comhpháirtithe sa Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN); feasacht agus tuiscint ar shaincheisteanna aeráide taobh istigh den earnáil phobail i gcoitinne a fheabhsú, ina measc, mar shampla, iad siúd a bhaineann leis na nithe seo a leanas:<br>• caomhnú uisce/ uisce báistí, réitigh dhúlrabhunaithe,<br>• geilleagar ciorclach,<br>• taisteal gníomhach,<br>• pleanáil imeachtaí inbhuanaithe. | An dá rud | Gníomhaíochtaí a léiríonn freagracht ó thaobh an chomhshaoil de a thaispeáint agus a cheiliúradh go gníomhach agus amhlaidh a dhéanamh le grúpaí a thacaíonn leo sin.;An líon imeachtaí a reáchtáladh a fheabhsaíonn feasacht agus tuiscint ar an aeráid. | Bliain 2<br>Bliain 1 - 5 | Líonra Rann-pháirtíochta Pobail (LRP); Rúnaíocht | Struchtúir Náisiúnta LRP, An Roinn Comhshaoil, Eagraíochtaí Pobail Áitiúla Gach Roinn CCDG | Freagrach go hiomlán Comhordú agus éascú Tionchar | Tacaíocht ó ghrúpaí;pobail áitiúla agus maoiniú trí chlár PEACEPLUS |
| **AP 1.7** | Tacú le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha chun Iniúchadh ar Ghrúpscéimeanna Uisce Príobháideacha a thiomsú chun athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh, bainistiú sceite agus Inbhuanaitheacht fhadtéarmach. | An dá rud | Iniúchadh agus tuarascáil curtha i gcrích. | Bliain 1 | Uisce & Comhshaol | Grúpscéimeanna Uisce ;Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimean-na Uisce | Tionchar | Tacaíocht ó Ghrúpscéim Uisce Maoiniú le haghaidh iniúchtaí agus tuarascálacha |

**AP2 – Tuiscint ar an aeráid a mhéadú ar fud an phobail trí oideachas agus feasacht a ardú maidir le gníomhú ar son na haeráide.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AP 2.1** | Tacú le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha chun clár oideachais agus feasachta a bhaineann leis an aeráid a fhorbairt ar fud an chontae a chuimseodh imeachtaí faisnéise, feachtais chumarsáide agus doiciméid treorach. | An dá rud | Clár bliantúil comhaontaithe | Bliain 1-5 | Uisce & Comhshaol, An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | ORAA, RCAC, Áitiúla, Oifigigh Oidhreachta Údarás Áitiúil, Líonra Oifigeach Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil, Birdwatch Ireland, Comhairle Oidhreachta, Inistitiúidí Léinn. | Tionchar | Maoiniú |
| **AP2.2** | Tacú le tionscnaimh chun saincheisteanna bithéagsúlachta agus aeráide, caipiteal nádúrtha agus oiriúnú bunaithe ar éiceachóras a chur chun cinn agus feasacht a ardú ina leith. | An dá rud | Faisnéis maidir le gníomhaíochtaí scaipthe. | Bliantúil | Roinn Chultúir, Foireann Ghníomhaithe ar son na hAeráide | | Tionchar | |

| Sprioc Straitéiseach 5: Cumas agus ullmhacht a fhorbairt taobh istigh den phobal chun an t-éileamh ar ghníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a spreagadh. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **AP2.3** | Úsáid a bhaint as Líonra na Leabharlann Poiblí mar mhol pobail chun tacú le;feachtais feasachta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar Phleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide. | An dá rud | Faisnéise scaipthe;Clár imeachtaí ullmhaithe;An líon imeachtaí a óstáladh ;Trealamh fuinnimh tugtha amach | Bliain 1 - 5 | Roinn Chultúir Foireann Bainistíochta Fuinnimh | Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh an IT, An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, ÚFIÉ | Comhordú agus Éascú | |
| **AP 2.4** | Comhpháirtíocht le hinstitiúidí taighde chun tionscadail nuálacha taighde oiriúnaithe agus maolaithe aeráide a fhiosrú a chomhlíonann;cuspóirí an gheilleagair chiorclaigh fosta. | An dá rud | Líon na dtionscadal | | OFÁ/;Forbairt Gheilleagrach/ Chomhshaoil | IDP, DLDC, Eagraíochtaí Pobail agus fiontair Shóisialta. | Tionchar | |
| **AP 2.5** | Tacú le gníomhaireachtaí Náisiúnta agus Réigiúnacha tionscadail oideachais a chur i bhfeidhm i scoileanna agus in imeachtaí Pobail mar dheiseanna chun faisnéis faoin Athrú Aeráide a scaipeadh ar an phobal. | An dá rud | 40 tionscadal a sheachadadh ar fud an chontae ar an nGeilleagar Glas, forbairt acmhainní agus athrú aeráide agus oiriúnú. | Bliain 1-5 | Foireann um Athrú Aeráide | Forbairt Pobail, CFPA; LRC, Eagraíochtaí Pobail Áitiúla | Abhcóideacht | Forbairt tionscadal idir náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Rannpháirtíocht earnáil an Phobail. |
| **AP 2.6** | Feasacht agus cleachtas na turasóireachta athspreagthaí inár gContae a mhéadú, lena chur ar chumas cuairteoirí tionchar dearfach a imirt ar a gceann scríbe saoire. | An dá rud | Rannpháirtíocht 12 ghnólacht turasóireachta sa chlár a dhaingniú. | Bliain 1-5 | OFÁ | Cumann Lucht Tráchtála, ADN Dhún na nGall – Éireann; Fáilte Éireann Forbairt Eacnamaíoch CCDG | Comhordú agus Éascú | |

**AP3- Leanúint ar aghaidh ag tacú leis na healaíona agus leis an oidhreacht taobh stigh den Chontae mar uirlis chun tacú le hoideachas agus feasacht ar ghníomhú ar son na haeráide.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AP3.1** | Tacú le tionscadail náisiúnta agus réigiúnacha chun feasacht a ardú faoin athrú aeráide sna healaíona cultúrtha agus cuthaitheacha agus oidhreacht. | An dá rud | An líon clár a cuireadh i gcrích a dhírigh ar ghníomhú ar son na haeráide. | Bliain 1-5 | Seirbhísí Cultúrtha Foireann Chultúir agus | An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |
| **AP3.2** | Tacú le tionscnaimh Náisiúnta agus Réigiúnacha láithreáin/limistéir a aithint ina mbeidh caillteanas mar gheall ar athrú aeráide;dóchúil nó dosheachanta, taifeadadh a dhéanamh ar oidhreacht ailtireachta, seandálaíochta agus chultúrtha ag na láithreáin sin chun caomhnú a chinntiú trí thaifead, agus coimeádaíocht mhaolaitheach chun cabhrú le pobail ina mbíonn caillteanas. | An dá rud | Líon na gcás-staidéar críochnaithe. | Meántéarma | Roinn Chultúir | Eagraíochtaí pobail áitiúla | Freagrach go hiomlán | Maoiniú agus Acmhainní |

| Sprioc Straitéiseach 5: Cumas agus ullmhacht a fhorbairt taobh istigh den phobal chun an t-éileamh ar ghníomhú claochlaitheach ar son na haeráide a spreagadh. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **AP3.3** | Tionscnamh nuálach cruthaitheach a dhearadh a úsáidfidh láithreáin seandálaíochta (nó oidhreachta eile) chun pobail áitiúla a chur i dteagmháil chruthaitheach leis an athrú aeráide agus lena thionchar ar nús tionscnamh DACCHE EU/NPA (Gníomhú Digiteach don Athrú Aeráide i dTimpeallachtaí Oidhreachta) | Oiriúnú | Líon grúpaí / pobal atá rannpháirteach | Bliain 3 | Roinn Chultúir | Seirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí, Grúpaí Oidhreachta Áitiúla | Comhordú agus Éascú | Acmhainn na bpobal, saineolas seachtrach bheith ar fáil |

**AP4 - A chinntiú go bhfuil ceanglais láidre charbóin mar bhonn agus mar thaca ag meicníochtaí cistiúcháin uile na Comhairle.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AP4.1** | A chinntiú go ndéantar athbhreithniú rialta ar Phlean Leanúnachas Gnó Chomhairle Contae Dhún na nGall chun athrú aeráide a léiriú. | An dá rud | Athbhreithniú déanta. | Bliain 1-5 | Corparáideach | Seirbhísí uile na Comhairle | Freagrach go hiomlán | |
| **AP 4.2** | An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide Pobail a riar chun cabhrú le pobail tionscadail áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích. | An dá rud | Líon na n-iarratas a fuarthas agus líon na dtionscadal a cuireadh i gcrích. | Bliain 1-5 | Uisce & Comhshaol | RCAC, ORAA | Freagrach go hiomlán | |
| **AP 4.3** | Scóráil 'Inbhuanaitheacht agus Athrú Aeráide' a chur san áireamh ar mheasúnuithe deontais ábhartha chun a chinntiú go ndéanann grúpaí pobail/ páirtithe leasmhara Maolú agus Oiriúnú Aeráide a mheas agus a cheangal isteach ina ngníomhaíochtaí uile deonmhaoinithe. | An dá rud | Foirmeacha iarratais nuashonraithe chun an cuspóir sin a chomhlíonadh. | Bliain 1 | Gach Seirbhís atá freagrach as riarachán deontais agus as scóráil | Uisce agus Comhshaol Seirbhísí Cultúrtha Forbairt Pobail OFÁ | Tionchar | |



# INBHUANAITHEACHT AGUS BAINISTIÚ ACMHAINNÍ

# SPRIOCANNA & CUSPÓIRÍ

Tá idirnasc bunúsach idir an geilleagar ciorclach agus gníomhú ar son na haeráide. Tá ár múnla táirgthe agus tomhaltais líneach reatha (bunaithe ar tháirgeadh, úsáid agus diúscairt) dian ar charbón agus ar acmhainní.

Caithfidh muid bogadh chuig samhail táirgthe agus tomhaltais níos inbhuanaithe trí athrú a dhéanamh ar an dóigh a n-ídímid ábhair agus acmhainní, an dóigh a ndearaimid na táirgí a úsáideann teaghlaigh agus gnólachtaí agus an dóigh a leathnaímid saol táirgiúil na n-earraí agus na dtáirgí go léir. Gníomh ar son na haeráide is féidir linn a dhéanamh gach lá is ea cur amú a sheachaint ar an gcéad dul síos.

Uasmhéadaíonn geilleagar ciorclach an úsáid a bhaintear as acmhainní, táirgí agus sócmhainní, agus íoslaghdaíonn sé tomhaltas acmhainní agus cur amú acmhainní de gach cineál. Trí athrú le bheith inár ngeilleagar ciorclach, ní hamháin go gcaomhnóidh muid acmhainní, ach laghdóidh sé tionchair chomhshaoil agus aeráide fosta, spreagfaidh sé nuálaíocht agus, ar an dóigh sin, méadófar iomaíochas agus cruthófar poist nua. Is féidir le gach duine páirt a ghlacadh trí rogha a dhéanamh conas a úsáidtear nó a ídítear acmhainní, agus trí dhramhaíl a athúsáid, a athchúrsáil agus a íoslaghdú ina saol laethúil.

---




**SPRIOC**

**Tacú le tionscnaimh agus le bonneagar inbhuanaithe agus ciorclach taobh istigh den Chontae.**

**CUSPÓIRÍ**

**IA1** A chinntiú go bhfuil úsáid inbhuanaithe acmhainní leabaithe in oibríochtaí uile na Comhairle agus gur príomhchinntitheach í i soláthar uile na Comhairle amach anseo.

**IA2** Tacú le gnólachtaí borradh a chur faoi ghníomhú ar son na haeráide agus faoi chleachtais inbhuanaithe

**IA3** Tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach taobh istigh den Chontae

**IA4** Tacú le feirmeoirí san aistriú i dtreo cleachtais talmhaíochta ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de

# INBHUANAITHEACHT AGUS BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

| Sprioc Straitéiseach 6: Tacú le tionscnaimh agus le bonneagar inbhuanaithe agus ciorclach taobh istigh den Chontae. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **IA1- A chinntiú go bhfuil úsáid inbhuanaithe acmhainní leabaithe in oibríochtaí uile na Comhairle agus gur príomhchinntitheach í i soláthar uile na Comhairle amach anseo.** | | | | | | | | |
| **IA1.1** | Tacú le gníomhaireachtaí Náisiúnta agus Réigiúnacha chun athchóiriú éifeachtúlacht fuinnimh a sholáthar ar stáisiúin chaidéil taobh istigh den Chlár um Ghlacadh faoi Chúram do Ghrúpscéimeanna Uisce (GSU). | Maolú | PTF (príomhtháscaire feidhmíochta) le haghaidh cur chun feidhme & Coigilteas réamh-mheasta i gcoinne sonraí bonnlíne. | Bliain 1 -5 | Uisce & Comhshaol | RTRÁO & GSU | Freagrach go hiomlán | |
| **IA1.2** | Tacú le gníomhaireachtaí Náisiúnta agus Réigiúnacha chun Caomhnú Uisce ar Ghrúpscéimeanna Uisce (GSU) a sheachadadh faoin gClár um Ghlacadh i gCúram (TIC) do GSU. | Maolú | Cloí le Luachanna Uisce Gan Tásc (UGT) UÉ | Bliain 1 -5 | Uisce & Comhshaol | RTRÁO, UÉ & GSU | Freagrach go hiomlán | |
| **IA1.3** | Soláthar Poiblí Glas (SPG) a chomhtháthú taobh istigh de chreataí chlár ilbhliantúil uisce tuaithe (MARWP) & Tionscadail Bhonneagair Chomhshaoil. | Oiriúnú | Iniúchadh SPG ar Thionscadail | Bliain 1 -5 | Uisce & Comhshaol | Soláthar OSR & CE, Airgeadas CCDG | Freagrach go hiomlán | |
| **IA1.4** | Tacú le tionscnaimh náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun breithnithe athraithe aeráide a chomhtháthú ag an chéim phleanála agus forbartha d'fhéilte/ imeachtaí. | An dá rud | Tuairisciú bliantúil ar bhearta a rinneadh | Bliain 1 -5 | Tithíocht, Corparáide-ach, Seirbhísí Cultúrtha | Roinn Chultúir, Maoinitheoirí agus eagraithe imeachtaí, eagraíochtaí comhpháirteacha, CARO, PPN, ranna coimirce Rialtais | Abhcóideacht | Acmhainní & Comhar na |
| **IA2 - Tacú le gnólachtaí borradh a chur faoi ghníomhú ar son na haeráide agus faoi chleachtais inbhuanaithe.** | | | | | | | | |
| **IA 2.1** | Sraith ceardlanna glasa agus aeráidbhunaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil do úinéirí bainistíochta comhlachtaí dúchasacha Dhún na nGall. | Oiriúnú / Maolú | Líon na gceardlann | Bliain 1-5 | OFÁ | | Comhordú agus Éascú | Forbairt |

| Sprioc Straitéiseach 6: Tacú le tionscnaimh agus le bonneagar inbhuanaithe agus ciorclach taobh istigh den Chontae. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **IA 2.2** | Cúnamh a chur ar fáil d'Fhiontair i dtaca lena gcuid infheistíochta i dtrealamh & i dteicneolaíochtaí lena dtionchar ar an chomhshaol a laghdú. | Maolú | Líon na bhFiontar ar tugadh cuidiú dóibh, Líon na bhFiontar agus na bhFiontar Sóisialta ar tugadh cuidiú dóibh | Bliain 1-5 | OFÁ | | Comhordú agus Éascú | Forbairt |
| **IA 2.3** | Cláir Oiliúna Bhainistithe Fuinnimh a chur ar fáil do ghnólachtaí i nDún na nGall le cuidiú leo a lorg carbóin a laghdú. | Oiriúnú / Maolú | Líon na ngnólachtaí i gCláir Bhainistithe Fuinnimh. | Bliain 1-5 | OFÁ | IDP agus DLDC, Foireann Bainistíochta Fuinnimh, Fiontraíocht Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall | Comhordú agus Éascú | |
| **IA 2.4** | Cláir a chur ar fáil le cuidiú le gnólachtaí i nDún na nGall próifíl chomhshaoil a ngnó a fheabhsú sa mhargadh. | Oiriúnú / Maolú | Líon na nDearbhán a Faomhadh / Líon na Laethanta Comhairleoireachta. | Bliain 1-5 | OFÁ | Fiontraíocht Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall | Comhordú agus Éascú | |
| **IA 2.5** | Tacú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) agus Fiontair Shóisialta in earnáil na turasóireachta chun glacadh le cleachtais inbhuanaitheachta ina ngnólachtaí trí Thionscadal Tourbo arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach. | Comhchean-gailte | Líon na ngnólachtaí a ghlacann páirt thar 3 bliana. | Bliain 3 | Forbairt Gheilleagrach | | Tionchar | Acmhainní Foirne |

**IA3- Tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach taobh istigh den Chontae.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IA 3.1** | Dea-chleachtas a chur chun cinn i dtógáil agus i scartáil dramhaíola ;m.sh. tathagú athchúrsáilte a úsáid agus bunú saoráidí athchúrsála príobháideacha a spreagadh i gcás inarb iomchuí. | Comhchean-gailte | An líon áiseanna athchúrsála bunaithe Cainníochtaí de thathagú athchúrsáilte. | Bliain 3 | Uisce & Comhshaol | Pleanáil | Abhcóideacht | Acmhainní & Maoiniú |
| **IA 3.2** | Feabhas a chur ar leithscaradh dramhaíola ag an fhoinse in oibríochtaí na Comhairle. | Comhchean-gailte | % Feabhsú | Bliain 2 | Tithíocht, Corparáide-ach, Seirbhísí Cultúrtha, Bói-thre & Iompar | | Freagrach go hiomlán | |
| **IA 3.3** | Oibriú i dtreo deireadh a chur le hastaíocht $CO_2$ mar gheall ar Iompar Láisteáite ó láithreáin líonta talaimh a dúnadh agus clár a fhorbairt le haghaidh a laghdaithe. | Maolú | Bonnlíne $CO_2$ taifeadta don ghníomhaíocht reatha arna tomhas i gcoinne chur i gcrích an Tionscadail Chaipitil. | Bliain 4 | Uisce & Comhshaol | | Freagrach go hiomlán | |

| Sprioc Straitéiseach 6: Tacú le tionscnaimh agus le bonneagar inbhuanaithe agus ciorclach taobh istigh den Chontae. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **IA 3.4** | Tacú leis an méadú ar fhuaráin uisce chun dramhaíl phlaisteach aon úsáide a laghdú. | Oiriúnú | Suiteáil 10 bhFuarán Uisce | Bliain 1 - 4 | Uisce & Comhshaol | Uisce Éireann, RCAC, Pobail áitiúla, | Tionchar | Maoiniú & Acmhainní |
| **IA 3.5** | Tacú le tionóntaí na Comhairle chun leithscaradh dramhaíola agus cuspóirí aeráide feabhsaithe a bhaint amach. | An dá rud | % athchúrsáil atreoraithe / athchúrsáil dramhbhia | Bliain 1 - 5 | Tithíocht, Chorparáide-ach, Seirbhísí Cultúrtha | Tithíocht CCDG | Abhcóideacht | Acmhainní, Sonraí |
| **IA 3.6** | Tacú le tionscnaimh bhainistithe dramhaíola inbhuanaithe pobail agus tionscnaimh an gheilleagair chiorclaigh m.sh. tionscadail athúsáide. | An dá rud | Líon na dtionscnamh a dtugtar tacaíocht dóibh gach bliain. | Bliain 1 -5 | Uisce & Comhshaol, Forbairt Pobail | IDP, DDLC, Eagraíochtaí Pobail agus Fiontair shóisialta | Abhcóideacht | Maoiniú & Acmhainní |
| **IA 3.7** | Leanúint ar aghaidh ag obair mar chuid d'oifig Údarás Áitiúil Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola Chonnacht Uladh (WERLA) chun cleachtais dhearfacha um ghníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm agus a spreagadh. | An dá rud | Tuairisciú dhá uair sa bhliain ar aschuir dhearfacha aeráide. | Bliain 1 -5 | Uisce & Comhshaol | Oifig Réigiúnach um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola WERLA, An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola. | Tionchar | |
| **IA 3.8** | Go leor spáis a chur chun cinn le haghaidh bainistiú dramhaíola cuí i bhforbairtí nua. | An dá rud | Líon na nIarratas Pleanála agus an choinníoll seo ceangailte leo. | Bliain 1 -5 | Pleanáil | | Tionchar | |
| **IA 3.9** | Conarthaí dramhaíola na Comhairle a ailíniú le hord na réiteach dramhaíola i gcomhréir leis an Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach. | Maolú | Athbhreithniú ar chonarthaí. | Bliain 1 -5 | Tithíocht, Corparáide-ach, Seirbhísí Cultúrtha | Uisce & Comhshaol | Freagrach go hiomlán | Acmhainní Foirne |
| **IA 3.10** | Tacú le feidhmiú céimneach níos leithne de chórais bailithe leithscartha araidí donna chun an acmhainn seo a ghabháil le haghaidh cóireála trí Dhíleá Anaeróbach agus múiríniú i gcomhréir leis an Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach. | Maolú | Líon na dteaghlach a bhfuil seirbhís dramhbhia acu;% den dramhbhia a atreoraítear le haghaidh cóireála. | Bliain 1 -5 | Uisce & Comhshaol | | Tionchar | Maoiniú & Acmhainní |

| Sprioc Straitéiseach 6: Tacú le tionscnaimh agus le bonneagar inbhuanaithe agus ciorclach taobh istigh den Chontae. | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Oiriúnú/ Maolú** | **Beart Rianaithe / KPI** | **Fráma ama** | **Príomh-Roinn CCDG** | **Comhpháirtithe** | **Ról na Comhairle** | **Spleáchais** |
| **IA 3.11** | Tacú le seachadadh an Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach. | An dá rud | Spriocanna a baineadh amach | Bliain 1 -5 | Uisce & Comhshaol | | Freagrach go hiomlán | Maoiniú & Acmhainní |
| **IA4 - Tacú le feirmeoirí san aistriú i dtreo cleachtais talmhaíochta ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.** | | | | | | | | |
| **IA 4.1** | Tacú le gníomhaireachtaí eile straitéis chomhtháite feasachta/aistrithe eolais a fhorbairt d'earnálacha na talmhaíochta agus an bhia. | An dá rud | Tacaíocht curtha ar fáil trí Choiste Oibríochta Fhóram Uisce Dhún na nGall agus Réigiún na Teorann faoi stiúir CCDG. | Bliain 5 | Uisce & Comhshaol | Eagraíochtaí Feirmeoirí ACRES;Teagasc CUÚÁ | Abhcóide | Acmhainní agus Maoiniú ;Tacaíocht ó pháirtithe leasmhara |
| **IA 4.2** | Tacú le gníomhaireachtaí eile chun trealamh uirlisí agus clár oiliúna a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíochta le linn gnáthchuairteanna feirme. | An dá rud | Tacaíocht curtha ar fáil trí Choiste Oibríochta Fhóram Uisce Dhún na nGall agus Réigiún na Teorann faoi stiúir CCDG. | Bliain 5 | Uisce & Comhshaol | Eagraíochtaí Feirmeoirí ACRES;Teagasc CUÚÁ | Abhcóideacht | Acmhainní agus Maoiniú ;Tacaíocht ó pháirtithe leasmhara |
| **IA 4.3** | Úsáid a bhaint as Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta an Chontae atá le teacht mar fheithicil chun aird a tharraingt ar an réimse deiseanna bithéagsúlachta is féidir a thógáil ag leibhéal na feirme. | An dá rud | Deiseanna bithéagsúlachta aibhsithe sa Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta | Bliain 2 | Seirbhísí Cultúrtha | Eagraíochtaí Feirmeoirí ACRES;Teagasc CUÚÁ | Abhcóideacht | Acmhainní agus Maoiniú Tacaíocht ó pháirtithe leasmhara |
| **IA 4.4** | Tacú leis an bhFeirmeoireacht Orgánach agus Athghiniúnach trí:<br>• Tacú le hoiliúint i ndíolacháin agus i margaíocht d'fheirmeoirí a tháirgeann do mhargaí áitiúla;<br>• Tacú le soláthar spásanna margaidh mar chuid d'fheabhsuithe sa réimse poiblí;<br>• Tacú le trádáil áitiúil<br>• An ghluaiseacht Fás Féin É a chur chun cinn trí aird a tharraingt ar na buntáistí dearfacha a bhaineann le táirgí orgánacha a fhástar go háitiúil, bia a fhás ag pobail, agus cleachtais na feirmeoireachta athghiniúnaí. | An dá rud | Tacaíocht curtha ar fáil trí Choiste Oibríochta Fhóram Uisce Dhún na nGall agus Réigiún na Teorann faoi stiúir CCDG. An líon spásanna margaidh atá mar chuid de thionscadail feabhsúcháin réimse poiblí;An líon margaí áitiúla sa Chontae;Feachtas forbartha ar Fás Féin É. | Bliain 1-5 | Uisce & Comhshaol Pleanáil Forbartha Pobail | Forbairt Eacnamaíoch Eagraíochtaí Feirmeoirí Grúpaí Pobail | Abhcóideacht | Acmhainní agus Maoiniú ;Tacaíocht ó pháirtithe leasmhara |


$CO_2$

Comhairle Contae Dhún na nGall
GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE
CLIMATE ACTION
Donegal County Council

# 4

# CRIOSANNA DÍCHARBÓNAITHE DHÚN NA NGALL

# CRIOSANNA DÍCHARBÓNAITHE DHÚN NA NGALL

Mar fhreagra ar Ghníomh 165 de Phlean Gníomhaithe Aeráide an Rialtais 2019, ceanglaíodh ar Údaráis Áitiúla 'pleananna a shainaithint agus a fhorbairt do Chrios Dícharbónaithe amháin' taobh istigh dá limistéar riaracháin faoi seach, lena gcur faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO), mar cheannaire gníomhaíochta, i Ráithe 2 2021, Ciorclán LGSM01-2021.

***Sainmhíníodh Crios Dícharbónaithe (CD) mar***

> "Limistéar spásúil arna shainaithint ag an údarás áitiúil, ina n-aithnítear réimse bearta maolaithe aeráide, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta agus daoine a rachaidh i mbun gnímh chun aghaidh a thabhairt ar fhuinneamh ísealcharbóin áitiúil, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus riachtanais aeráide chun cur le spriocanna náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide".

Cuirfidh Criosanna Dícharbónaithe leaba thástála ar fáil ar a bhfuil indéanta leis an dícharbónú agus le gníomhú ar son na haeráide ag leibhéil áitiúla agus pobail, chun tacú le cuspóirí aeráide náisiúnta agus iad a bhaint amach. Is é an CD an fócas do réimse bearta maolaithe aeráide, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta lena n-áirítear tionscadail agus torthaí a shainaithint chun cabhrú leis an chuspóir Aeráide Náisiúnta a sheachadadh.

Sa tréimhse idir eatarthu, bhí tionchar ag beartas neartaithe aeráide a chumhdaítear tríd an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus ag foilsiú an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021, ar an athrú ar sheachadadh CDnna, ón chur chuige a moladh roimhe seo. Moladh gurb í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) a bheadh i gceannas ar an ghníomhaíocht do phleanáil ghníomhaithe aeráide na n-údarás áitiúil agus do CDnna.

Aithnítear Plean Gníomhaithe Aeráide an Údaráis Áitiúil (PGA ÚÁ) mar ionstraim thábhachtach chun gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal an phobail a chur chun cinn agus a ghníomhachtú. Meastar go bhfuil an caidreamh idir PGA an ÚÁ agus CDnna ríthábhachtach i gcur chun cinn na CDnna. Chun a chinntiú go n-éireoidh le CD maidir le hathrú aeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil, tugadh bonn reachtúil dóibh mar chuid de PGA an ÚÁ mar a d'fhógair RCAC in 2023.

Tá CDnna anois ina gcuid de PGA an ÚÁ agus faoi réir an phróisis, na gcreataí ama reachtúla, agus na gceanglas nós imeachta a bhaineann le PGA an ÚÁ a fhorbairt mar a fhoráiltear sa reachtaíocht. Tacaíonn Iarscríbhinn Theicniúil D de Threoirlínte Phlean Gníomhaithe Aeráide na nÚdarás Áitiúil dar teideal Criosanna Dícharbónaithe le húdaráis áitiúla i bhforbairt a gcreasa dhícharbónaithe (CD).

## 4.1 Cuspóir na gCriosanna Dícharbónaith

Tá ról ríthábhachtach ag Criosanna Dícharbónaithe ní hamháin maidir le dlús a chur leis an fhoghlaim agus leis an nuálaíocht ach fosta tuiscint a fháil ar a chasta agus a  mhéid atá dícharbónú an gheilleagair agus na sochaí i gcoitinne. Feidhmíonn siad mar ardáin chun triail a bhaint as teicneolaíochtaí, beartais agus straitéisí nua chun dícharbónú agus timpeallacht rialaithe a sholáthar inar féidir le taighdeoirí, gnólachtaí agus lucht déanta beartas comhoibriú chun réitigh nuálacha a thástáil agus a bheachtú.

Feidhmíonn an limistéar spásúil seo mar láthair thrialach le haghaidh smaointe nua, éascaíonn sé comhoibriú agus comhroinnt eolais, agus cuireann sé bonn eolais faoi chinnteoireacht chun iarrachtaí dícharbónaithe a mhéadú.

Cuireann Criosanna Dícharbónaithe ar chumas páirtithe leasmhara sonraí agus léargais a bhailiú maidir le hindéantacht, éifeachtacht agus costais na mbeart dícharbónaithe éagsúla. Is féidir an t-eolas sin a úsáid ansin chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht ar scála níos mó, rud a éascaíonn macasamhlú agus méadú idirghabhálacha rathúla ar fud an Chontae, i réigiúin eile nó in earnálacha eile.

Meastar go bhfuil Údaráis Áitiúla ina bpríomhthiománaithe chun cur chun feidhme an bheartais aeráide náisiúnta a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil. Tá tuiscint dhomhain acu ar a gcomhthéacs áitiúil, lena n-áirítear na dúshláin agus na deiseanna sonracha aeráide ina gceantar féin. Is féidir leo beartais aeráide náisiúnta a chur in oiriúint do riachtanais agus do thosaíochtaí áitiúla, rud a chinnteoidh cur chun feidhme éifeachtach.

In ainneoin nach bhfuil údarás díreach acu ar gach earnáil, is féidir le hÚdaráis Áitiúla tionchar suntasach a imirt go fóill ar laghduithe astaíochtaí trí oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun tionchar a imirt, comhordú agus éascú a dhéanamh agus athrú a spreagadh.

Bímis ag obair mar phobal amháin, i gcomhpháirtíocht, agus ár n-eolas, ár scileanna agus ár dtaithí a roinnt chun gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a chur i gcrích.

## 4.2 Crios Dícharbónaithe á Roghnú

Tá CDnna éagsúil i dtéarmaí a nádúir, a méide, a gcrutha, a suíomh geografach, chomh maith le saintréithe nádúrtha agus tógtha. Tugann Iarscríbhinn D dá haire go bhfuil na céimeanna a bhaineann le forbairt an chreata do CDnna bunaithe ar an chur chuige áitbhunaithe agus smaointeoireacht chóras chun beartas atá saincheaptha go háitiúil a ghiniúint agus chun cuidiú le gníomhaíocht éifeachtach ar son na haeráide a sheachadadh. Is iad na príomhthréithe atá ann foghlaim agus feabhsú leanúnach le himeacht ama, agus go mbíonn rannpháirtíocht agus comhoibriú le páirtithe leasmhara ríthábhachtach. Cuireann an cur chuige sin bonn eolais faoi na cúig phríomhchéim atá leagtha amach i bhFíor 4.1.




Fíor 4.1 Cúig phríomhchéim d'fhorbairt an CD

I ndiaidh treoir a leagadh amach i gCiorclán LGSM01-2021 a d'eisigh an RTRÁO i mí Feabhra 2021, d'iarr CCDG ar phobail léiriú spéise a chur isteach le bheith roghnaithe le bheith mar CD do Dhún na nGall. Scrúdaíodh gach aighneacht agus reáchtáladh roinnt ceardlann le baill thofa. I ndiaidh an phróisis sin aontaíodh ar dhá Limistéar Dícharbónaithe a roghnú do Chontae Dhún na nGall. Is iad seo an dá cheann a roghnaíodh:

**An Fál Carrach / Gort a' Choirce** | **Carn Domhnach**

Titeann CD Charn Domhnach agus CD an Fháil Charraigh / Ghort a' Choirce taobh istigh de na critéir uileghabhálacha a leagadh amach a d'éiligh gur mar seo a bheadh an CD:

(i) Limistéir uirbeacha agus ceirtleáin ina bhfuil daonra nach lú ná 5,000 duine,

(ii) Ceantair thuaithe nach lú ná 4km2 a n-achar,

(iii) Suíomh/limistéir eile ar féidir leo dícharbónú a léiriú ar scála macasamhlaithe

Bunaithe ar threoir ón Rialtas, tháinig cúinsí eile i bhfeidhm fosta maidir le sainaithint na CDnna. Bhí na cúinsí seo bunaithe ar an luach nó ar na deiseanna féideartha a d'fhéadfaí a bhaint amach chun cuspóirí an CD a chomhlíonadh, lena n-áirítear:

**IOMPAR:** Leibhéil inrochtaineachta agus bonneagair atá ann cheana agus atá beartaithe ag féachaint ar an fhéidearthacht úsáid mhéadaithe a bhaint as iompar poiblí, moil soghluaisteachta a chur chun cinn, spleáchas ar charranna a laghdú, taisteal gníomhach a chur chun cinn trí ghlasbhealaí, gormbhealaí agus liathbhealaí reatha agus beartaithe taobh istigh de limistéir lonnaíochta agus eatarthu chun tacú le haistriú córa iompair.

**FOIRGNIMH**: An poitéinseal maidir le laghdú astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála cónaithí, na hearnála poiblí agus na bhfoirgneamh tráchtála i gcomhréir leis na spriocanna sonracha atá leagtha síos. Patrúin lonnaíochta, dlús agus suíomh a bhreithniú chun tacú le húsáid níos tíosaí ar fhuinneamh talaimh, bonneagair i réimsí fuinnimh, iompair, uisce etc.

**SPÁSANNA GLASA AGUS BONNEAGAR GLAS**: An poitéinseal le haghaidh ceapadh carbóin, laghdú ar iarmhairtí teasoileáin uirbeacha agus feabhsú bainistithe na bithéagsúlachta.

**BONNEAGAR DEA-MHÉINE:** An poitéinseal atá ann don bhonneagar reatha nó beartaithe laghdú astaíochtaí a éascú trí ghiniúint agus tarchur leictreachas in-athnuaite, luchtú feithiclí leictreacha, díleáiteoir anaeróbach srl.

**LUACH TALAIMH AGUS COMHSHAOIL:** Breithniú ar shonruithe tábhachtacha comhshaoil, ar acmhainneacht forbartha amach anseo nó ar shaincheisteanna oidhreachta.

**CÁILÍOCHT AN AEIR**: Stádas cháilíocht an aeir agus an acmhainneacht do cháilíocht fheabhsaithe an aeir trí réimse beart um ghníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm.

**BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA:** Breithniú ar na deiseanna atá ann chun bainistiú dramhaíola níos éifeachtúla, an geilleagar ciorclach agus soláthar glas a chur chun cinn.

**COMHTHAIRBHÍ:** An acmhainneacht le haghaidh deiseanna a eascraíonn as bearta oiriúnaithe, maolaithe agus bithéagsúlachta, go háirithe ceapadh carbóin lena n-áirítear tailte portaigh a ath-ghlanadh agus a athbhunú, líonta talaimh bainistithe a athúsáid, linnte carbóin a fheabhsú, cáilíocht aeir fheabhsaithe, foraoisiú agus bearta plandaithe crann, sláinte fheabhsaithe, leibhéil torainn níos ísle.

**TACAÍONN AN BEARTAS PLEANÁLA LE:** Acmhainneacht chun beartas um ghníomhú ar son na haeráide agus pleanáil spásúil a chomhtháthú tuilleadh ar fud na réimsí beartais a bhaineann le húsáid talaimh agus beartas iompair, éifeachtúlacht fuinnimh, foinsí agus bonneagar fuinneamh in-athnuaite, téamh ceantair, stóráil fuinnimh, beartais chomhshaoil nádúrtha, bainistíocht riosca tuile agus tionscnaimh ‘bailte/cathracha cliste’ srl.

**GNÍOMHACHTÚ AGUS ULLMHACHT AN CHOMHPHOBAIL**: Breithniú ar chumas, gníomhachtú agus ullmhacht reatha agus féideartha na ngeallsealbhóirí agus na bpobal chun rannchuidiú agus a bheith rannpháirteach.



## 4.3 An Fál Carrach / Gort a’ Choirce CD


Tá An Fál Carrach agus Gort a’ Choirce suite i gcroílár Ghaeltacht Chloch Cheann Fhaola ar chósta iarthuaisceart Dhún na nGall.

Cuimsíonn an CD an dá bhaile An Fál Carrach agus Gort a’ Choirce i gContae Dhún na nGall. Is ann atá SAC Bhá Bhaile an Easa agus SAC Ghaoth Dobhair agus na hOileáin; agus SPA ón Fhál Charrach go Mín Lárach. Tá sé ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Tá timpeall 860 duine ina gcónaí ar an Fhál Charrach agus tá daonra 185 i nGort a’ Choirce. Tá bailte fearainn eile taobh istigh den CD, mar atá Cill Ulta, an Cheathrú Cheanainn, Baile an Easa, Greenes Homes, Machaire Rabhartaigh, Mín Lárach agus an Dún Mór. Is é 3,324 daonra iomlán cheantar an CD (de réir dhaonáireamh 2016), rud is ionann agus 2% de dhaonra an Chontae.

Is é 59 duine in aghaidh an chiliméadair chearnógaigh dlús an daonra sa CD. Tá bunús an daonra idir 50 agus 70 bliain d’aois. Ceantar tuaithe is mó atá sa CD, le portaigh mhóra mhóna agus roinnt talamh talmhaíochta.

Is é timpeall 50km$^2$ achar spásúil CD An Fháil Charraigh/Ghort a’ Choirce - féach Fíor 4.2




**Fíor 4.2.** Achar spásúil CD An Fháil Charraigh/Ghort a’ Choirce

### 4.3.1 - Comhpháirtithe Pobail – LAN CTR

Is í fís LAN CTR pobal áitiúil inbhuanaithe a fhorbairt a chomhcheanglaíonn dhá pharóiste i gcomhar, chun neamhspleáchas fuinnimh a bhaint amach trí éifeachtúlacht agus trí úsáid foinsí fuinneamh nádúrtha áitiúla. Tá fiontar pobail ag LAN (Lárionad Acmhainní Nádúrtha) a chuireann táirgí orgánacha ar fáil agus tá sé lonnaithe i gCill Ulta, idir An Fál Carrach agus Gort a' Choirce, i gcroílár Ghaeltacht Chloch Cheann Fhaola ar chósta thiar thuaidh Dhún na nGall.

Faigheann LAN CTR PFI (pobal fuinneamh inmharthana) tacaíocht áitiúil ó Na Tithe Gloine, atá lonnaithe i gCill Ulta, Co. Dhún na nGall. D'óstáil LAN CTR go leor imeachtaí Clinic Fuinnimh agus d'oibrigh siad lena Meantóir PFI chun cuairt a thabhairt ar fhoirgnimh pobail agus ar thithe áitiúla chun comhairle a thabhairt maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus uasghrádú. D'fhorbair LAN CTR Máistirphlean Fuinnimh don cheantar. Sa Mháistirphlean Fuinnimh, tá a bhfís leagtha amach ag foireann PFI i gCairt Chomhphobail:

**FÍS PFI**

Pobal áitiúil inbhuanaithe a fhorbairt a chomhcheanglaíonn 2 pharóiste i gcomhar, chun neamhspleáchas fuinnimh a bhaint amach trí éifeachtúlacht agus úsáid foinsí fuinneamh nádúrtha áitiúla.

**CROÍPHRIONSABAIL PFI**

Samhail dea-chleachtais comhoibriú pobail agus pleanáil sa todhchaí a fhorbairt.  Bainfimid é sin amach trí thacú le hoideachas agus le hoiliúint chun eolas áitiúil a mhéadú ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta amhail athrú aeráide, costais mhéadaitheacha fuinnimh agus aistriú ó bhreoslaí iontaise.

Príomhaidhm is ea fostaíocht áitiúil nua inár n-ionad fás nádúrtha a chothú agus a chruthú trí fhorbairt bhreise a dhéanamh, éiceathurasóireacht a thabhairt isteach agus an t-ionad a chur ar taispeáint mar eiseamláir uathúil inbhuanaitheachta

Tá LAN gníomhach i dtólamh agus iad ina mbaill den ghréasán PFI agus chomh maith leis sin ina meantóirí contae PFI ag pobail eile. Ar an dul sin, choinnigh LAN leis an imscrúdú agus leis an tógáil ar thuiscint níos doimhne ar ar úsáid fuinnimh sa CD. Dhírigh LAN a ngníomhaíocht mar mheantóirí PFI ar an timpeallacht thógtha (idir chónaí agus neamchónaí) agus an iompar. .

### 4.3.2 Fís an Chreasa Dhícharbónaithe

Trí chomhairliúchán, déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall agus páirtithe leasmhara áitiúla forbairt ar ráiteas físe do CD An Fháil Charraigh / Ghort a' Choirce.


### 4.3.3 Fardal Astaíochta Bonnlíne do CD an Fháil Carraigh / Ghort a' Choirce


D'fhostaigh Comhairle Contae Dhún na nGall comhairleoirí Bable chun Fardal Astuithe Bonnlíne Leibhéal 3 (BEI) d'astaíochtaí GCT a dhéanamh don bhliain bhonnlíne 2018 do Chrios Dícharbónaithe an Fháil Charraigh/Ghort a' Choirce de réir riachtanais na dTreoirlínte Pleanála um Ghníomhú ar son na hAeráide agus go háirithe Iarscríbhinn D: Criosanna Dícharbónaithe.

Is é fardal astaíochtaí bonnlíne Leibhéal 3 an cur chuige ón bhun aníos agus faoi stiúir spáis le haghaidh anailís sonraí, a thógann tacair shonraí ar scála áitiúil chun breathnú ar astaíochtaí GCT CD an Fháil Charraigh / Ghort a' Choirce ar fud earnálacha éagsúla lena n-áirítear:

- Cónaitheach
- Próisis Tráchtála & Tionsclaíocha
- Iompar
- Talmhaíocht
- LULUCF
- Dramhaíl
- Astaíochtaí Chomhairle Contae Dhún na nGall Féin

Ba é 39.17kt coibhéis $CO_2$ an bhonnlíne iomlán d'astaíochtaí GCT don Chrios Dícharbónaithe in 2018, agus is í an Earnáil Iompair an céatadán is mó d'astaíochtaí iomlána ag 34.6%. I measc na n-earnálacha astaíochtaí suntasacha eile bhí, Cónaitheach (28.9%) agus LULUCF (20%).








**Fíor 4.3** Torthaí Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne 2019 - An Fál Carrach agus Gort a' Choirce

### 4.3.3.1 Cónaitheach

Léiríonn sonraí Dhaonáireamh 2016 go bhfuil 1,387 maoin chónaithe in CD an Fháil Charraigh/Ghort a' Choirce. Nuair a tiontaíodh úsáid fuinnimh ina hastaíochtaí GCT, b'ionann na hastaíochtaí iomlána taobh istigh den Chrios Dícharbónaithe agus 11.33kt coibhéis $CO_2$.

Tá an earnáil Chónaitheach comhdhéanta d'astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí teaghlaigh. Sa CD, is ionann méid iomlán na n-astaíochtaí don earnáil Chónaitheach agus 28.9% de na hastaíochtaí iomlána. B'ionann na hastaíochtaí ó thomhaltas leictreachais agus 22.9% den 11.33 kt iomlán de choibhéis $CO_2$. Léiríonn sé seo go dtagann formhór na n-astaíochtaí i dteaghlaigh CD ó théamh spáis (8.06 kt de choibhéis $CO_2$). Ar scála contae agus náisiúnta, is é téamh spáis an phríomhfhoinse astaíochtaí san earnáil Chónaitheach, ag leanúint an sciar chéanna den CD. Léirítear na hastaíochtaí cónaitheacha don CD, do Chontae Dhún na nGall, agus do leibhéil náisiúnta i bhFíor 4.4.





**Fíor 4.4** Crios Dícharbónaithe (1), Contae Dhún na nGall (2) agus Scoilt Náisiúnta (3) d'astaíochtaí $CO_2$ fuinneamh cónaitheach


Úsáideann formhór na dteaghlach ola agus móin mar fhoinsí breosla le haghaidh téamh spáis. Go sonrach, tá coirí olabhreoslaithe ag 44% de na teaghlaigh go léir sa CD agus úsáideann 37% móin.

**Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh**

Tomhaiseann Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh (BERanna) feidhmíocht fuinnimh teach áirithe. Déantar iad a thomhas ar scála ó A1 go G, áit a bhfuil A1 ar an cheann is éifeachtúla agus is é G an ceann is lú éifeacht. Ríomhtar an leibhéal bunaithe ar an méid fuinnimh a theastaíonn chun foirgneamh a théamh, a fhuarú, a aeráil agus a shoilsiú de réir measúnóirí BER atá cláraithe le UFIÉ. Taispeánann Fíor 4.4 dáileadh na rátálacha BER is déanaí sa CD in aghaidh an cheantair bhig agus léiríonn Fíor 4.5 an dáileadh seo den meán sa CD.




**Fíor 4.5** Meánráta BER Cónaitheach in aghaidh an cheantair bhig sa CD





**Fíor 4.6.** Dáileadh BER Intíre

Mar is féidir a fheiceáil ó Fhíoracha 4.5 agus 4.6, tá an rátáil BER do na ceantair bheaga sa CD íseal den chuid is mó, ó D2 go C2.


### 4.3.3.2 Iompar

Fuarthas amach san Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne Leibhéal 3 (BEI) gurbh ionann iomlán na n-astaíochtaí iompair don CD agus 13.55kt coibhéis $CO_2$ / 34.6% d'iomlán na n-astaíochtaí $CO_2$ sa CD.

I measc na n-astaíochtaí iompair taobh istigh den CD tá astaíochtaí ó ghluaisteáin phríobháideacha, feithiclí earraí, gluaisrothair, meaisíní troma agus PSVanna. Léirítear i bhFíor 4.6 na torthaí deiridh ó ríomh na n-astaíochtaí sa CD. I bhFíor 4.7, taispeántar miondealú na n-astaíochtaí in aghaidh chineál na feithicle. Ó na torthaí, is féidir a fheiceáil gurb iad na feithiclí earraí is cúis leis an chéatadán is airde astaíochtaí san earnáil ag 63.6% d'astaíochtaí, agus gluaisteáin phríobháideacha ina dhiaidh sin le 32.9%.




**Fíor 4.7** Miondealú ar astaíochtaí iompair do gach cineál feithicle




**Fíor 4.8** Miondealú carranna príobháideacha de réir an chineáil bhreosla sa CD. 2016


Tá spleáchas ard ar charranna príobháideacha, meastar gur carranna príobháideacha iad 1,535 de na feithiclí innealghluaiste taobh istigh de limistéar an CD

### 4.3.3.3 Neamhchónaitheach agus Tionsclaíoch

Ní raibh i gceist sna hastaíochtaí don earnáil neamhchónaitheach agus thionsclaíoch ach gníomhaíochtaí tionsclaíocha, tráchtála agus acadúla. Léirítear i bhFíor 4.9 nach ngineann gníomhaíochtaí tionsclaíocha ach 2.2% d'astaíochtaí na hearnála. Dá bhrí sin, eascraíonn formhór na n-astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí tráchtála agus ó ghníomhaíochtaí oideachais. San iomlán, bíonn thart ar 3.18kt $CO_2$ d'astaíochtaí tionsclaíocha agus neamhchónaitheacha don dá earnáil.


Tá dea-sholáthar áiseanna oideachais ag an bhunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal i gceantar an Fháil Charraigh / Ghort a' Choirce. Tá 6 bunscoileanna agus meánscoil amháin san iomlán i gceantar an CD.

Taispeántar torthaí ríomh na n-astaíochtaí GCT d'earnálacha tionsclaíocha agus neamhchónaithe an CD.




**Fíor 4.9** Astaíochtaí neamhchónaitheacha agus tionsclaíocha sa CD. 2019


Rinneadh ríomh na n-astaíochtaí d'fhoirgnimh thráchtála tríd an rátáil BER, rud a léiríonn an meántomhaltas fuinnimh. Léiríonn Fíor 4.10 go bhfuil rátáil fuinnimh D1 nó E2 ag formhór na bhfoirgneamh tráchtála.



**Fíor 4.10.** Dáileadh foirgneamh tráchtála ag brath ar rátáil BER sa CD

### 4.3.3.4 Talmhaíocht

Sa CD, tá an earnáil talmhaíochta freagrach as 2.68 kt coibhéis $CO_2$ nó 6.8% d'iomlán na n-astaíochtaí $CO_2$. I gcomparáid leis an leibhéal contae agus náisiúnta, tá céatadán níos lú astaíochtaí ón talmhaíocht sa CD mar gheall ar chion níos ísle de thalamh arúil. Is é an beostoc foinsí na n-astaíochtaí ón talmhaíocht agus fuarthas gníomhaíochtaí talmhaíochta ó thacair shonraí "AgriLivestock" agus "AgriOther" i MapÉire. Léirítear i bhFíor 10 thíos miondealú na n-astaíochtaí a thagann ón talmhaíocht. Aisghabhadh astaíochtaí beostoic agus b'ionann iad agus 1.42 ktcoibhéis $CO_2$ san iomlán, arb ionann é agus 53% d'iomlán na n-astaíochtaí talmhaíochta sa CD. B'ionann astaíochtaí dá ngairtear "Eile", a léiríonn astaíochtaí ó innealra agus feithiclí, leasacháin neamhorgánacha, próisis ithreach agus feidhmchláir, agus 1.26 kt coibhéis $CO_2$ nó 47% d'astaíochtaí iomlána na hearnála.





**Fíor 4.11** Miondealú ar astaíochtaí talmhaíochta sa CD. 2019




### 4.3.3.5 LULUCF

Sa CD, is é LULUCF atá freagrach as 20% de na hastaíochtaí iomlána, agus astaíodh 7.82 kt coibhéis $CO_2$. I gcomparáid le torthaí ar leibhéal an chontae, nochtann an CD sciar níos airde d'astaíochtaí iomlána ó LULUCF san iomlán.

I bhFíor 4.12, taispeántar léarscáil chlúdach talaimh den CD. Ón léarscáil, is féidir a fheiceáil go bhfuil achar ard de thalamh portaigh sa chuid theas den CD.





**Fíor 4.12** Clúdach Talaimh do CD. 2019

Tá sé tábhachtach a chinneadh cén úsáid talaimh is mó taobh istigh den Chrios Dícharbónaithe chun ciall a bhaint as na hastaíochtaí a thagann ó LULUCF. Cuireann úsáid talaimh agus athrú ar thalamhúsáid go mór le hastaíochtaí domhanda gás ceaptha teasa. Mar sin féin, tugann siad deis

shuntasach fosta chun astaíochtaí a laghdú, trí cheapadh carbóin ($CO_2$ a bhaint as an atmaisféar agus í a stóráil taobh istigh d'ithir, fásra agus ábhar orgánach eile).

I bhFíor 4.13, taispeántar cion na n-úsáidí talaimh sa CD. Mar a luadh, is é an talamh portaigh atá i réim, le 37.8%. Mar sin féin, tá sciar ard féaraigh, riasc goirt agus seascainn ann fosta, ag 40.3%. Ní féidir leis na cineálacha talaimh sin astaíochtaí $CO_2$ a cheapadh, rud a fhágann go mbíonn láithreacht agus táirgeadh níos airde astaíochtaí GCT ann. Ar deireadh, níl ach 11.5% d'fhoraois, coillearnach agus scrobarnach sa CD, arb é an cineál talaimh é a mbíonn ar a chumas $CO_2$ a cheapadh.




**Fíor 4.13** Úsáid Talaimh sa CD. 2019

#### 4.3.3.6 Dramhaíl

Sa Chrios Dícharbónaithe, ba é 0.62kt coibhéis $CO_2$ an toradh a bhí ar mhéid iomlán na n-astaíochtaí a tháinig ó dhramhaíl, arb ionann í agus 1.6% d'iomlán astaíochtaí an CD.

Bunaithe ar an modheolaíocht a chuirtear i láthair, tá méid iomlán na dramhaíola a tháirgtear sa CD cothrom le 1,282 tona, arna ríomh do 1,387 teaghlach san iomlán.

#### 4.3.3.7 Astaíochtaí Chomhairle Contae Dhún na nGall taobh istigh den CD

B'ionann an tomhaltas iomlán fuinnimh ag Comhairle Contae Dhún na nGall taobh istigh d'úsáid an Chreasa Dhícharbónaithe sa bhliain 2018 agus 0.10kt coibhéis $CO_2$. Is ón ídiú fuinnimh le haghaidh soilsiú poiblí amháin a ríomhadh astaíochtaí an Údaráis Áitiúil. San iomlán, tá 859 solas sráide suite taobh istigh den CD, ar bolgáin DAS 576, cinn SON 232 agus bolgáin SOX 51 díobh.

### 4.3.4 Polasaithe agus pleananna áitiúla

Tá roinnt pleananna agus polasaithe a ceadaíodh mar chuid den fhorbairt ar an chaibidil CD do CD an Fháil Charraigh/Ghort a'Choirce

- Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018 - 2024
- Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030
- Máistir-Phlean Fuinnimh LAN

### 4.3.5 Ról Chomhairle Contae Dhún na nGall

Is é an príomhról atá ag Comhairle Contae Dhún na nGall sa Chrios Dícharbónaithe a bheith mar éascaitheoir. Chun tacú le plean an chreasa dhícharbónaithe agus lena chur i gcrích, beidh gá le gníomh ó Chomhairle Contae Dhún na nGall, chomh maith le heagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, ghnó agus tionscal áitiúil, grúpaí sóisialta agus pobail, agus an pobal i gcoitinne,

Agus an méid sin á aithint aici, beidh roinnt ról ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus í ag tacú le gníomhú ar son na haeráide ar an Fhál Charrach/i nGort a' Choirce. Is iad seo a leanas na róil sin:

**Freagracht iomlán** gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh i réimsí taobh istigh de rialú díreach an údaráis áitiúil lena n-áirítear a chuid foirgneamh, bonneagair, córas, oibríochtaí agus baill foirne féin

**Éascú** gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach trí dhaoine eile a chomhordú, a cheangal agus a nascadh. D'fhéadfadh rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, fothú acmhainní, comhpháirtíochtaí a fhorbairt, maoiniú agus tacaíocht beartais a bheith i gceist leis sin, i measc gníomhaíochtaí cumasúcháin eile.

**Abhcóideacht** cumarsáid a dhéanamh, tionchar a imirt agus tógáil ar fhís chomhroinnte den CD, chomh maith le feasacht a thógáil faoin CD agus gníomhaíochtaí nua molta a fhorbairt le gréasán mór páirtithe leasmhara le haghaidh tacaíocht an phobail a bhaint amach.

### 4.3.6 Clár na nDeiseanna

Gné ar leith den CD is ea punann agus píblíne na n-idirghabhálacha, na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí a choimeádtar go sonrach trí fhreagairtí lena n-áirítear maolú, oiriúnú agus bithéagsúlacht, chun na spriocanna a leagtar síos le haghaidh laghduithe fuinnimh agus astaíochtaí a bhaint amach. Baintear úsáid as an phunann seo ar a dtugtar Clár na nDeiseanna chun cabhrú le réimsí tosaíochta straitéiseacha a chinneadh chomh maith le gníomhartha atá le tosú nó le seachadadh thar shaolré an phlean.

Forbraíodh an Clár Deiseanna seo trí chomhairliúchán leis na comhpháirtithe pobail áitiúla LAN CTR agus Seirbhísí Chomhairle Contae Dhún na nGall. Mar chuid den fhorbairt a rinneadh ar an chaibidil seo tugadh cuireadh do na comhpháirtithe a n-ionchur a thabhairt maidir le deiseanna do cheantar an CD. Ar leanúint uaidh seo tá Clár Deiseanna curtha i dtoll a chéile ina bhfuil macalla ar ionchur an phobail agus ról an Údaráis Áitiúil.

| An Fál Carrach / Gort a' Choirce | | | |
|---|---|---|---|
| **Téama:** | **Deis:** | **Ról an ÚÁ:** | **Spleáchais** |
| **R & C CD** | Grúpa páirtithe leasmhara CD a bhunú, taobh istigh den Chrios Dícharbónaithe, leis an dá phobal CD i nDún na nGall, agus tacú le comhoibriú réigiúnach agus náisiúnta CD a bhunú do gach pobal CD. | Éascú & Comhordú | Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, Maoiniú & Acmhainní, tacaíocht Réigiúnach & Náisiúnta |
| **R & C CD** | Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara an phobail áitiúil chun Fís agus Plean Gníomhaíochta a fhorbairt do CD an Fháil Charraigh / Ghort a' Choirce. | Éascú & Comhordú | Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara |
| **R & C CD** | An CD a shainaithint agus tacú leis chun maoiniú a lorg le Plean Gníomhaíochta CD a chur i bhfeidhm. | Éascú & Comhordú | Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara / Maoiniú & Acmhainní |
| **TT CD** | Tacú le tionscnaimh Ghníomhaireacht Fuinnimh Réigiúnach an Iarthuaiscirt chun éifeachtúlacht fuinnimh, iarfheistiú, teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, tionscadail áitiúla fuinneamh in-athnuaite phobalbhunaithe agus an gheilleagair chiorclaigh a fheabhsú do thithe, gnólachtaí, foirgnimh phoiblí agus pobail. | Éascú & Comhordú | Maoiniú & Acmhainní |
| **IO CD** | Tacú le tionscnaimh taisteal inbhuanaithe sa CD. | Tionchar | Maoiniú & Acmhainní |
| **TN CD** | Tacú le tionscnaimh talmhaíocht inbhuanaithe agus athghiniúnach. | Tionchar | Maoiniú & Acmhainní |

| PRÍOMHTHÉAMAÍ | |
|---|---|
| **R & C CD** | Rialachas agus Ceannaireacht na gCriosanna Dícharbónaithe |
| **TT CD** | Timpeallacht Thógtha na gCriosanna Dícharbónaithe |
| **IO CD** | Iompar na gCriosanna Dícharbónaithe |
| **TN CD** | Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas na gCriosanna Dícharbónaithe |
| **AP CD** | Athléimneacht Phobail na gCriosanna Dícharbónaithe |
| **IBA CD** | Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní na gCriosanna Dícharbónaithe |

### 4.3.7 Na chéad chéimeanna eile:

Beidh gá le tuilleadh comhairle agus rannpháirtíochta le forbairt a dhéanamh ar liosta gníomhaíochtaí a bhreacfar i bPlean Gnímh agus Plean Feidhmithe CD.


Maidir le gníomhaíochtaí sainiúla CD is féidir a shainaithint i gcomhairle le pobail na CD, cinntíonn Comhairle Contae Dhún na nGall go mbeidh siad i gcomhréir le cuspóirí caomhnaithe na Láithreán Eorpach sa mhórcheantar thart timpeall ar an Fhál Carrach.

Nuair a bheas an Plean Gnímh CD á chruthú, tacóidh Comhairle Contae Dhún na nGall le cosaint agus le cothabháil ar gcóras uisce idir fhíoruisce agus uisce trasdultach, le cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a chomhlíonadh.

## 4.4 CD Charn Domhna

Is ionad uirbeach meánmhéide é Carn Domhnach atá suite i gcroílár tuaithe Inis Eoghain. Tá dhá abhainn shuntasacha ag an bhaile a ritheann tríd aneas ó thuaidh, bratphortach fairsing móna ó dheas, coillearnach ársa ar an taobh thiar, agus Limistéar luachmhar faoi Chosaint Speisialta (LfCS) agus Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) ó thuaidh.

Cuimsíonn an ceantar, darb ainm an Crios Dícharbónaithe (CD), ceantar timpeall ar bhaile Charn Domhnach i gContae Dhún na nGall. Taispeántar teorainn CD i bhFíor 4.14. Clúdaíonn sé achar 12km².




**Fíor 4.14** Léarscáil de Chrios Dícharbónaithe Charn Domhnach

Tá 3352 duine ina gcónaí i gceantar CD Charn Domhnach de réir dhaonáireamh 2016, agus níl ann sin ach 2% de dhaonra iomlán an chontae le dlús de 268 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh

### 4.4.1 Comhpháirtithe Pobail - Líonra ECO CARN

Is scáthghrúpa é ECO Carn atá á chomhordú ag Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain agus tá réimse leathan de ghrúpaí pobail, deonacha agus reachtúla Charn Domhnach i gceist ann, Pobal Fuinneamh Inbhuanaithe (PFI) Inis Eoghain ina measc.

Tá Plean Gníomhaithe Bithéagsúlachta forbartha ag Líonra ECO Carn do Charn Domhnach (2021). D'eascair forbairt an Phlean Ghníomhaithe Bithéagsúlachta do Charn Domhnach as an tsraith 'Envision Inishowen', cuid de roinnt comhráite ar fud 10 bpobal in Inis Eoghain, arna héascú ag Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain. Bunaíodh gréasán nua ansin - ECO Carn – comhfhiontar idir eagraíochtaí pobail, scoileanna agus eagraíochtaí reachtúla, a tháinig le chéile chun forbairt an phlean a stiúradh le bheith i gceannas ar an obair seo.

Tá Máistirphlean Fuinnimh (MPF) i bhfeidhm ag PFI Inis Eoghain. Úsáidfear an Máistirphlean Fuinnimh mar threochlár do dhul chun cinn Inis Eoghain i dtreo fuinneamh inbhuanaithe agus is féidir é a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar dheontais chaipitil chun uasghrádú a dhéanamh ar an stoc reatha tithíochta agus tráchtála.

Cé go gclúdaíonn an MPF ceantar níos leithne Inis Eoghain roghnaíodh ceantar Charn Domhnach le cur chun tosaigh mar Chrios Dícharbónaithe. Is é Líonra ECO Carn an comhpháirtí pobail don CD.

### 4.4.2 Fís an Chreasa Dhícharbónaithe

Trí chomhairliúchán, déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall agus pobal ná háite trí mheán ECO Carn ráiteas físe a fhorbairt do CD Charn Domhnach.



### 4.4.3 Fardal Astuithe Bonnlíne CD Charn Domhnach


D’fhostaigh Comhairle Contae Dhún na nGall comhairleoirí Bable chun Fardal Astaíochtaí Bonnlíne Leibhéal 3 (BEI) d’astaíochtaí GCT a dhéanamh don bhliain bhonnlíne 2019 do Chrios Dícharbónaithe Charn Domhnach de réir riachtanais na dTreoirlínte Pleanála um Ghníomhú ar son na hAeráide agus go háirithe Iarscríbhinn D: Criosanna Dícharbónaithe.

Is é fardal astaíochtaí bonnlíne Leibhéal 3 an cur chuige ón bhun aníos agus faoi stiúir spáis le haghaidh anailís sonraí, a thógann tacair shonraí ar scála áitiúil chun breathnú ar astaíochtaí GCT Charn Domhnach ar fud earnálacha éagsúla lena n-áirítear

- Cónaitheach
- Neamhchónaitheach & Tionsclaíoch
- Iompar
- Talmhaíocht
- LULUCF
- Dramhaíl
- Astaíochtaí Chomhairle Contae Dhún na nGall Féin

Ba é coibhéis 34.27kt$CO_2$ an astaíocht GHG bhonnlíne iomlán don Chrios Dícharbónaithe in 2019, agus is í an Earnáil Iompair is cúis leis an gcéatadán is mó d’astaíochtaí iomlána ag 37.7%. I measc na n-earnálacha astaíochtaí suntasacha eile bhí, Cónaitheach (30.7%) agus Neamhchónaitheach (25.1%).

Faightear achoimre lánleathanaigh ar an chéad leathanach eile.








**Fíor 4.15** Torthaí Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne 2019 - Charn Domhnach

### 4.4.3.1 Cónaitheach

Léiríonn sonraí Dhaonáireamh 2016 go bhfuil 1,339 áitreabh cónaitheach in CD Charn Domhnach. Nuair a tiontaíodh úsáid fuinnimh ina hastaíochtaí GCT, b'ionann iomlán na n-astaíochtaí taobh istigh den Chrios Dícharbónaithe agus coibhéis 10.52kt$CO_2$.

Tá an earnáil Chónaitheach comhdhéanta d'astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí teaghlaigh. Sa CD, is ionann méid iomlán na n-astaíochtaí don earnáil Chónaitheach agus 30.7% de na hastaíochtaí iomlána. B'ionann na hastaíochtaí ó thomhaltas leictreachais agus 24% den 10.52kt iomlán de choibhéis $CO_2$. Léiríonn sé sin go dtagann formhór na n-astaíochtaí i dteaghlaigh CD ó théamh spáis (7.99 kt de choibhéis $CO_2$). Ar scála contae agus náisiúnta, is é téamh spáis an phríomhfhoinse astaíochtaí san earnáil Chónaitheach, ag leanúint an sciar chéanna den CD. Léirítear na hastaíochtaí cónaitheacha don CD, do Chontae Dhún na nGall, agus do leibhéil náisiúnta i bhFíor 4.16.





**Fíor 4.16** Crios Dícharbónaithe (1), Contae Dhún na nGall (2) agus Scoilt Náisiúnta (3) d'astaíochtaí $CO_2$ fuinneamh cónaitheach


Úsáideann formhór na dteaghlach ola agus móin mar fhoinsí fuinnimh le haghaidh téamh spáis. Go sonrach, tá coirí olabhreoslaithe ag 51% de na teaghlaigh go léir sa CD agus úsáideann 24% móin.

#### Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh

Tomhaiseann Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh (BERanna) feidhmíocht fuinnimh teach áirithe. Déantar iad a thomhas ar scála ó A1 go G, áit a bhfuil A1 ar an cheann is mó éifeacht agus is é G an ceann is lú éifeacht. Ríomhtar an leibhéal bunaithe ar an mhéid fuinnimh a theastaíonn chun foirgneamh a théamh, a fhuarú, a aeráil agus a shoilsiú de réir measúnóirí BER atá cláraithe le ÚFIÉ. Taispeánann Fíor 4.17 dáileadh na rátálacha BER is déanaí sa CD in aghaidh an cheantair bhig agus léiríonn Fíor 4.18 an dáileadh sin ar an mheán sa CD.




**Fíor 4.17** Meánrátáil BER Chónaitheach in aghaidh an cheantair bhig sa CD





**Fíor 4.18.** Dáileadh BER Intíre n

Mar is léir ó Fhíoracha 4.17 agus 4.18, tá an rátáil BER do na ceantair bheaga sa CD íseal den chuid is mó, ó D2 go C2 go príomha.


### 4.4.3.2 Iompar

Is í earnáil an Iompair is cúis le 37.7% (coibhéis 12.92 kt$CO_2$) d'iomlán na n-astaíochtaí $CO_2$ sa CD. I bhFíor 4.19, taispeántar miondealú na n-astaíochtaí in aghaidh an chineáil feithicle. Ó na torthaí, is féidir a fheiceáil gur feithiclí earraí is cúis leis an chéatadán is airde astaíochtaí san earnáil ag 68.3% d'astaíochtaí, agus carranna príobháideacha ina dhiaidh sin le 30.9%.




**Fíor 4.19** Miondealú ar astaíochtaí iompair do gach cineál feithicle

Rinneadh an Cineál Breosla do charranna príobháideacha a mhiondealú a thuilleadh mar seo a leanas





**Fíor 4.20 M**iondealú carranna príobháideacha de réir an chineáil breosla sa CD. 2016

Táthar an-spleách ar charranna príobháideacha, meastar gur carranna príobháideacha iad 1,411 de na feithiclí inneallghluaiste taobh istigh de limistéar CD.

### 4.4.3.3 Neamhchónaitheach agus Tionsclaíoch


Tá soláthar maith áiseanna oideachais ag an bhunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal i gceantar Charn Domhnach. Tá 6 bhunscoil agus iar-bhunscoil amháin i gceantar CD.

Ní raibh na hastaíochtaí san earnáil neamhchónaitheach agus thionsclaíoch bunaithe ach ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha, tráchtála agus acadúla. Léirítear i bhFíor 4.21 nach bhfuil gníomhaíochtaí tionsclaíocha freagrach ach as 2% d'astaíochtaí na hearnála. Dá bhrí sin, eascraíonn formhór na n-astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí tráchtála agus ó ghníomhaíochtaí oideachais. San iomlán, is ionann é sin agus thart ar 8.83kt $CO_2$ d'astaíochtaí tionsclaíocha agus neamhchónaitheacha don dá earnáil.




**Fíor 4.21** Astaíochtaí neamhchónaitheacha agus tionsclaíocha sa CD. 2019

Rinneadh ríomh na n-astaíochtaí d'fhoirgnimh thráchtála tríd an rátáil BER, rud a léiríonn an meántomhaltas fuinnimh. Léiríonn Fíor 4.22 go bhfuil rátáil fuinnimh C2 nó rátáil fuinnimh D2 ag formhór na bhfoirgneamh tráchtála.




**Fíor 4.22** Dáileadh na bhfoirgneamh tráchtála ag brath ar rátáil RFF sa CD

Ar deireadh, i dTábla 4.1 taispeántar mais coibhéis CO2 d'fhoirgnimh thráchtála agus do scoileanna araon. Ní chuireann institiúidí oideachais ach 0.32 kt coibhéis $CO_2$ le hastaíochtaí iomlána na catagóire seo. Os a choinne sin, gineann foirgnimh thráchtála 8.28 kt coibhéis $CO_2$.


| Foinse | $ktCO_2e$ |
|---|---|
| Foirgnimh Thráchtála | 8.28 |
| Scoileanna | 0.32 |
| IOMLÁN | 8.6 |

**Tábla 4.1** Miondealú ar astaíochtaí neamhchónaitheacha sa CD, 2019

## 4.4.3.4 Talmhaíocht

Sa CD, tá an earnáil talmhaíochta freagrach as 1.22 kt coibhéis $CO_2$ nó 3.6% d'iomlán na n-astaíochtaí $CO_2$. I gcomparáid leis an leibhéal contae agus náisiúnta, tá an CD freagrach as céatadán níos lú d'astaíochtaí ón talmhaíocht mar gheall ar sciar an-íseal de thalamh arúil.


Is ó bheostoc foinsí na n-astaíochtaí ón talmhaíocht agus fuarthas gníomhaíochtaí talmhaíochta ó na tacair shonraí "AgriLivestock" agus "AgriOther" i MapÉire. Léirítear i bhFíor 4.23 thíos miondealú na n-astaíochtaí a thagann ón talmhaíocht. Rinneadh astaíochtaí beostoic a aisghabháil agus b'ionann iad agus 0.83 kt coibhéis CO2 san iomlán, arb ionann é agus 69% d'iomlán na n-astaíochtaí talmhaíochta sa CD. B'ionann astaíochtaí faoi "Eile", a léiríonn astaíochtaí ó innealra agus feithiclí, leasacháin neamhorgánacha, próisis agus feidhmeanna ithreach agus 0.38 kt coibhéis $CO_2$ nó 31% d'astaíochtaí iomlána na hearnála.




**Fíor 4.23** Miondealú ar astaíochtaí talmhaíochta sa CD. 2019

## 4.4.3.5 LULUCF


I bhFíor 4.24, taispeántar léarscáil chlúdach talaimh den CD. Ón léarscáil, is féidir a a shonrú go bhfuil a lán ceantair féaraigh thart ar lonnaíocht uirbithe Charn Domhnach.




**Fíor 4.24** Clúdach Talaimh do CD. 2019

Tá sé tábhachtach an úsáid talaimh is mó taobh istigh den Chrios Dícharbónaithe a chinneadh chun ciall a bhaint as na hastaíochtaí a thagann ó LULUCF. Cuireann úsáid talaimh agus athrú ar thalamhúsáid go mór le hastaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda. Mar sin féin, tá acmhainneacht shuntasach ag baint leo fosta chun astaíochtaí a laghdú, trí cheapadh carbóin ($CO_2$ a bhaint as an atmaisféar agus í a stóráil taobh istigh d'ithir, fásra agus ábhar orgánach eile).

I bhFíor 4.25, taispeántar cion na n-úsáidí talaimh sa CD. Mar a luadh, is tailte féaraigh is coitianta ar fad, eadhon 66.2%. Mar sin féin, tá sciar ard de dhromchlaí saorga ann fosta. Ní féidir leis na cineálacha talaimh seo astaíochtaí $CO_2$ a cheapadh, rud a chuireann láithreacht agus táirgeadh níos airde astaíochtaí GCT chun cinn. Ar deireadh, níl ach 13.8% d'fhoraois, coillearnach agus scrobarnach sa CD, arb é an cineál talaimh é a bhfuil an cumas aige CO a cheapadh.




**Fíor 4.25** Limistéar úsáid talaimh sa CD.2019

### 4.4.3.6 Dramhaíl

Sa Chrios Dícharbónaithe, ba é 0.6 kt coibhéis $CO_2$ an toradh a bhí ar mhéid iomlán na n-astaíochtaí a tháinig ó dhramhaíl, arb ionann é agus 1.8% d'iomlán na n-astaíochtaí CD.

Bunaithe ar an modheolaíocht a chuirtear i láthair, is ionann méid iomlán na dramhaíola a tháirgtear sa CD agus 1,237 tona in aghaidh na bliana arna ríomh do 1,339 teaghlach san iomlán

### 4.4.3.7 Astaíochtaí Chomhairle Contae Dhún na nGall taobh istigh den CD

Léiríonn astaíochtaí na nÚdarás Áitiúil (ÚÁnna) sa CD na hastaíochtaí a tháirgtear ó na sócmhainní sin atá á rialú ag ÚÁnna. Bunaithe ar shonraí a bheith ar fáil, ríomhadh astaíochtaí na nÚdarás Áitiúil le haghaidh ídiú fuinnimh soilsiú phoiblí, tomhaltas leictreach an Stáisiúin Dóiteáin agus ídiú leictreachais agus téimh an Ionaid Seirbhís Phoiblí.

San iomlán, is ionann astaíochtaí ÚÁ féin sa CD agus 0.2144 kt coibhéis $CO_2$ ar fad. Léirítear i dTábla 4.2 miondealú na bhfoinsí éagsúla astaíochtaí coibhéis $CO_2$.




| Foinse | | $ktCO_2$ e | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Soilsiú poiblí | | 0.0059 | 0.2144 $ktCO_2e$ |
| Stáisiún dóiteáin | | 0.0785 | |
| Ionad Seirbhís Phoiblí | Leictreachas | 0.027 | |
| | Téamh | 0.103 | |

**Tábla 4.2** Miondealú ar astaíochtaí CD ÚÁ féin

### 4.4.4 Beartais agus Pleananna Áitiúla

I measc na bpleananna agus na mbeartas a ndeachthas i gcomhairle leo mar chuid d'fhorbairt na caibidle DZ do DZ Charn Domhnach tá:

- Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024
- Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030
- Máistir-Phlean Fuinnimh Inis Eoghain
- Plean Straitéiseach SEC Inis Eoghain agus Staidéar Indéantachta
- Sraith Envision IDP
- Plean Gnímh Bithéagsúlachta ECO Charn
- Plean Sráidbhaile Chliste Charn Domhnaigh.

### 4.4.5 Ról Chomhairle Contae Dhún na nGall

Is é an príomhról atá ag Comhairle Contae Dhún na nGall sa Chrios Dícharbónaithe a bheith mar éascaitheoir. Chun tacú le plean an chreasa dhícharbónaithe agus lena chur i gcrích, beidh gá le gníomh ó Chomhairle Contae Dhún na nGall, chomh maith le heagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, ghnó agus tionscal áitiúil, grúpaí sóisialta agus pobail, agus an pobal i gcoitinne,

Agus an méid sin á aithint aici, beidh roinnt ról ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus í ag tacú le gníomhú ar son na haeráide i gCarn Domhnach. Is iad seo a leanas na róil sin:

**Freagracht iomlán** gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh i réimsí taobh istigh de rialú díreach an údaráis áitiúil lena n-áirítear a chuid foirgneamh, bonneagair, córas, oibríochtaí agus baill foirne féin

**Éascú** gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach trí dhaoine eile a chomhordú, a cheangal agus a nascadh. D'fhéadfadh rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, fothú acmhainní, comhpháirtíochtaí a fhorbairt, maoiniú agus tacaíocht beartais a bheith i gceist leis sin, i measc gníomhaíochtaí cumasúcháin eile.

**Abhcóideacht** cumarsáid a dhéanamh, tionchar a imirt agus tógáil ar fhís chomhroinnte den CD, chomh maith le feasacht a thógáil faoin CD agus gníomhaíochtaí nua molta a fhorbairt le gréasán mór páirtithe leasmhara le haghaidh tacaíocht an phobail a bhaint amach.

### 4.4.6 Clár na nDeiseanna

Gné ar leith den CD is ea punann agus píblíne na n-idirghabhálacha, na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí a choimeádtar go sonrach trí fhreagairtí lena n-áirítear maolú, oiriúnú agus bithéagsúlacht, chun na spriocanna a leagtar síos le haghaidh laghduithe fuinnimh agus astaíochtaí a bhaint amach. Baintear úsáid as an phunann seo ar a dtugtar Clár na nDeiseanna chun cabhrú le réimsí tosaíochta straitéiseacha agus gníomhartha a chinneadh atá le tosú nó le seachadadh thar shaolré an phlean.

Forbraíodh an Clár Deiseanna seo trí chomhairliúchán leis na comhpháirtithe pobail áitiúla, Líonra ECO CARN agus Comhairle Contae Dhún na nGall.

Mar chuid den fhorbairt ar an chaibidil seo tugadh cuireadh do chomhpháirtithe an phobail áitiúil a n-ionchur a thabhairt maidir le 6 cinn de théamaí, mar atá, Rialachas agus Ceannaireacht, Timpeallacht Thógtha, Iompar, Timpeallacht Nádúrtha, Pobal: Athléimneacht agus Aistriú, Bainistiú Inbhuanaithe Sócmhainní. Ar leanúint uaidh seo tá Clár Deiseanna curtha i dtoll a chéile ina bhfuil macalla ar ionchur an phobail agus ról an Údaráis Áitiúil.

| Carn Domhnach | | | |
|---|---|---|---|
| **Téama:** | **Deis:** | **Ról an ÚÁ:** | **Spleáchais:** |
| **R & C CD** | Grúpa páirtithe leasmhara CD a bhunú, taobh istigh den Chrios Dícharbónaithe, leis an dá phobal CD i nDún na nGall, agus tacú le comhoibriú réigiúnach agus náisiúnta CD a bhunú do gach pobal CD. | Éascú & Comhordú | Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, Maoiniú & Acmhainní, tacaíocht Réigiúnach & Náisiúnta |
| **R & C CD** | Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara an phobail áitiúil chun Fís agus Plean Gníomhaíochta a fhorbairt do CD Charn Domhnach. | Éascú & Comhordú | Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara |
| **R & C CD** | An CD a shainaithint agus tacú leis chun maoiniú a lorg le Plean Gníomhaíochta CD a chur i bhfeidhm. | Éascaigh & Comhordaigh | Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, acmhainní |
| **TT CD** | Tacú le tionscnaimh Ghníomhaireacht Fuinnimh Réigiúnach an Iarthuaiscirt chun éifeachtúlacht fuinnimh, iarfheistiú, teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, tionscadail áitiúla fuinneamh in-athnuaite phobalbhunaithe agus an gheilleagair chiorclaigh a fheabhsú do thithe, gnólachtaí, foirgnimh phoiblí agus pobail. | Éascú & Comhordú | Maoiniú & Acmhainní |
| **IO CD** | Tacú le hiompar poiblí feabhsaithe agus le bonneagar iompair a sholáthar i gceantair thuaithe lena n-áirítear na tionscadail atá liostaithe do Dhún na nGall faoin Phlean um Shoghluaisteacht Tuaithe Nascadh Éireann (Carn Domhnach go Bun Cranncha). | Abhcóideacht | Maoiniú & Acmhainní |
| **IO CD** | Tacú le tionscnaimh taisteal inbhuanaithe sa CD. | Tionchar | Maoiniú & Acmhainní |
| **TN CD** | Tacú le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Líonra Éicea-Charn agus tógáil air sin. | Tionchar | Maoiniú & Acmhainní |
| **TN CD** | Tacú le tionscnaimh talmhaíocht inbhuanaithe agus athghiniúnach. | Tionchar | Maoiniú & Acmhainní |
| **AP CD** | Tacú le forbairt Éicea-líonra Inis Eoghain. | Tionchar | Maoiniú & Acmhainní |
| **IBA CD** | Tacú le tionscnaimh acmhainní inbhuanaithe áitiúla agus náisiúnta m.sh. an geilleagar ciorclach, míreanna aon úsáide a laghdú, caomhnú uisce, tionscnaimh maidir le cur amú bia srl. | Abhcóideacht | Maoiniú & Acmhainní |

| PRÍOMHTHÉAMAÍ | |
|---|---|
| **R & C CD** | Rialachas agus Ceannaireacht na gCriosanna Dícharbónaithe |
| **TT CD** | Timpeallacht Thógtha na gCriosanna Dícharbónaithe |
| **IO CD** | Iompar na gCriosanna Dícharbónaithe |
| **TN CD** | Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas na gCriosanna Dícharbónaithe |
| **AP CD** | Athléimneacht Phobail na gCriosanna Dícharbónaithe |
| **IBA CD** | Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní na gCriosanna Dícharbónaithe |

## 4.4 Na Chéad Chéimeanna Eile:

Beidh gá le tuilleadh comhairle agus rannpháirtíochta le forbairt a dhéanamh ar liosta gníomhaíochtaí a bhreacfar i bPlean Gnímh agus Plean Feidhmithe CD.

Maidir le gníomhaíochtaí sainiúla CD is féidir a aithint i gcomhairle le pobail na CD, cinnteoidh Comhairle Contae Dhún na nGall go mbeidh siad i gcomhréir le cuspóirí caomhnaithe SPA na Trá Bréige.

Nuair a bheas an Plean Gnímh CD á chruthú, tacóidh Comhairle Contae Dhún na nGall le cosaint agus le cothabháil ar gcóras uisce idir fhíoruisce agus uisce trasdultach, le cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a chomhlíonadh.




CO2



Comhairle Contae Dhún na nGall
GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE
CLIMATE ACTION
Donegal County Council



# 5

# CUR I BHFEIDHM AGUS TUAIRISCIÚ

# CUR I BHFEIDHM AGUS TUAIRISCIÚ

## 5.1 Pleanáil i gcomhair cur i bhfeidhm

**Is í Comhairle Contae Dhun na nGall a chuirfidh an Dréachtphlean Gníomhaithe Aeráide seo i bhfeidhm. Cé go bhfuil cur chuige uile-Chomhairle de dhíth sa phlean, is ag an Stiúrthóireacht Uisce agus Comhshaoil atá úinéireacht an Dréachtphlea.n**

Tá Foireann Ghníomhaithe ar son na hAeráide bunaithe i gComhairle Contae Dhún na nGall. Áirítear ar an fhoireann seo Comhordaitheoir Gníomhaithe ar son na hAeráide, Oifigeach Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Oifigeach Pobail Gníomhaithe ar son na hAeráide. Is é ról na foirne seo:

- gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí Chomhairle Contae Dhún na nGall,
- monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ghníomhartha an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide
- tuairisciú agus meastóireacht an Phlean a chomhordú, i ndiaidh do na Comhaltaí Tofa é a fhaomhadh.
- Bheith mar phointe teagmhála don pobal chun iad a chur ar an eolas faoi ghníomhú ar son na haeráide sa Chontae.

Leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall uirthi ag obair i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht le réimse de phríomhpháirtithe leasmhara chun tacú le seachadadh an Phlean seo.

Is féidir leis na comhpháirtíochtaí seo deiseanna comhoibrithe a chur ar fáil maidir le tionscadail, foghlaim chomhroinnte, tacaíocht theicniúil agus deiseanna maoinithe a ghiaráil le linn gníomhaíochtaí sa Dréachtphlean a bheith á gcur i bhfeidhm.

Is léir fosta gur dúshlán trasteorann é an t-athrú aeráide; ní stopann sé ag teorainneacha polaitiúla agus geografacha. Dá réir sin, tá cur chuige réigiúnach comhaontaithe ag na húdaráis áitiúla i réigiún CARO (Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide) Chósta an Atlantaigh Thuaidh, trínar féidir leo comhoibriú go dlúth ar chur chun feidhme na bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Tá réigiúin teorann ar na réigiúin is leochailí ó thaobh guaiseacha hidrea-aeráide amhail tuilte go príomha mar gheall ar easpa smaointeoireachta agus gníomhaíocht chomhcheangailte maidir le saincheisteanna comhshaoil comhroinnte agus oiriúnú aeráide, (Journal of Spatial Planning in Ireland - Murphy, 2016). Ciallaíonn suíomh geografach Dhún na nGall in Iarthuaisceart na hÉireann go roinnimid cuid mhór de theorainn an chontae le Tuaisceart Éireann lena n-áirítear Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí. Tá réigiún an Iarthuaiscirt nuálach agus fadbhreathnaitheach ina chur chuige maidir le comhoibriú trasteorann lena chinntiú nach mbeidh muid thíos le leochaileachtaí den sórt sin.

Tá naisc agus comhpháirtíochtaí láidre cruthaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin trí struchtúir trasteorann atá ann cheana féin amhail Grúpa Forbairt Réigiúnach an Iarthuaiscirt. Spreagann an Comhchoiste seo comhar trasteorann, le naisc láidre leis na cláir rialtais, Thuaidh agus Theas faoi seach trí Chomhpháirtíocht Fás Straitéiseach an Iarthuaiscirt.

Faigheann an chroífhoireann ghníomhaithe ar son na hAeráide tacaíocht ó na foghrúpaí/fochoistí is leithne um ghníomhú ar son na haeráide ar fud na heagraíochta, a bhfuil úinéireacht acu ar ghníomhartha ar leith sa Phlean. Áirítear orthu sin na Ranna seo a leanas - Bóithre agus Iompar, Pleanáil, Comhshaol, Forbairt Pobail, Tithíocht, Seirbhís Dóiteáin, Seirbhísí Cultúrtha, Seirbhísí Uisce Tuaithe, Bithéagsúlacht, Forbairt Eacnamaíoch, Airgeadas agus Córais Faisnéise.

Tá Gníomhaireacht Fuinnimh Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWREA) ar thús cadhnaíochta maidir leis an Straitéis Fuinnimh Réigiúnach. Cinntíonn NWREA comhoibriú trasteorann idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin mar chuid dá gcomhthiomantas a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le spriocanna náisiúnta agus idirnáisiúnta athrú aeráide a bhaint amach, agus as an aistriú i dtreo geilleagar cliste ísealcharbóin a chur chun cinn laistigh d'earnáil fuinnimh réigiún an Iarthuaiscirt. Oibreoidh NWREA le Foireann Ghníomhaithe ar son na hAeráide CCDG maidir leis an CAP a chur i bhfeidhm.

Is é an misean atá ag NWCAF gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích ar bhonn trasteorann, trasearnála agus ilghníomhaireachta chun athléimneacht níos fearr a bhaint amach i leith éifeachtaí an athraithe aeráide agus, ag an am céanna, a bheith ar thús cadhnaíochta maidir leis na héifeachtaí a laghdú agus maolú a dhéanamh ar théamh domhanda amach anseo. Dá bhrí sin, tá an NWCAF i gcroílár Phlean Gníomhaithe Aeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall agus leanfaidh sé de ról lárnach a ghlacadh inár Spriocanna Straitéiseacha, Gníomhartha agus Cur i bhFeidhm.

I ndiaidh fhaomhadh an Phlean, forbrófar Plean/Achoimre Forfheidhmithe do gach gníomh, ina leagfar amach go mion conas a chuirfear an gníomh i gcrích, lena n-áirítear, ag tabhairt le fios cén roinn atá freagrach agus cé na scálaí ama. Déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall uainiú na n-eatramh tuairiscithe cur chun feidhme inmheánaigh a ailíniú le huainiú na riachtanas tuairiscithe ar dhul chun cinn earnála.

## 5.2 Maoiniú agus Comhpháirtíochtaí

Chun dea-shampla a thabhairt agus an t-aistriú chuig sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhrú chun cinn, beidh rochtain ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar mhaoiniú cuí do thionscadail ghníomhaithe ar son na haeráide chun a spriocanna do 2030 agus 2050 a bhaint amach. Is féidir le húdaráis áitiúla rochtain a fháil ar chineálacha éagsúla maoinithe amhail deontais rialtais, cistí Eorpacha, infheistíocht san earnáil phríobháideach agus cómhaoiniú pobail. Aithnítear, cé go bhféadfadh glaonna nua maoinithe spriocdhírithe ar ghníomhú ar son na haeráide a bheith ar fáil amach anseo, go dtabharfaidh comhlachtaí maoinithe atá bunaithe cheana féin leibhéal na sruthanna cistiúcháin isteach nó go méadóidh siad leibhéal na sruthanna cistiúcháin do chatagóirí atá dírithe ar ghníomhú ar son na haeráide. Leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall ar aghaidh ag tabhairt faoi dheiseanna maoinithe nua agus reatha ó chomhlachtaí Eorpacha agus Náisiúnta araon atá ailínithe lena cuspóirí gníomhaithe ar son na haeráide.

Tá comhpháirtíochtaí ina bpríomh-chomhábhar fosta chun réitigh ísealcharbóin a bhaint amach don earnáil. Tá ról ag an earnáil phríobháideach cheana féin chun an Cuspóir Aeráide Náisiúnta a bhaint amach agus is féidir leis an chineál sin comhoibrithe feabhas breise a chur ar chumais na hearnála maidir le laghduithe 51% ar gháis cheaptha teasa na hÉireann a bhaint amach faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de tráth nach moille ná 2050. Tá buntáistí ann fosta don earnáil rialtais áitiúil i gcomhpháirtíocht leis an earnáil Tríú Leibhéal. Is féidir leis an earnáil Tríú Leibhéal saineolas taighde agus forbartha a chur ar fáil chun cuidiú le húdaráis áitiúla agus réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun oiriúnú don athrú aeráide. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí sin cuidiú le húdaráis áitiúla rochtain a fháil ar dheiseanna cistiúcháin do thionscadail agus do thionscnaimh ghníomhaithe ar son na haeráide. Spreagfaidh agus éascóidh Comhairle Contae Dhún na nGall comhoibriú leis an earnáil phríobháideach agus leis an earnáil Tríú Leibhéal nuair is féidir.

## 5.3 Dul Chun Cinn a Rianú agus a Thuairisciú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta

Spreag beartas neartaithe gníomhaithe ar son na haeráide ar an leibhéal náisiúnta freagairt agus tiomantas diongbháilte ón rialtas áitiúil, mar earnáil. Tá an tiomantas sin leagtha amach i straitéis fhoilsithe an Chumainn Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA) thar ceann an rialtais áitiúil dar teideal Gníomhu Éifeachtach ar son na hAeráide a Chur i gCrích 20301 (DECA 2021). Príomh-bhreithniú don earnáil rialtais áitiúil ar an ról neartaithe seo maidir le gníomhú ar son na haeráide is ea cuntasacht, agus go háirithe an cumas rianú, tomhas agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sheachadadh ar leibhéal na n-údarás áitiúil agus ar leibhéal earnála araon.

Tá ar a laghad aon táscaire feidhmíochta bainteach amháin luaite le gach uile ghníomh sa CAP. Cuid lárnach iad na KPIanna den mhonatóireacht ar dhul chun cinn agus déanfar iad a rianú ar feadh shaol an Phlean go léir agus gníomhaíochtaí gcur chun cinn agus i bhfeidhm.

Déanfar forbairt ar Chóras Tuairiscithe Gníomhaithe ar son na hAeráide inmheánach, a cheapfaidh sonraí idir cháilíochtúil agus chainníochtúil nuair is féidir, a chuirfidh ar chumas ranna agus rannóga tuairisciú a dhéanamh le hais na ngníomhaíochtaí a bhfuil siad i gceannas orthu. An Fhoireann Ghníomhaithe Aeráide a bheidh i gceannas ar an chóras tuairiscithe agus cuirfidh an fhoireann gach eolas a bhaileofar i gceann a chéile le haghaidh measúnaithe agus tuairiscithe.

Déanfar tuairisciú faoi dhul chun cinn don Fhoireann Ard-Bhainistíochta agus SPC agus déanfar athbhreithniú air sin ar bhonn ráithiúil, agus beidh moltaí ón Choiste Monatóireachta Gníomhaithe Aeráide (Féach Gníomh GL 2.3) a thacóidh leis an dul chun cinn. Ar bhonn bliantúil cuirfear eolas faoin dul chun cinn ar fáil d'oifigigh thofa na Comhairle. Anuas air sin, nuair is ábhartha, déanfar tuairisciú trí na modhanna éagsúla atá ar fáil don chomhairle, mar shampla an Tuarascáil Mhíosúil Bainistíochta, SPCanna, suíomh gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall agus na meáin shóisialta chun cur leis an trédhearcacht agus chun an comhoibriú a chothú.

Beidh aird ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar thorthaí 'Climate Change in the Irish Mind' GCC nuair a bheifear ag rianú an dul chun cinn.

Déanann Comhairle Contae Dhún na nGall tuairisciú ar bhonn bliantúil faoi na téamaí thíos leis an Ghníomhaireacht um Bhainistiú Rialtais Áitiúil (LGMA)

- Acmhainní um Ghníomhú ar son na hAeráide;
- Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide d'fhoireann na n-údarás áitiúil agus do bhaill thofa;
- Gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích;
- Tacaíocht fiontraíochta i réimse na gníomhaíochta ar son na haeráide;
- Éifeachtúlacht fuinnimh;
- Laghduithe ar astaíochtaí;
- Bearta taisteal gníomhach; agus
- Freagairt i leith adhaimsire.

Leanfar le feidhmíocht Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir le seachadadh éifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaineann le bonneagar agus sócmhainní na Comhairle, mar atá forordaithe in oibleagáidí aeráide náisiúnta, a rianú tríd an chóras bunaithe Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) arna bhainistiú ag Údarás Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ).

Tacóidh Comhairle Contae Dhún na nGall le gníomhaireachtaí idir náisiúnta agus réigiúnacha trína chinntiú go mbeidh a gcuid socruithe agus gréasán tuairiscithe ag feidhmiú mar is cóir. Déanfaidh CCDG amhlaidh maidir leis an mhonatóireacht a bhfuilimid féin lánfhreagrach aisti. Dá réir sin beidh lucht déanta cinntí ábalta úsáid a bhaint as sonraí a fhaightear ón mhonatóireacht, ar nós foirne pleanála éigeandála Údarás Áitiúil, nó foirne réamhfhaisnéise tuilte Met Éireann, foirne réamhfhaisnéise truaillithe aeir GCC, etc, faoi réir ag comhaontuithe comhroinnte sonraí.

Táthar ag déanamh go gcruthóidh CARO agus LGMA meicníocht náisiúnta le haghaidh tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide agus dá réir sin geallann Comhairle Contae Dhún na nGall go ndéanfar tuairisciú ar an dul chun cinn de réir na riachtanas tuairiscithe.

## 5.4 Cúnant na Méaraí

Síntiúsóir í Comhairle Contae Dhún na nGall le Cúnant na Méaraí don Aeráid agus Fuinneamh agus mar sin geallann sí go gcomhlíonfar agus go ndéanfar monatóireacht ar Phlean Gnímh don Fhuinneamh Inbhuanaithe agus don Ghníomhú ar son na hAeráide (SECAP).

## 5.5 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

D'aithin Plean Feidhmithe Náisiúnta na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) 2018-2020 go bhfuil ról barrthábhachtach ag an rialtas áitiúil maidir le beartais náisiúnta a aistriú ina ngníomhaíochtaí praiticiúla fíora a d'fhéadfadh cabhrú le cuspóirí na SFIanna a dhaingniú in iompar agus i gcuspóirí daoine agus pobal. Sa dara Plean Feidhmithe Náisiúnta na



Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ag Éirinn 2022-2024, tá i gceist tógáil ar ról an rialtais áitiúil in Éirinn agus ionchorpraítear sainghníomhaíochtaí chun sin a dhéanamh, mar atá:

i. Tionscnaimh reatha a léiriú, a roinnt agus tógáil orthu

ii. Tógáil acmhainne agus ardú feasachta

iii. Na SFIanna a neadú i gcreata Rialachais agus tuairiscithe

iv. SFIanna a ionchorprú i gcreata pleanála áitiúla

v. Rannpháirtíocht an Phobail

Anuas air sin, aithítear údaráis áitiúla mar cheann de na naoi 'Mór-Ghrúpa' in Agenda 2030, a mbeidh ról barrthábhachtach acu san fhorbairt inbhuanaithe agus aibhsíonn Agenda 2030 chomh maith ról na n-údarás áitiúil agus na bpobal maidir leis an fhorbairt uirbeach inbhuanaithe.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair leis na SFIanna a chur chun cinn mar seo a leanas:

- SFIanna a ionchorprú ina bPleananna Forbartha Corparáideacha agus Contae agus
- Gníomhaíochtaí sa CAP seo a chur i gcomhréir le SFIanna.





Comhairle Contae Dhún na nGall
GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE
CLIMATE ACTION
Donegal County Council



6

# GLUAIS, GIORRÚCHÁIN & TAGAIRTÍ

# GLUAIS

| TÉARMA | CUR SÍOS |
|---|---|
| **Fardal Bonnlíne Astaíochtaí(BEI)** | Suim agus catagóiriú iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a comhairíodh i do chathair in aon bhliain ar bith. Is le hais na bliana seo a dhéanfar an dul chun cinn amach anseo a thomhas. |
| **Bliain bonnlíne** | Seo an bhliain a ndearnadh an BEI a chuntas, a ndéanfar comparáid idir í agus an dul chun cinn maidir le laghdú na n-astaíochtaí. |
| **Bithéagsúlacht** | Éagsúlacht bheatha ainmhithe agus phlandaí ar domhan nó i ngnáthóg faoi leith, a mbítear ag dúil go mbeidh cuid mhór di ann, ho hiondúil. |
| **Oiriúnúchán Aeráide** | Próiseas athraithe i ngeall ar an aeráid atá ann nó a bhfuil súil léi teacht, agus a tionchar siúd le gur lú an dochar a bheidh ann nó chun buntáiste a bhreith ar dheiseanna. |
| **Guais aeráide** | Imeachtaí adhaimsire nó tubaistí nadúrtha arb iad fachtóirí aeráide is bunchúis leo. Thig leo dochar a dhéanamh do shláinte an duine, slite beatha nó acmhainní nadúrtha. |
| **Maolúchán aeráide** | Próiseas laghdaithe an athraithe aeráide trí laghdú a dhéanamh ar imeacht gás ceaptha teasa isteach san atmaisféar bíodh sin trí fhoinsí an gháis a laghdú nó cur leis na taiscumair a bhailíonn agus a stórálann an gás. |
| **Neodracht aeráide** | Astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach trí chothromaíocht a dhéanamh eatharthu sa dóigh 's gur lú nó gur cothrom iad leis na hastaíochtaí a bhaintear i ngeall ar ionsúiteacht nadúrtha an phláinéid. Leis an ghníomhú ar son na haeráide a dhéanfaí an laghdú seo ar astaíochtaí. |
| **Measúnú Riosca Aeráide** | Próiseas chun sainaithint agus luacháil a dhéanamh ar thionchair a d'fhéadfadh bheith ag an athrú aeráide ar earnálacha agus gníomhaíochtaí éagsúla. |
| **Crios Dícharbónaithe** | Achar spáis sainaitheanta ag an údarás áitiúil. Achar é inar féidir réimse beartas maolúcháin aeráide a chur ar siúl le chéile, chun riar ar riachtanais fuinnimh ísealcharbóin na háite, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus riachtanais aeráide. |
| **Bunaithe ar Fhianaise** | Cur chuige a leagann béim ar chur i bhfeidhm praiticiúil na dtorthaí ó scoth an taighde reatha. |
| **Imeachtaí adhaimsire** | Am agus áit ina mbíonn an aimsir, an aeráide nó dála timpeallachta ar luach nach bhfuil i bhfad ó thairseach uachtair nó íochtair imeachtaí stairiúla. |
| **Astaíochtaí gás ceaptha teasa** | Déanann Gáis Cheaptha Teasa (GCTanna) ceapadh ar fhuinneamh na gréine agus coisceann é ó imeacht ar ais amach sa spás, rud a chruthaíonn éifeacht an 'tí gloine'. Is iad gal uisce (H20), dé-ocsaíd charbóin (CO2), meatán (CH4), ocsaíd nítriúil (N20), hidreafluaracarbóin (HFC), sarfhluaracarbóin (PFC) agus heicseafluairíd charbóin (SF6). Cuireann astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí an duine dlús le héifeacht an tí gloine, rud a chuireann leis an athrú aeráide. |
| **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil (PGAUA)** | Pleananna a chuideoidh le húdaráis áitiúla aghaidh a thabhairt ar bhealach comhtháite ar mhaolúchán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus oiriúnúchán aeráide. Faoin Acht um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, tá de cheangal ar gach aon údarás áitiúil plean gníomhaithe ar son na haeráide do cheantar riaracháin an údaráis áitiúil sin. Ach é bheith faofa ag comhairlí áitiúla, beidh feidhm ag an phlean go ceann cúig bliana agus ní mór a nuashonrú ar a laghad uair gach cúig bliana. |
| **Comhaontú Pháras** | Conradh idirnáisiúnta, a bhfuil feidhm dhlíthiúil leis, faoin athrú aeráide a comhaontaíodh in 2015 ag COP21 an UNFCC. |

# GIORRÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| ACRES | Scéim Timpeallachta Aeráide Talmhaíochta |
| ASBN | Cósta Thuaidh an Atlantaigh |
| ATU | Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh |
| BEI | Fardal Bonnlíne Astaíochtaí |
| CARO | Oifig Réigiúnach Gníomhaithe Aeráide |
| CCDG | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| CCMA | Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach |
| CCRA | Measúnú Riosca Athraithe Aeráide |
| CD | Crios Dícharbónaithe |
| CFERM | Bainistiú Riosca Creimeadh Cósta agus Tuile |
| CO2 | Dé-Ocsaíd Charbóin |
| COP21 | Comhdháil Páirtithe 21 |
| CPG | Grúpa Beartais Chorparáidigh |
| DECA 2030 | Gníomhú Éifeachtach Aeráide a sheachadadh 2030 |
| DLDC | Comhlacht Forbartha Áitiúla Dhún na nGall |
| EMP | Máistir-Phlean Fuinnimh |
| ENMS | Córas Bainistithe Fuinnimh |
| EPA | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| EV | Feithicil Leictreach |
| FBM | Fiontraíochtaí Beaga agus Mean-Mhéide |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| GCC | Gníomhaireacht Chosanta Comhshaoil |
| GCT | Gáis Ceaptha Teasa |
| GPP | Soláthar Poiblí Glas |

| | |
|---|---|
| GWP | Féidearthacht Téamh Domhanda |
| GWS | Scéim Uisce Grúpa |
| IDP | Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain |
| IPCC | Painéal Idir-Rialtasach faoin Athrú Aeráide |
| KPI | Táscairí Feidhmíochta |
| kWh | Cileavata san uair |
| LAWPRO | Clár Uisce Údarás Áitiúil |
| LCDC | Coistí Forbartha Pobail Áitiúla |
| LECP | Plean Eacnamúil agus Pobail Áitiúil |
| LEO | Oifig Fiontraíochta Áitiúil |
| LGMA | Gníomhaireacht Bainistithe Rialtais Áitiúil |
| LPG | Gás Peitriliam Ieachtach |
| LULUCF | Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún & Foraoiseacht |
| MARWP | Clár Uisce Tuaithe Ilbhliana |
| MD | Ceantar Bárdasach |
| NAF | Creat Náisiúnta Oiriúnúcháin |
| NBS | Réitigh bunaithe ar nádúr |
| NPWS | Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| NTA | Údarás Náisiúnta Iompair |
| NWCAF | Creat Gníomhaithe Aeráide an Iar-Thuaiscirt |
| NWREA | Gníomhaireacht Fuinnimh Réigiúnach an Iar-Thuaiscirt |
| NZEB | Foirgneamh chóir a bheith nialasach ó thaobh fuinnimh |
| OGP | Oifig Soláthair an Rialtais |
| OPW | Oifig na nOibreacha Poiblí |

| | |
|---|---|
| PGAUA | Plean Gníomhaithe Aeráide Údaráis Áitiúil |
| PGA | Plean Gnímh Aeráide |
| PLEEP | Tionscadal Éifeachta Fuinnimh Soilse Poiblí |
| PPN | Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| PV | Fótavoltach |
| RCAC | Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| RFF | Rátáil Fuinnimh Foirgnimh |
| RMO | Oifig Bhainistithe Bóithre |
| RRDF | Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe |
| RTRAO | Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| SDGs | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
| SEAI | Gníomhaireachta Fuinnimh Inbhuanaithe Éireann |
| SEC's | Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe |
| SECAP | Plean Fuinnimh Inbhuanaithe agus Gníomhaithe ar son na hAeráide |
| SMT | Foireann Ardbhainistíochta |
| SPC | Coiste Beartais Straitéisigh |
| SUDS | Córais Draenála Inbhuanaithe |
| TEN -T | Líonra Iompair Tras-Eorpach |
| UE | Uisce Éireann |
| UFW | Uisce gan Tuairisc |
| UNFCCC | Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide |
| WERLA | Údarás Ceannasach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola |
| ZEB | Foirgneamh Nialasach ó thaobh astaíochtaí de |

# TAGAIRTÍ


1. **Fardal Bonnlíne Astaíochtaí, 2019 – Dún na nGall, ar fáil ag:**
   https://www.donegalcoco.ie/services/environment/climateaction

2. **KPMG, Measúnú Riosca Athrú Aeráide, Comhairle Contae Dhún nan Gall, 2023, ar fáil ag:**
   https://www.donegalcoco.ie/services/environment/climateaction

3. **Creat Pleanála Náisiúnta, ar fáil ag:**
   https://www.npf.ie/

4. **Nolan and Flanagan (2020), ar fáil ag:**
   https://www.epa.ie/publications/research/climate-change/research-339-high-resolution-climate-projections-for-ireland-.php

5. **Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamúil, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthuaiscirt, ar fáil ag:**
   https://www.nwra.ie/rses/

6. **Acht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, ar fáil ag:**
   https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/act/32/enacted/en/html

7. **Painéal Idir-Rialtasach um Athrú Aeráide (IPCC), an Séú Tuarascáil ar Mheasúnú, ar fáil ag:**
   https://www.ipcc.ch/assessment-report/ar6/

8. **Tuairisc ar Stádas Aeráide na hÉireann, ar fáil ag:**
   https://www.epa.ie/publications/research/climate-change/Research_Report_386.pdf

9. **Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (UNFCCC), ar fáil ag:**
   https://unfccc.int/

10. **Comhdháil na bPáirtithe 21 (COP21), ar fáil ag:**
    https://unfccc.int/process/bodies/supreme-bodies/conference-of-the-parties-cop

11. **Comhaontú Pháras 2015, ar fáil ag:**
    https://unfccc.int/files/essential_background/convention/application/pdf/english_paris_agreement.pdf

12. **2030 Clár don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar fáil ag:**
    https://sdgs.un.org/2030agenda

13. **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), ar fáil ag:**
    https://sdgs.un.org/goals

14. **Margadh Glas na hEorpa, ar fáil ag:**
    https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en

15. **Dlí Aeráide na hEorpa, ar fáil ag:**
    https://climate.ec.europa.eu/eu-action/european-climate-law_en

16. **Plean Gnímh ar son na hAeráide 2023, ar fáil ag:**
    https://www.gov.ie/en/publication/7bd8c-climate-action-plan-2023/

17. **Creat Náisiúnta Oiriúnúcháin (NAF), ar fáil ag:**
    https://www.gov.ie/en/publication/fbe331-national-adaptation-framework/

18. **Straitéis Fhadtéarmach faoi laghdú astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa, ar fáil ag:**
    https://www.gov.ie/en/publication/e4e81-long-term-strategy-on-greenhouse-gas-emissions-reductions/

19. **Pleananna Oiriúnúcháin Aeráide Earnála, ar fáil ag:**
    https://www.gov.ie/en/collection/51df3-sectoral-adaptation-planning/

20. **Cairt um Ghníomhú Aeráide na nÚdarás Áitiúil, ar fáil ag:**
    https://www.gov.ie/en/publication/d914a-local-authority-climate-action-charter/

21. **Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a sheachadadh 2030 (DECA 2030), ar fáil ag:**
    https://www.lgma.ie/en/publications/local-authority-sector-reports/delivering-effective-climate-action-2030.pdf

22. **Treoirlínte Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil, ar fáil ag:**
    https://www.gov.ie/en/publication/f5d51-guidelines-for-local-authority-climate-action-plans

23. **European Communities (Environmental Assessment of Certain Plans and Programmes) Regulations 2004 (S.I. 435 of 2004 as amended by S.I. 200 of 2011), ar fáil ag:**
    https://www.irishstatutebook.ie/eli/2004/si/435/made/en/print

24. **Treoir um Ghnáthóg an AE (92/43/EEC), ar fáil ag:**
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01992L0043-20130701

25. **Treoir um Éin an AE (79/409/EEC) ar fáil ag:**
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:31979L0409&qid=1694707547754

26. **Bunachar sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe SEAI, ar fáil ag:**
Annual Report (seai.ie)

27. **Creat M&R Fuinnimh Earnála Poiblí SEAI, ar fáil ag:**
https://www.seai.ie/business-and-public-sector/public-sector/monitoring-and-reporting/supports/MR-2030- methodology-guidance.pdf

28. **Clár Rialtais, ar fáil ag:**
https://assets.gov.ie/130911/fe93e24e-dfe0-40ff-9934-def2b44b7b52.pdf

29. **Lár-Oifig Staidrimh (CSO) (2006). Daonáireamh 2006, ar fáil ag:**
https://www.cso.ie/en/census/census2006reports/

30. **Lár-Oifig Staidrimh (CSO) (2011). Daonáireamh 2011, ar fáil ag:**
https://www.cso.ie/en/census/census2011reports/

31. **Lár-Oifig Staidrimh (CSO) (2016). Daonáireamh 2016, ar fáil ag:**
https://www.cso.ie/en/census/census2016reports/

32. **Lár-Oifig Staidrimh (CSO) (2022). Daonáireamh 2022, ar fáil ag:**
https://www.cso.ie/en/statistics/population/censusofpopulation2022/

33. **Journal of Spatial Planning in Ireland, Murphy, 2016, ar fáil ag:**
https://scholar.google.com/scholar?q=Journal+of+Spatial+Planning+in+Ireland+Murphy+2016&hl=en&as_sdt=0&as_vis=1&oi=scholart

34. **Plean Feidhmithe Náisiúnta do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2018 – 2020, ar fáil ag:**
https://sdgtoolkit.org/tool/the-sustainable-development-goals-national-implementation-plan-2018-2020/

35. **Plean Feidhmithe Náisiúnta do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022 – 2024, ar fáil ag:**
https://www.gov.ie/en/publication/e950f-national-implementation-plan-for-the-sustainable-development-goals-2022-2024/

36. **Transforming our World: the 2030 Agenda for Sustainable Development, ar fáil ag:**
https://sdgs.un.org/2030agenda

37. **Cúnant Méarachaí don Aeráid agus Fuinneamh, ar fáil ag:**
https://eu-mayors.ec.europa.eu/en/home

38. **Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018 – 2024, ar fáil ag:**
https://www.donegalcoco.ie/services/planning/developmentplansbuiltheritageincludinggrants/county%20donegal%20development%20plan%202018-2024/

39. **Dréachphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024 – 2030, ar fáil ag:**
https://www.donegaldevplan.ie/

40. **Treoir SEA (Treoir 2001/42/EC), ar fáil ag:**
https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/sea-legislation-/

41. **Rialacháin Comhphobal Eorpach (Measúnú Timpeallachta ar Phleananna agus Cláir Áirithe) 2004 (S.I. No. 435 of 2004), ar fáil ag:**
https://www.irishstatutebook.ie/eli/2004/si/435/made/en/print

42. **Beartas Soghluaiseachta Inbhuanaithe Náisiúnta, ar fáil ag:**
https://www.gov.ie/en/publication/848df-national-sustainable-mobility-policy/

43. **Plean Soghluaiseachta Tuaithe Náisiúnta Nasc Éireann, ar fáil ag:**
https://www.nationaltransport.ie/connecting-ireland/

44. **Plean Pailneoirí Uile-Éireann ar fáil ag:**
https://pollinators.ie/

45. **Creat Pleanála Muirí Náisiúnta, ar fáil ag:**
https://www.gov.ie/en/publication/60e57-national-marine-planning-framework/

46. **Tionscadal Éireann 2040, ar fáil ag:**
https://www.gov.ie/en/campaigns/09022006-project-ireland-2040/

47. **Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach, ar fáil ag:**
https://www.gov.ie/en/publication/4221c-waste-action-plan-for-a-circular-economy/

48. **Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamúil, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthuaiscirt, ar fáil ag:**
https://www.nwra.ie

49. **MapÉire: Tionscadal Mapála Náisiúnta na bhFoinsí Astaithe Gás Ceaptha Teasa agus Gás Neamh-Cheaptha Teasa (Tuarascáil Taighde GCC Uimh. 317)**
https://www.epa.ie/publications/research/air/Research_Report_317.pdf

## Nótaí

**Tá leagan digiteach den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ar fáil ach an Cód QR a scanadh nó dul chuig:**
www.donegalcoco.ie/services/environment/climateaction